

Tuarascáil Bhliantúil Feidhmíochta Tarchuir Leictreachais 2024



NETWORKS

Clár Ábhar

1.	Fáilte	4
2.	Cad é an córas tarchurtha leictreachais?	9
3.	An chaoi a bpleanaálaimid, a seachadaimid agus a n-úsáidimid an líonra	12
4.	Maitrís achoimre ar phríomhfheidhmíocht	16
5.	An chaoi ar éirigh linn in aghaidh dreasachtaí seachtachta tarchurtha	24
6.	An chaoi ar fheidhmigh EirGrid i gcoinne dreasachtaí straitéiseacha	47
7.	An chaoi a mbainistíonn EirGrid feidhmíocht córais	52
8.	Forbairt Idirnascaire	57
9.	An chaoi a gcinntíonn muid athléimneacht líonra	60
10.	An chaoi a mbainistíonn EirGrid sriantacht gréasáin	66
11.	An chaoi a mbainistíonn EirGrid costais sriantachta	72
12.	An chaoi a n-íslaghdaítear tionchar airgeadais na ngailtleanas tarchuir ar thomhaltóirí	78
13.	An chaoi a dtacaíonn EirGrid le hoibríochtaí margaidh	84
14.	Conas a bhainistímid ceangal nua	88
15.	Nuálaíocht	97
16.	Feidhmíocht EirGrid i gcoibhneas le OCTanna comparadóra go hidrináisiúnta	101
17.	Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara	113
18.	An chaoi a ndéanaimid faireachán ar chaiteachas i gcoinne liúntais AP5	123
19.	Conas a chinntímid sábháilteacht	132
20.	Conas a bhainistímid ár lorg comhshaoil	140
21.	Acrainmneacha	148



Tá EirGrid, ina ról mar Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT), freagrach as cothabháil agus forbairt a oibriú agus a chinntiú maidir le córas tarchurtha leictreachais atá sábháilte, slán agus iontaofa, anois agus amach anseo. Chun é sin a bhaint amach, leanann EirGrid ar aghaidh ag forbairt, ag bainistiú agus ag oibriú na heangaí tarchurtha leictreachais. I mí na Nollag 2021, ainmníodh EirGrid mar OCT agus Úinéir Sócmhainní na hEangaí Leictreachas Amach ón gCósta.

Is é BSL Úinéir na Sócmhainne Tarchurtha (ÚST) agus déanann a aonad gnó Líonraí BSL na feidhmeanna ceadúnaithe ÚST ar talamh. Tá Líonraí BSL freagrach as dearadh mionsonraithe, tógáil agus cothabháil an ghréasáin tarchurtha ar talamh a sheachadadh, i gcomhréir le plean forbartha OCT.

Oibrímid go dlúth lena chéile le cinntiú go gcuirtear gach céim in oibriú, i gcothabháil, i bhforbairt agus i dtógáil bonneagair eangaí i gcrích ar an mbealach is sábháilte, is sláine, is éifeachtúla agus is cost-éifeachtúla agus is féidir.

1. Fáilte

[Fáilte](#)

Fáilte go dtí an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht Tarchurtha Leictreachais de chuid EirGrid agus Líonraí BSL. Tá sé d'aidhm ag an tuarascáil seo tuairisciú soiléir agus inrochtana a chur ar fáil do chustaiméirí, don tionscal agus do pháirtithe leasmhara maidir lenár n-oibriú, forbairt agus cothabháil an chórais tarchurtha i rith 2024.

Ba é 2024 an ceathrú bliain d'Athbhreithniú Praghsanna a Cúig (AP5). Tá cinneadh an Choimisiúin um Rialáil Fónais (CRU) maidir le hioncam EirGrid agus Líonraí BSL idir 2021 agus 2025 i gCinneadh AP5. Tá na gníomhaíochtaí agus na torthaí in 2024 ag teacht le cuspóirí agus uailmhian Chinneadh AP5¹ arna leagan amach ag CRU i dtaca le seachadadh eangaí, dícharbónú agus daingneacht áitiúil an tsoláthair agus tá éifeachtúlacht costais agus creat rialála a thacaíonn le seachadadh luacha do chustaiméirí mar bhonn leis.

Tá EirGrid agus Líonraí BSL go hiomlán tiomanta do AP5 a sheachadadh go rathúil. Tá méadú bliain i ndiaidh bliana tagtha ar sheachadadh bliantúil infheistíochta caipitil i dtionscadail tarchurtha, rud a fhágann go bhfuil dul chun cinn seasta á dhéanamh i dtreo sheachadadh foriomlán chlár oibre AP5².

I mí Dheireadh Fómhair 2024, chuir EirGrid agus Líonraí BSL a dtogra maidir le hAthbhreithniú Praghsanna a Sé (AP6) faoi bhráid CRU don tréimhse 2026 go 2030, lena n-áirítear athbhreithniú siar ar AP5 agus réamhaisnéisí feidhmíochta nuashonraithe. Léirigh an aighneacht an-dul chun cinn, agus sáraíodh príomhspríocanna seachadta maidir le Ceaduithe Caipitil (CAnna) agus Comhaontuithe Tionscadail (PAnna) roimh dheireadh na tréimhse. De réir mar a bhíonn EirGrid agus Líonraí BSL ag ullmhú don aistriú go AP6, leantar de bheith ag díriú ar luasghéarú a dhéanamh ar sheachadadh tionscadal.

Áirítear leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP³) sprioc náisiúnta suas le 80% dár nginiúint leictreachais a sheachadadh ó fhoinsí in-athnuaite, agus 9GW de sin le giniúint ag gaoth ón bhfarraige, 8GW le giniúint ón ngrian agus 5GW ar a laghad de ghiniúint leictreachais ag teacht ó ghaoth amach ón gcósta, faoi 2030. Déantar an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a nuashonrú gach bliain le gníomhartha nua chun na sonraí is déanaí a chur san áireamh, agus tacaíonn EirGrid agus Líonraí BSL go mór leis an bhfís seo do thodhchaí na hÉireann. B'ionann giniúint in-athnuaite agus 40%⁴ den leictreachas go léir a úsáideadh in Éirinn in 2024.

1 [Athbhreithniú Praghsanna 5](#)

2 Féach Dréacht-Tuarascáil faoi Phleanáil agus Seachadadh Infheistíochta 2024 le haghaidh tuilleadh sonraí faoi dhul chun cinn tionscadal Caipitil in 2024.

3 [Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024](#)

4 [Córas EirGrid agus Tuarascálacha In-athnuaite](#)

Lean EirGrid agus Líonraí BSL lena n-iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna maidir le daingneacht an tsoláthair i rith 2024, agus iad ag obair i gcomhar le páirtithe leasmhara tábhachtacha. Mar chuid de Chlár Daingneachta an tSoláthair Leictreachais CRU, oibríonn EirGrid go dlúth le CRU agus leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE⁵) chun cur chuige comhordaithe a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála an tsoláthair in Éirinn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Le linn 2021 agus 2022, threoraigh CRU EirGrid chun thart ar 750MW de Ghiniúint Éigeandála Shealadach (TEG) a dhaingniú. Sa bhliain 2024, cuireadh tionscadail TEG i bhfeidhm a raibh acmhainn thart ar 462MW acu. Tacaíodh leis sin le 64MW breise d'acmhainn ó fhorbairtí FlexGen, ar féidir leo ábaltachtaí freagartha tapa a sholáthar chun tacú le hathruithe tobanna san éileamh ar leictreachas. Lean EirGrid agus Líonraí BSL orthu de bheith ag forbairt agus ag nuashonrú pleananna cumarsáide éigeandála chun freagairt do shaincheisteanna féideartha maidir le daingneacht an tsoláthair in 2024.

Rinne Treochlár 1.1, Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (TLM) de chuid EirGrid⁶, a foilsíodh i mí Iúil 2023, forbairt ar TLM 1.0 chun uailmhianta leictreachais nuashonraithe an rialtais maidir le 80% leictreachas in-athnuaite faoi 2030 agus tuilleadh soiléirithe ar theorainneacha astaíochtaí carbóin earnálacha mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 a chur san áireamh. In 2024, leanadh leis an bpleanáil do riachtanais líonra amach anseo le foilsiú Chásanna Fuinnimh an Lae Amárach 2023⁷. Breithníonn an tuarascáil seo an chaoi a bhféadfadh éileamh agus giniúint leictreachais athrú idir 2035 agus 2050.

I dtaca le gaoth amach ón gcósta, lean EirGrid de bheith ag obair ar chlár um Bainistiú Feasa & Faisnéise, Trádstóráil, Sláinte & Sábháilteacht agus Dlí i rith 2024. Lean EirGrid leis na hullmhúcháin chun suirbhéanna mara a dhéanamh laistigh den limistéar atá molta do Chlár Chósta Theas Chéim 2 Amach ón gCósta. Cuireadh an t-iarratas ar Cheadúnas Úsáide Muirí faoi bhráid Údarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA) i mí na Samhna 2024 chun tabhairt faoi na suirbhéanna mara sin i rith an tSamhraidh in 2025. D'fhorbair EirGrid teimpléad nua de chonarthaí nasctha amach ón gcósta freisin agus rinne siad comhairliúchán poiblí i bhfómhar na bliana 2024 air sin.

⁵ Ar a dtugtaí an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) roimhe seo

⁶ [Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú](#)

⁷ [Cásanna Fuinnimh an Lae Amárach 2023](#)

Foilsíodh Straitéis Líonraí BSL ‘Networks for Net Zero’⁸ i mí Eanáir 2023 inar leagadh amach ról Líonraí BSL maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais a chur i gcrích. Leagtar amach sa Straitéis na gníomhartha atá á ndéanamh ag Líonraí BSL chun an líonra leictreachais tarchurtha a sheachadadh do thodhchaí leictreachais ghlan na hÉireann. Tá comhar agus comhoibriú idir Líonraí BSL agus EirGrid riachtanach chun an Straitéis a chur i gcrích agus leanadh leis in 2024 i réimsí amhail comhoibriú digiteach agus bainistíocht ar éaradh seirbhíse, trí thionscnaimh amhail an Clár Comhpháirteach um Chlaochlú ar Éaradh Seirbhíse (JOTP).

Bhí forbairtí móra i seachadadh bonneagair in 2024, agus dheimhnigh EirGrid an Rogha Bealaigh is Fearr Feidhmíocht (BPRO) i mí Eanáir 2024 le haghaidh trí thionscadal a bhaineann le príomhchábalaí 220 kV ionaid: Carraig Mhaighin go dtí an Poll Beag, Fionnghlas go dtí an Port Thuaidh, agus an Port Thuaidh go dtí an Poll Beag. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le dhá thionscadal treisithe eangaí, Fine Gall – an Mhí Thoir agus Cill Dara – Baile Átha Cliath, atá suite i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, le linn 2024. Leanadh leis an dul chun cinn i rannpháirtíocht le pobail áitiúla agus le páirtithe leasmhara in 2024 trí thionscnaimh amhail na Seónna Bóthair do Shaoránaigh Fuinnimh agus scéimeanna Leasa Pobail⁹.

Buaicphointe ar leith in 2024 ab ea an feabhas a tháinig ar sheachadadh Chlár an Éartha Seirbhíse Tarchurtha (TOP) i gcomparáid le blianta roimhe sin, a mhéadaigh ó 84% in 2023 go 88% in 2024, rud a sháraigh na spriocanna feidhmíochta méadaithe a leag CRU amach i [CRU202405](#).

Ina theannta sin, cuireadh fuinneamh ar fáil don Idirnascaire Greenlink in 2024 trí chomhoibriú dlúth, agus a nasc á éascú ag OCT agus an bonneagar líonra tarchurtha riachtanach á sheachadadh ag ÚST. Is tionscadal straitéiseach mór é sin, a nascann córais leictreachais na hÉireann agus na Breataine Móire trí chábala fomhuirí agus is é an tríú hidirnascaire é a cuireadh i gcrích idir Éire agus an Ríocht Aontaithe. Cuireann an t-idirnascaire toilleadh 504 MW ar fáil, lena méadaítear ar sheasmhacht agus éifeachtúlacht eangach tharchurtha na hÉireann.

Lean tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh de bheith ag dul chun cinn freisin i rith 2024 agus críochnaíodh cuid mhór de na hoibreacha sibhialta ag Stáisiún Tiontaire i mBaile Adaim agus rinneadh dul chun cinn mór ar chábalaí ón bhfarraige a sheoladh freisin.

8 [Straitéis Líonraí BSL: Networks for Net Zero](#)

9 [Draft 2024 Stakeholder Engagement Report.pdf](#)

Tá comhoibriú idir Líonraí BSL agus EirGrid fós ríthábhachtach chun córas tarchurtha leictreachais slán, iontaofa agus inbhuanaithe a sheachadadh d'Éirinn. Le chéile, oibríonn an dá eagraíocht go dlúth chun an eangach tharchurtha leictreachais náisiúnta a phleanáil, a fhorbairt agus a oibriú, ag cinntiú go bhfuil rochtain ag tithe, gnólachtaí agus pobail ar fud na tíre ar sholáthairtí cumhachta sábháilte agus láidre. Tacaíonn an chomhpháirtíocht seo le comhtháthú fuinnimh in-athnuaite, spreagann sí nuálaíocht i mbonneagar eangaí, agus cuidíonn sí le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann a bhaint amach. Trí chomhordú leanúnach agus tiomantas comhroinnte, leanann Líonraí BSL agus EirGrid de bheith ag éascú todhchaí fuinnimh níos glaine do chách.

Tá súil againn go mbeidh an doiciméad seo úsáideach duit agus táimid ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar leat chun ár bpleananna a fhorbairt tuilleadh. Cuirimid fáilte roimh aon aiseolas maidir leis an bhfaisnéis a leagtar amach sa leabhrán seo agus aon fhaisnéis bhreise ba mhaith leat a bheith curtha le leaganacha amach anseo.

Déan teagmháil linn ag:

esbnetworks@esb.ie

info@eirgrid.com

2. Cad é an
córas tarchurtha
leictreachais?

Cuimsíonn tarchur leictreachais oibriú, pleanáil agus forbairt an líonra ardvoltais in Éirinn, go príomha sócmhainní a oibríonn ag 110 kV, 220 kV nó 400 kV, rud a chinntíonn go bhfuil cothromaíocht idir soláthar agus éileamh ar bhonn nóiméad ar nóiméad.

Bogann an córas tarchurtha cumhacht ar fud na tíre. Déanann sé cumhacht a sholáthar go díreach don tionscadal agus do ghnólachtaí a úsáideann méideanna móra leictreachais agus tugann sé cumhacht don líonra dáileacháin freisin. Soláthraíonn an córas tarchurtha an leictreachas a úsáidtear gach lá sa bhaile, san oifig, ar scoil, san ospidéal agus ar an bhfeirm. Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi ghníomhaíochtaí OCT agus ÚST i seachadadh an líonra tarchurtha, féach ar an tuarascáil Bhliantúil um Phleanáil Seachadta agus Infheistíochta (PSI) 2024 atá foilsithe ar shuíomhanna gréasáin EirGrid agus Líonraí BSL. Ag obair go dlúth le chéile, forbraímid agus tógaimid bonneagar fuinnimh nuair is gá. Trí oibriú agus cothabháil an chórais tarchurtha, cinntímid soláthar leictreachais sábháilte, slán agus iontaofa.


Rialaítear an chaoi a n-oibrímid le chéile ag na ceadúnais OCT agus ÚST arna ndeonú ag CRU agus ag [Comhaontú Bonneagair](#) (IA) ina leagtar amach conas a fhorbraíonn, a chothaíonn agus a oibríonn an dá eagraíocht an córas tarchurtha. Tá sé riachtanach go n-oibreodh socruithe oibre OCT/ÚST go héifeachtach agus is féidir linn a

thuairisciú gur fheidhmigh na socruithe sin go sásúil le linn 2024. D'iarr CRU athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an IA mar ullmhúchán do AP6. Tá gealltanais tugtha ag EirGrid agus Líonraí BSL athbhreithniú an IA a chur chun cinn in 2025.

Tá Cairt Seachadta Bonneagair i bhfeidhm, le struchtúir chomhchoiste a chuireann taca faoi na comhshocruithe oibre idir OCT agus ÚST. Geallann an chairt seo don dá chuideachta leibhéil athnuaite rannpháirtíochta agus chomhpháirtíochta chun freastal ar riachtanais athraitheacha an chustaiméara leictreachais agus na sochaí amach anseo.

Is gnéithe tábhachtacha den chomhoibriú idir OCT/ÚST oibriú Oifig Chomhpháirteach Bainistíochta Clár (JPMO) agus próisis chomhaontaithe eile. Lean EirGrid agus Líonraí BSL de bheith ag oibriú, ag athbhreithniú, ag forbairt agus ag cur nuashonruithe rialta in iúl do phríomhpháirtithe leasmhara maidir leis na socruithe sin i rith 2024. Déanann foirne Chlár Tarchurtha OCT agus ÚST pleanáil le chéile chun an tionscadal go léir a sheachadadh chomh fada le 2030, mar atá leagtar amach i dTreochlár TLM EirGrid agus i straitéis Líonraí BSL “Networks for Net Zero”.

Ba í seo an ceathrú bliain d'oibriú na Comhdhreasachta OCT/ÚST AP5 d'EirGrid agus Líonraí BSL. Tá sonraí faoi thorthaí feidhmíochta na dreasachta seo ar fáil i gCuid 5 den tuarascáil seo ‘An chaoi ar éirigh linn in aghaidh dreasachtaí seachadta tarchurtha’.



Fíor 1: Léarscáil den Chóras Tarchurtha ar fud na hÉireann 2024¹⁰

¹⁰ Tabhair faoi deara go n-áirítear Gréasán Tarchurtha Thuaisceart Éireann chun críocha léirithe amháin sa léarscáil thuas. Tá Gréasán Tarchurtha Thuaisceart Éireann lasmuigh de raon feidhme na tuarascála seo.

3. An chaoi a
bpleanálaimid,
a seachadaimid
agus a n-úsáidimid
an líonra

Úsáideann cur chuige EirGrid maidir le forbairt eangaí próiseas sé chéim a mhíníonn cén fáth agus conas a fhorbraítear an eangach. Níos tábhachtaí fós, míníonn sé freisin conas is féidir leis an bpobal i gcoitinne agus le páirtithe leasmhara tionchar a imirt ar na cinntí a dhéantar. Téann ár dtionscadail uile tríd an bpróiseas seo. Leagtar béim sa Chomhthuarascáil PSI ó EirGrid agus Líonraí BSL, atá ag gabháil leis an tuarascáil seo, ar an obair a rinneadh i ngach céim den phróiseas agus ar dhul chun cinn an tionscadail in 2024.

Ba é 2024 an cúigiú bliain de [Straitéis 2020-25](#) EirGrid, a bhfuil sé d'aidhm aici an córas cumhachta a chlaochlú do na glúnta amach romhainn. Gné lárnach de Straitéis 2020-25 is ea cur chuige sé chéim EirGrid i leith fhorbairt na heangaí. Is é fócas EirGrid a luach a mhéadú do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara agus feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí i bhforbairt na heangaí ag an am céanna.

Le linn 2024, chuaigh EirGrid agus Líonraí BSL i gcomhpháirtíocht le cuid de na cuideachtaí is mó ar domhan, chun poist agus rath a chothú ar fud na tíre. Leanamar de bheith ag uasghrádú agus ag neartú na heangaí tarchurtha nuair a bhí gá leis.

Céim 1

Cén chaoi a ndéanaimid riachtanais na heangaí leictreachais amachanseo a shainaithint?

Céim 2

Cén teicneolaíochtaí is gá chun gur féidir na riachtanais sin a chomhlíonadh?

Céim 3

Cén rogha is fearr agus cén ceantar a ndéanfaí dífear dó?

Céim 4

Cá háit go díreach is ceart dúinn dul i mbun tógála?

Céim 5

an próiseas pleanála

Céim 6

Tógáil, fuinnmhiú agus comhroinnt sochar

Fíor 2: Creat Sé Chéim EirGrid maidir le Forbairt na hEangaí

3.1 Achoimre ar 2024

Sa cheathrú bliain de AP5 rinne OCT agus ÚST an-dul chun cinn i dtéarmaí fhorbairt tionscadal, seachadta, córais agus oibriú margaidh.

In 2024, rinne EirGrid agus Líonraí BSL dul chun cinn ar sheachadadh tionscadal agus fuair 57 tionscadal CA, chuaigh 43 tionscadal ar aghaidh chuig PA (lena n-áirítear tionscadal amháin TEG), agus 22 tionscadal fuinnmhithe (lena n-áirítear cúig thionscadal TEG).

I measc na dtreochtaí tábhachtacha in 2024, nascadh líon mór tionscadail fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear:

- Trí fheirm ghaoithe a sholáthraíonn 266 MW de ghiniúint in-athnuaite¹¹.
- Trí fheirm ghréine a sholáthraíonn 197 MW breise de ghiniúint in-athnuaite¹².
- Críochnaíodh dhá theicneolaíocht nua um Chóras Stórála Fuinnimh Ceallra (BESS) arb ionann iad agus 184 MW san iomlán.
- Bhain ocht dtionscadal in-athnuaite dhéag (1,369 MW) agus dhá thionscadal BESS (90 MW) CA amach in 2024.

Léirítear i bhFíor 3 líon na nasc in-athnuaite agus na dteicneolaíochtaí tacaíochta a cuireadh leis an gcóras tarchurtha in 2024.

Leagtar amach tuilleadh sonraí maidir le forbairt agus seachadadh bonneagair tarchurtha inár dTuarascáil Bhliantúil PSI 2024.

¹¹ Áirítear leis an bhfigiúr seo nasc sealadach Fheirm Ghaoithe na hAbhann Buí.

¹² Áirítear leis an bhfigiúr seo nasc sealadach Fheirm Ghréine Thigh Mochua Thuaidh.



266 MW

Trí fheirm ghaoithe a sholáthraíonn 266 MW de ghiniúint in-athnuaite¹¹



197 MW

Trí fheirm ghréine a sholáthraíonn 197 MW breise de ghiniúint in-athnuaite¹²



184 MW

Críochnaíodh dhá theicneolaíocht nua um Chóras Stórála Fuinnimh Ceallra (BESS) arb ionann iad agus 184 MW san iomlán




1,369 MW

Bhain ocht dtionscadal in-athnuaite dhéag (1,369 MW) CA amach in 2024



90 MW

Dhá thionscadal BESS (90 MW) CA amach in 2024



4. Maitrís achoimre ar phríomhfheidhmíocht

Tábla 1: Maitrís achoimre ar phríomhfheidhmíocht						
Méadrach	Cuid na tuarascála seo	Sprioc/bonn dreasachta 2024	Feidhmíocht 2024	Olltoradh dreasachta 2024 ¹³	Feidhmíocht 2023 ¹⁴	Feidhmíocht 2022 ¹⁵
Dreasacht Cuspóirí Straitéiseacha OCT	'An chaoi ar fheidhmigh EirGrid i gcoinne dreasachtaí straitéiseacha' Cuid 6	Sprioc: 10 méadrach dreasachta le dreasacht iomlán €0.5m ar fáil	Feidhmíocht: Rath 74%	Dreasacht: €0.370m	Sprioc: 10 méadrach dreasachta le dreasacht iomlán €0.5m ar fáil Feidhmíocht: Rath 69% Dreasacht: €0.345m	Sprioc: 10 méadrach dreasachta le dreasacht iomlán €0.5m ar fáil Feidhmíocht: Rath 67% Dreasacht: €0.333m
Minicíocht Córais (SF) Feidhmíochta Córais Tarchurtha OCT	'An chaoi a mbainistíonn EirGrid feidhmíocht córais' Cuid 7	€0.1m in aghaidh na bliana do gach céim má sháraitear 98%, 99% agus 99.5%	Oibríodh SF laistigh de na sprioctheorainn eacha oibriúcháin 49.9Hz agus 50.1Hz 98.87% den am	Dreasacht: €0.10	Sprioc: 98% Feidhmíocht: 98.71% Dreasacht: €0.10	Sprioc: 98% Feidhmíocht: 98.52% Dreasacht: €0.10
Nóiméid Chaillte an Chórais Tarchurtha OCT (SML)	'An chaoi a mbainistíonn EirGrid feidhmíocht córais' Cuid 7	0.75-2.5	0.152 SML ar an gcóras tarchurtha	Dreasacht: €0.30m	Sprioc: 0.75 - 2.5 Feidhmíocht: 4.461 SML. Pionós: (€0.50m)	Sprioc: 0.75 - 2.5 Feidhmíocht: 0.132 SML Dreasacht: €0.30m
Rannpháirteachas Páirtithe Leasmhara OCT	'Cur agus cúiteamh leis na páirtithe leasmhara' Cuid 17	Uas-scór: 10	Feidhmíocht: 6.9	Dreasacht: €0.22m	Sprioc: uas-scór:10 Feidhmíocht: 6.66 Dreasacht: €0.19m	Sprioc: uas-scór: 10 Feidhmíocht: 6.86 Dreasacht: €0.217m
Scór-Chárta Cothromaithe um Phleanáil agus Seachadadh Infheistíochta OCT	'An chaoi ar éirigh linn in aghaidh dreasachtaí seachadta tarchurtha' Cuid 5	Sprioc: 6 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €0.9m ar fáil.	Feidhmíocht: 69%	Dreasacht: €0.62m	Sprioc: 6 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán€0.9m Feidhmíocht: 80% Dreasacht: €0.72m	Sprioc: 6 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €0.9m ar fáil Feidhmíocht: 69% Dreasacht: €0.62m

13 Léirítear pionós idir lúibíní.

14 2023 [APR](#) agus [PSI](#)

15 2022 [APR](#) agus [PSI](#)

Méadrach	Cuid na tuarascála seo	Sprioc/bonn dreasachta 2024	Feidhmíocht 2024	Olltoradh dreasachta 2024 ¹³	Feidhmíocht 2023 ¹⁴	Feidhmíocht 2022 ¹⁵
Ceangail Nua BCS á Seachadadh ag OCT	'Conas a bhainistímid ceangail nua' Cuid 14	Eisigh tairiscintí ceangail do gach iarratasóir i mBaisc BCS 2024	le deimhniú ¹⁶	le deimhniú	Sprioc: Eisigh tairiscintí ceangail do gach iarratasóir i mBaisc BCS 2023 Feidhmíocht: Rath 76%. Dreasacht: €0.38m ¹⁷	Sprioc: Eisigh tairiscintí ceangail do gach iarratasóir i mBaisc BCS 2022 Feidhmíocht: Rath 6% Dreasacht: €0.03m ¹⁸
Dreasacht Seolta Anuas In-athnuaite OCT	'An chaoi a mbainistíonn EirGrid feidhmíocht córais' Cuid 7	5% ¹⁹	8.8%	Pionós: (€0.27m)	Sprioc: 5% Feidhmíocht: 8.9% Pionós: (€0.28m)	Sprioc: 5% Feidhmíocht: 8.3% Pionós: (€0.196m)
Dreasacht Treá Neamhshion-cronaigh Córais (TNSC) OCT	'An chaoi a mbainistíonn EirGrid feidhmíocht córais' Cuid 7	82% TNSC	75% TNSC	Pionós: (€0.30m)	Sprioc: 80% TNSC Feidhmíocht: 75% TNSC Pionós: (€0.30m)	Sprioc: 78% TNSC Feidhmíocht: 75% TNSC Pionós: (€0.30m)
Dreasacht maidir le Lochtanna agus Srianata OCT	'An chaoi a mbainistíonn EirGrid costais sriantachta' Cuid 11	Sprioc: 5 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €1.5m ar fáil	Feidhmíocht: Rath 19%	Dreasacht: €0.290m	Sprioc: 5 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €1.5m ar fáil Feidhmíocht: Rath 7%. Dreasacht: €0.105m	Sprioc: 5 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €1.5m ar fáil Feidhmíocht: Rath 18%. Dreasacht: €0.263m

16 Cuireadh dreasacht/pionós Thoradh 2024 siar go dtí 2025 mar gheall ar uainiú eisiúna na tairisceana.

17 Chuir EirGrid an Tuarascáil Toraidh Dreasachta don Bhaisc3 BCS 2023 faoi bhráid an CRU mar chuid den Phacáiste Tuairiscithe Rialála Bliantúil do 2024, , a ndearna an CRU measúnú air agus toradh 2024 á bhreithniú aige, de réir [CRU2025128](#).

18 Chuir EirGrid Tuarascáil an Olltoraidh Dreasachta do Bhaisc BCS 2022 faoi bhráid CRU i Meán Fómhair 2023, a cuireadh san áireamh san aighneacht ioncaim do 2023 agus a ndearna CRU measúnú uirthi agus olltoradh 2023 á bhreithniú aige, de réir Alt 2.5.6 de [CRU2023104](#).

19 De réir [CRU/20/154](#), cuirtear íocaíocht fhabhrach €0.054m i bhfeidhm má shroicheann OCT an sprioc 5.0% agus €0.054m breise do gach 0.1% faoi bhun 5.0% suas le huasmhéid €0.6m. Cuirtear pionós neamhfhabhrach €0.014m i bhfeidhm má chomhlíonann OCT an teorainn 7.0% agus €0.014m breise do gach 0.1% os cionn 7.0% suas le huasmhéid €0.3m.

Méadrach	Cuid na tuarascála seo	Sprioc/bonn dreasachta 2024	Feidhmíocht 2024	Olltoradh dreasachta 2024 ¹³	Feidhmíocht 2023 ¹⁴	Feidhmíocht 2022 ¹⁵
Foinse Fuinnimh In-athnuaite OCT – Dreasacht Leictreachais (FIF-L)	'An chaoi a mbainistíonn EirGrid feidhmíocht córais' Cuid 7	Sprioc: 52% ²⁰	Feidhmíocht: 40% ²¹	Dreasacht: €0.0m	Sprioc: 49% Feidhmíocht: 42% FIF-L Dreasacht: €0.0m	Sprioc: 46% Feidhmíocht: 39% FIF-L Dreasacht: €0.0m
Dreasacht Daingneachta an tSoláthair Áitiúil OCT	'An chaoi ar éirigh linn in aghaidh dreasachtaí seachadta tarchurtha' Cuid 5	Sprioc: 4 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €1.12m ar fáil ²²	Feidhmíocht: 29%	Dreasacht: €0.33	Sprioc: 4 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €1.5m ar fáil Feidhmíocht: 26% Dreasacht: €0.396m	Sprioc: 5 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €1.5m ar fáil Feidhmíocht: 14% Dreasacht: €0.211m
ÚST/OCT Le Chéile Dreasacht	'An chaoi ar éirigh linn in aghaidh dreasachtaí seachadta tarchurtha' Cuid 5	Sprioc: 4 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €1.5m do ÚST agus €0.2m do OCT	Feidhmíocht: 100%	Dreasacht: OCT – €0.20m ÚST – €1.5m	Sprioc: 4 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €1.5m ar fáil do ÚST agus €0.2m do OCT Feidhmíocht: 100% Dreasacht: OCT – €0.20m ÚST – €1.5m	Sprioc: 4 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €1.5m ar fáil do ÚST agus €0.2m do OCT Feidhmíocht: 100% Dreasacht: OCT – €0.20m ÚST – €1.5m
Comhdhreasacht OCD/OCT ²³	'An chaoi ar éirigh linn in aghaidh dreasachtaí seachadta tarchurtha' Cuid 5	Sprioc OCT: 4 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €0.2m ar fáil do OCT	Feidhmíocht: 90%	Dreasacht: OCT – €0.18m	Sprioc: 4 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €0.2m ar fáil do OCT Feidhmíocht: 75% Dreasacht: OCT – €0.15m	Sprioc: 3 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €0.2m ar fáil do OCT Feidhmíocht: 68% Dreasacht: OCT – €0.135m

20 Is déanártha an sprioc FIF-L a bhaint amach. Má bhaintear amach an sprioc bhliantúil %, braithfidh an luach saothair dreasachta ar mheasúnú CRU (i) ar cháilíocht an phlean, (ii) ar cháilíocht an chur chun feidhme; agus (iii) ar éifeachtacht an phlean. Mura mbaintear an sprioc bhliantúil % amach, ní bhronntar aon dreasacht, beag beann ar an bplean.

21 Deimhníonn Sonraí Meascán Breosla EirGrid gurbh é 40% FIF-L do 2024, de réir

<https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/Fuel-Mix-2024.png>

22 75% leithdháilte go bliantúil, 25% leithdháilte ag deireadh AP5

23 Féach Tuarascáil Bhliantúil Feidhmíochta OCD le haghaidh feidhmíocht olltoraidh OCD do 2024.

Méadrach	Cuid na tuarascála seo	Sprioc/bonn dreasachta 2024	Feidhmíocht 2024	Olltoradh dreasachta 2024 ¹³	Feidhmíocht 2023 ¹⁴	Feidhmíocht 2022 ¹⁵
Caiteachas Caipitil Tarchurtha Rialála ²⁴	'An chaoi a ndéanaimid faireachán ar chaiteachas i gcoinne liúntais AP5' Cuid 18	Próiseas Faireacháin Capex CRU	€221m	Ní/bh	Sprioc: Próiseas Faireacháin Capex CRU Feidhmíocht: €234.8m	Sprioc: Próiseas Faireacháin Capex CRU Feidhmíocht: €176m
Caiteachas Oibriúcháin ÚST	'An chaoi a dhéanaimid faireachán ar chaiteachas i gcoinne liúntais AP5' Cuid 18	Próiseas Faireacháin CRU Opex	€77.5m	Ní/bh	Sprioc: Próiseas Faireacháin CRU Opex Feidhmíocht: €71.3m	Sprioc: Próiseas Faireacháin CRU Opex Feidhmíocht: €68m
Dreasacht Seachadta an Tionscadail ÚST	'An chaoi ar éirigh linn in aghaidh dreasachtaí seachadta tarchurtha' Cuid 5	€3.5m	€3.5m 4 Mhéadrach Dreasachta ar Scórchárta Ualaithe	Íocaíocht dreasachta iomlán €3.5m	Sprioc: 4 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €3.5m ar fáil Feidhmíocht: 100% Dreasacht: €3.5m	Sprioc: 4 mhéadrach dreasachta le dreasacht iomlán €3.5m ar fáil Feidhmíocht: 100% Dreasacht: €3.5m
Bainistíocht ÚST ar éarthaí seirbhíse pleanáilte ²⁵	'An chaoi ar éirigh linn in aghaidh dreasachtaí seachadta tarchurtha' Cuid 5	Críochnaigh an obair phleanáilte i níos lú ná 10,999 lá éartha seirbhíse	Gach obair phleanáilte críochnaithe i 10,133 lá éartha seirbhíse iarbhir, rud a chomhlíon an sprioc	Íocaíocht dreasachta iomlán €1m	Sprioc: Críochnaigh an obair phleanáilte i níos lú ná 10,496 lá éartha seirbhíse Feidhmíocht: Gach obair phleanáilte críochnaithe i 10,061 lá éartha seirbhíse iarbhir Dreasacht: €1m	Sprioc: Críochnaigh an obair phleanáilte i níos lú ná 10,863 lá éartha seirbhíse Feidhmíocht: Gach obair phleanáilte críochnaithe i 10,154 lá éartha seirbhíse iarbhir Dreasacht: €1m

24 Ní áirítear €22.9m d'Ús Cruthaithe i Rith na Tógála (IDC) agus €24.4m de Ranníocaíochtaí Custaiméirí le Caiteachas Caipitil (Capex) Tarchurtha Rialála. Féach tábla 7 d'Ollchaiteachas Capex Tarchurtha.

25 De réir [CRU/20/154](#), baineann an dreasacht seo le cumas ÚST na pleananna éartha seirbhíse 3 seachtaine roimh ré atá foilsithe ar shuíomh gréasáin OCT a chomhlíonadh

Tugadh isteach dreasachtaí bunaithe ar scórchárta ualaithe le haghaidh AP5. Leagtar amach torthaí dreasachta OCT agus ÚST do gach bliain AP5 sa tábla thíos. Tháinig ardú ar thorthaí dreasachta comhiomlána OCT ó 16% in 2021 go dtí 32% in 2024. Bronnadh 100% dá dhreasacht fhabhrach iomlán ar ÚST le haghaidh 2021, 2022, 2023 agus 2024. Is féidir torthaí dreasachta comhiomlána do OCT agus ÚST le trí bliana anuas a fheiceáil i dTábla 2 thíos.

Féach Táblaí 3 agus 4 le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le treochtaí do gach dreasacht idir 2021 agus 2024 do OCT agus do ÚST.

Tábla 2: Torthaí Dreasachta comhiomlána (Airgead 2019)								
Catagóir Dreasachta	2021		2022		2023		2024	
	%	€m	%	€m	%	€m	%	€m
Scórchárta Ualaithe OCT	11	0.546	37	1.762	43	1.916	44.9	1.99
OCT Uimhriúil/Dénártha	24	0.681	4	0.121	-24	-0.76	13.43	0.43
Comhiomlán OCT	1.227		1.8834		1.156		2.43	
Comhdhreasachtaí - ÚST	100	1.5	100	1.5	100	1.5	100	1.5
Dreasachtaí ÚST	100	4.5	100	4.5	100	4.5	100	4.5
Comhiomlán ÚST	6		6		6		6	

Tábla 3: Príomhthreochtaí Feidhmíochta – Dreasachtaí bunaithe ar Scórchárta Ualaithe

Dreasacht	Treochtaí feidhmíochta
Cuspóirí Straitéiseacha OCT	Bhí feidhmíocht láidir in 2024 agus go ginearálta bhí sí inchomparáide le feidhmíocht olltoraidh in 2023 don dreasacht seo. Tháinig feabhas ar 2023 i gcomparáid le 2022.
Pleanáil agus Seachadadh Infheistíochta OCT	D'éirigh le EirGrid feidhmíocht i gcoinne na dreasachta seo idir 2021 agus 2023 a mhéadú go mór, agus laghdaigh an fheidhmíocht de bheagán idir 2023 agus 2024.
Lochtanna agus Srianata OCT	Tá éagsúlachtaí tagtha ar an bhfeidhmíocht i gcoinne na dreasachta seo ó 2021 i leith, agus tháinig méadú ar an bhfeidhmíocht idir 2023 agus 2024.
Daingneacht an tSoláthair Áitiúil OCT	D'éirigh le EirGrid feidhmíocht i gcoinne na dreasachta seo idir 2022 agus 2023 a mhéadú go mór, agus laghdaigh an fheidhmíocht idir 2023 agus 2024.
Comhdhreasacht ÚST/OCT	Bhí an fheidhmíocht i gcoinne na Comhdhreasachta ÚST/OCT láidir go leanúnach i gcaitheamh 2021, 2022, 2023 agus 2024 agus bronnadh an dreasacht iomlán gach bliain.
Comhdhreasacht OCT/OCD	Ó 2021 i leith, tá feabhsuithe bliantúla tagtha ar fheidhmíocht i gcoinne na dreasachta seo.
Dreasacht Seachadta an Tionscadail ÚST	Bhí an fheidhmíocht i gcoinne Dreasachta Seachadta Tionscadail ÚST láidir go leanúnach i gcaitheamh 2021, 2022, 2023 agus 2024 agus bronnadh an dreasacht iomlán gach bliain.

Tábla 4: Príomhthreochtaí Feidhmíochta – Dreasachtaí Uimhriúla/Dénártha	
Dreasacht	Treochtaí feidhmíochta
Minicíocht Córais OCT	Tá feidhmíocht chomhsheasmhach ag EirGrid maidir le Minicíocht an Chórais a choinneáil laistigh de na sprioc-theorainneacha oibriúcháin ar feadh níos mó ná 98% den bhliain ó bhí 2021 ann, agus tháinig feabhas bliain i ndiaidh bliana.
Nóiméid Chaillte Chórais OCT	In 2021 agus 2022, choinnigh EirGrid Nóiméid Chaillte Chórais laistigh den sprioc-bhanda. In 2023, mar gheall ar eachtra aonair ar an gcóras, tháinig méadú ar SML. Mura mbeadh an eachtra seo i ndiaidh tarlú, bheadh SML do 2023 laistigh den sprioc-bhanda. In 2024, tá feidhmíocht SML ar aon dul leis an bhfeidhmíocht in 2021 agus 2022.
Rannpháirteachas Páirtithe Leasmhara OCT	Ó bhí 2021 ann, tá an fheidhmíocht ón dreasacht seo idir 6.6-6.9 as uas-scór féideartha de 10. Tháinig méadú beag ar fheidhmíocht in 2024 i gcomparáid le 2023.
Ceangail OCT - BCS	In 2021, fuair EirGrid 86% den dreasacht seo, agus in 2022. Bhí ardú 6% ann. In olltoradh 2023, bhí ardú 76% ann don OCT. Cuireadh dreasacht/pionós Thoradh 2024 siar go dtí 2025 i ngeall ar uainiú eisiúna na tairisceana.
Seoladh Anuas In-athnuaite OCT	Tá méadú seasta tagtha ar sheoladh anuas in-athnuaite i gcaitheamh na tréimhse 2021-23, i gcomhréir le leibhéil mhéadaithe fuinnimh in-athnuaite ar an gcóras thar na blianta céanna. Bhí an fheidhmíocht in 2024 i gcomhréir leis an mbliain roimhe sin den chuid is mó, le 8.8% d'fhoinsí in-athnuaite seolta anuas.
Treá Neamhshioncronach an Chórais OCT	Sa bhliain 2021, d'oibrigh EirGrid le teorainn Treá Neamhshioncronach Córais 75% ar feadh 70% den bhliain féilire. In 2022, 2023 agus 2024, bhí teorainn 75% ar Threá Neamhshioncronach Córais ag EirGrid. Níl EirGrid tar éis na sprioc-leibhéil a bhaint amach, atá socraithe ag eatraimh bhliantúla a mhéadaíonn seachas ag athruithe céime.
Foinsí Leictreachais In-athnuaite OCT – Leictreachas (%)	Bhí feidhmíocht in 2024 i gcomhréir go ginearálta leis an mbliain roimhe sin i gcás foinsí leictreachais in-athnuaite - leictreachas, ach níor shroich EirGrid na spriocanna a leagadh amach don dreasacht seo.
Bainistíocht ÚST ar éarthaí seirbhíse planáilte	Bhí an fheidhmíocht i gcoinne Dreasachta Bainistíochta ÚST ar Éarthaí Seirbhíse Pleanáilte láidir go leanúnach i gcaitheamh 2021, 2022, 2023 agus 2024 agus bronnadh an dreasacht iomlán gach bliain.

Tábla 5: Príomhthreochtaí Feidhmíochta – Méadrach neamh-dhreasachta	
Méadrach	Treochtaí feidhmíochta
Caiteachas Oibriúcháin ÚST	Seasta
Caiteachas Caipitil Tarchurtha Rialála	Infheistíocht ag ardú go mór

5. An chaoi ar éirigh
linn in aghaidh
dreasachtaí
seachadta
tarchurtha

Tugtar dreasachtaí do EirGrid agus Líonraí BSL i gcoinne spriocanna atá leagtha síos ag CRU maidir le seachadadh an líonra tarchurtha mar atá mionsonraithe in [CRU/20/154](#). Beidh feidhm ag na socruithe dreasachta seo idir 2021 agus 2025.

5.1 Dreasachtaí ÚST

Feidhmíocht Dreasachta Seachadta an Tionscadail

Sannadh i [CRU/20/154](#) scórchárta ualaithe de bhearta dreasachta a bhí infheidhme maidir le hinfheistíocht ÚST agus gníomhaíochtaí seachadta tionscadal le linn AP5. Tá na bearta agus na spriocanna feidhmíochta dírithe ar dhreasachtaí a thabhairt do ghníomhaíochtaí atá lárnach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais.

Áirítear le dreasacht Seachadta an Tionscadail ÚST bearta cáilíochtúla agus cainníochtúla araon, agus déanann iniúcháirí seachtracha measúnú neamhspleách ar an bhfeidhmíocht gach bliain. Cuirtear an tuarascáil iniúcháireachta faoi bhráid CRU chun cabhrú le holltoradh na dámhachtana dreasachta deiridh a chinneadh. In 2024, bhronn CRU íocaíocht dreasachta €3.5m ar ÚST.

Tábla 6: Feidhmíocht Dreasachta Seachadta an Tionscadail ÚST

Seachadadh an Tionscadail ÚST Scórchárta Ualaithe	2021	2022	2023	2024
Dámhachtain na dreasachta	Iomlán	Iomlán	Iomlán	Iomlán
Luach na dreasachta ²⁶	€3.5m	€3.5m	€3.5m	€3.5m

26 Léireofaí pionós idir lúibíní. Níl aon phionóis ann sa tréimhse seo.

Is iad seo a leanas na ceithre bheart feidhmíochta atá san áireamh i scórchárta ualaithe an Tionscadail ÚST:

1. Pleananna Cur Chun Feidhme an Tionscadail (PIPanna)

Is éard atá i gceist le PIP clár oibre tiomanta arna chomhaontú idir OCT agus ÚST do thionscadal nua. Is é PIP an sceideal bonnlíne trína bpleanáiltear an obair, agus trína ndéantar monatóireacht ar an dul chun cinn. Déantar an sprioc-liosta tionscadal a chomhaontú go bliantúil idir OCT agus ÚST. Déantar feidhmíocht ÚST a thomhas de réir an chéatadáin iarbhír de na sprioc-PIPanna a eisítear i rith na bliana féilire.

2. Fuinnmhiú/Ceangal Tionscadail Chustaiméirí

Déantar feidhmíocht ÚST a thomhas de réir an chéatadáin iarbhír de na spriocghionscadail do chustaiméirí atá fuinnmhithe/ nasctha sa bhliain féilire. Áirítear leis sin oibreacha fuinnmhithe do chustaiméirí atá sceidealaithe sa Chlár Éartha Seirbhíse bliantúil.

3. Caiteachas Capex Tarchurtha

Déantar feidhmíocht ÚST a thomhas de réir an chéatadáin iarbhír den Chaiteachas Caipitil Bliantúil Buiséadaithe (CapEx) a seachadadh sa bhliain féilire.

4. Feabhas ar Phróiseas Seachadta Tionscadail

Déanann iniúcháirí seachtracha neamhspleácha iniúchadh cáilíochtúil ar an gcomhpháirt seo agus scrúdaíonn sé feidhmíocht ÚST maidir le cáilíocht agus láidreacht a phróiseas chun éifeachtúlachtaí a aithint agus a chur chun feidhme agus próisis a fheabhsú i seachadadh an tionscadail.

Leagtar amach i dTábla 7 feidhmíocht na Dreasachta Seachadta Tionscadail do 2024 i gcoinne na mbeart thuas.

Rinneadh feidhmíocht na Dreasachta Seachadta Tionscadail ÚST, i gcás na mbeart thuas, a fhíorú le hiniúchadh seachtrach neamhspleách agus, tar éis í a athbhreithniú, chinn CRU measúnú foriomlán ‘Láidir’ ar an toradh feidhmíochta.

Tábla 7: Dreasacht Seachadta an Tionscadail - feidhmíocht do 2024 i gcoinne na gceithre bheart feidhmíochta

Mír	Beart Seachadta an Tionscadail ÚST	Plean 2024 ²⁷	Iarbhír 2024
1	PIPanna	46	43
2	Fuinnmhithe Tionscadail Custaiméirí (EInna)	17	17
3	Caiteachas CapEx Tarchurtha ²⁸	€295m	€268m
4	Feabhas ar an bPróiseas	–	Féach thíos

27 Plean coigeartaithe le haghaidh míreanna lasmuigh de smacht ÚST.

28 Tagraíonn Caiteachas Capex Tarchurtha sa tábla seo don ollchaiteachas capex tarchurtha in 2024. Ríomhtar figiúr Caiteachais Chaipitil Tarchurtha €221m (féach tábla 29) do 2024 mar €268m lúide Ús Cruthaithe i Rith na Tógála (IDC) €23m agus Ranníocaíochtaí Custaiméirí €24m.

5.2 Feabhas Seirbhíse – 2024

Déantar cur síos ar dhá fheabhsú próisis a chuir ÚST chun feidhme le linn 2024 sa chuid thíos. Léiríonn cur chun feidhme na dtionscnamh seo feabhas leanúnach ar phróisis seachadta an tionscadail ÚST. Bhí na measúnóirí seachtracha sásta go raibh feabhsuithe agus buntáistí móra á seachadadh ag an dá iarrthóir Feabhsúcháin Próisis 2024 a léiríodh ag an iniúchadh do ÚST agus don chustaiméir leictreachais.

Plean Oibre Bliantúil – 2024

Déanann Líonraí BSL, ina ról mar OCD, DAO agus ÚST, bainistíocht ar réimse leathan gníomhaíochtaí tionscadal agus clár trasna 26 ionad oibre ar fud na tíre, ag stiúradh lucht oibre allamuigh mór agus comhpháirtithe conarthacha iomadúla. Is fo-thacar tábhachtach den phlean oibre bliantúil é seachadadh tionscadal tarchurtha. Rinneadh athrú ar an modh trína gcuirtear riachtanais acmhainní tionscadail tarchurtha san áireamh sa phlean oibre bliantúil le linn chruthú phlean oibre 2024. Cinntíonn an próiseas nua agus feabhsaithe go bhfuil infheictheacht agus inrianaitheacht iomlán ag na bainisteoirí tionscadail agus na foirne cláir maidir le riachtanais ar leith an chláir tarchurtha laistigh den phlean oibre bliantúil. Cruthaítear ceanglais acmhainní ón mbun aníos agus bailítear iad i bhfoirm a forbraíodh go sonrach chun an fhaisnéis ardleibhéil criticiúil a chur isteach sa phlean oibre bliantúil atá riachtanach chun dlús a chur le agus ailíniú le feidhmiúlacht agus ábaltachtaí na huirlise pleanála oibre atá ann cheana féin.

Is féidir easnaimh sa phlean a aithint agus réitigh maidir le hacmhainní a réiteach. Mar thoradh ar an rialachas leanúnach seo agus ar chur chun feidhme na pleanála oibre bliantúla agus ráithiúla, tá leibhéil fheabhsaithe cinnteachta, tacaíochta agus seachadta ann do thionscadail tarchurtha ar leibhéal an ionaid oibre.

Seo a leanas príomhbhuntáistí an fheabhsúcháin próisis sin:

- Soláthraíonn sé ceanglais riachtanacha tionscadal tarchurtha don phróiseas pleanála oibre bliantúil.
- Aithníonn agus maolaíonn sé coinbhleachtaí acmhainní agus tugann sé tús áite do sheachadadh tionscadal tarchurtha.
- Soláthraíonn sé infheictheacht, deimhneacht, dearbhú agus monatóireacht fheabhsaithe ar sheachadadh tionscadal tarchurtha.

Tagann an feabhas próisis seo ag am ina bhfuil athrú céime ar infheistíochtaí i dtionscadail tarchurtha atá ar siúl sa tréimhse roimh an tréimhse AP6 ina bhfuil na tionscadail tarchurtha ríthábhachtacha is gá chun spriocanna gníomhaíochta aeráide 2030 a bhaint amach.

Tionscnaimh Bhainistíochta an Tionscadail

Tá plean ilbhliantúil tosaithe ag ÚST chun Modheolaíocht Bainistíochta Tionscadail (PMM) aonair a bhunú a leanann an Comhlacht Eolais Bainistíochta Tionscadail (PMBOK) atá aitheanta go hidirnáisiúnta ar fud na dtionscadal tarchurtha agus na bhfoirne seachadta uile a fhaigheann tacaíocht ó Oifig

Bainistíochta Tionscadail (PMO), Córas Faisnéise Bainistíochta Tionscadail (PMIS), agus córais agus próisis ghaolmhara eile.

Ba é an plean do 2024 an modúl Ceachtanna Foghlamtha a leabú i ngnó mar is gnách (GG). D'oibrigh an fhoireann PMO leis an ngnólacht chun a gcuid riachtanas a aithint agus ansin bhunaigh siad grúpa oibre chun aghaidh a thabhairt orthu.

Áirítear na heilimintí seo a leanas ar na príomhchodanna a cuireadh chun feidhme le linn 2024 agus a léiríodh do na hiniúcháirí:

- Grúpa oibre a chruthú chun riachtanais an ghnó a aithint.
- Teagmhálaithe i réimse eolais sa ghnó a liostáil agus a aithint.
- Tabhair faoi cheardlanna píolótacha maidir le Ceachtanna Foghlamtha.
- Déan iarratas ar cheadú Urraitheora chun é a chur i bhfeidhm ar fud na n-aonad gnó go léir.
- Bailigh ceachtanna foghlamtha do gach tionscadal tarchurtha isteach i PMIS.
- Tuairiscigh ar ais chuig Teagmhálaithe an Limistéir Eolais chun réitigh a chur i ngníomh.

Ba é an cur chuige a glacadh don phróiseas nua ceachtanna foghlamtha ná é a dhéanamh chomh furasta le húsáid agus ab fhéidir. Cuireann na húsáideoirí ionchur isteach i gcóras amháin anois chun suíomh lárnach a cheadú le haghaidh anailíse agus athbhreithnithe i leagan amach caighdeánaithe. Simplíodh na catagóirí go 20 agus ansin bhí teagmhálaí réimse eolais bainteach le gach catagóir. Is é cruthú eolais an chéim

nua thábhachtach. Trí na ceachtanna a shórtáil de réir réimse eolais agus iad a thabhairt chuig na pointí teagmhála faoi seach, is féidir leis na hacmhainní sna foirne sin feabhsuithe gnó a dhéanamh. Déantar feabhsuithe a rinneadh a roinnt leis an gcuideachta ansin trí na bealaí cumarsáide ábhartha. Leis an Struchtúr Rialachais nua seo, is féidir treochtaí imníocha a thuairisciú do bhoird Bhainistíochta agus Tionscadail ach cuireann sé ar chumas leathnú ó leibhéal an tionscadail go leibhéal an chláir agus na stiúrthóireachta freisin, ag roinnt léargas luachmhar ar fud an ghnó.

Nuair a bhíonn ceacht foghlamtha logáilte isteach i PMIS, déanann an Oifig Modheolaíochta Bainistíochta Tionscadail (PMMO) é a bhainistiú, a thuairisciú agus a rianú go gníomhach go dtí go réitítear é trí phróisis fhoirmiúla, cruinnithe agus socruithe rialachais atá i bhfeidhm leis na páirtithe leasmhara uile chun punann na gceachtanna oscailte foghlamtha ar an gcóras a bhainistiú. Leanann an próiseas seo de bheith ag forbairt, trí rialachas agus socruithe tacaíochta PMMO, de réir mar a éiríonn anailís ar thírdhreach na saincheisteanna agus sonraí faoin dul chun cinn níos soiléire agus de réir mar a dhéantar na próisis a scagadh tuilleadh. Tugann sé comharthaí luatha ar dhúshláin agus saincheisteanna nua a thagann chun cinn ag leibhéal an tionscadail agus cuireann sé béim agus acmhainní ar fáil chun iad a réiteach go tráthúil, rud a chuireann le rialachas agus dearbhú maidir le seachadadh an tionscadail agus clár tarchurtha.

5.3 Feidhmíocht Dreasachta um Bainistíocht Éartha Seirbhíse

Tá dreasacht bainistíochta éartha seirbhíse ÚST deartha chun infhaighteacht an líonra tarchurtha a fheabhsú trí thréimhse éartha seirbhíse a laghdú agus deimhneacht níos mó a thabhairt do pháirtithe lena mbaineann maidir leis na dátaí tosaigh agus críochnaithe a bhfuiltear ag súil leo. Laghdaíonn sé seo an baol go ndéanfaí diall ón bplean agus aon chur isteach gaolmhar ar sceidil. Baineann meicníocht na dreasachta éartha seirbhíse seo le cumas ÚST na pleananna éartha seirbhíse 3 seachtaine roimh ré atá foilsithe ar shuíomh gréasáin OCT a chomhlíonadh. Déantar feidhmíocht a thomhas i gcoinne líon na laethanta éartha seirbhíse iarbhir i gcomparáid le bonnlíne na bpleananna foilsithe.

Déanann ÚST iarracht raon feidhme iomlán na n-oibreacha pleanáilte a chríochnú laistigh den sprioc laethanta sceidealaithe do gach gníomhaíocht amhail oibreacha suiteála nua, athchóiriú agus gníomhaíochtaí cothabhála laistigh den fhuinneog éartha seirbhíse seachas i gcásanna lasmuigh de smacht ÚST.

Leagann [CRU/20/154](#) trí bhanda feidhmíochta síos. Más lú ná nó cothrom le líon iomlán na laethanta sceidealaithe bonnlíne na laethanta éartha seirbhíse iarbhir, faightear an íocaíocht dreasachta iomlán €1m. Níl aon dreasacht ann má sháraíonn na laethanta iarbhir na laethanta sceidealaithe agus tá pionós €1m ann má sháraíonn na laethanta iarbhir na laethanta sceidealaithe faoi 5% nó níos mó.

Sa bhliain 2024, bhí 10,999 lá éartha seirbhíse tarchurtha sceidealaithe san iomlán. B'ionann líon iomlán na laethanta éartha seirbhíse iarbhir in 2024 agus 10,133 lá éartha seirbhíse ag deireadh na bliana. Rinneadh na hoibreacha pleanáilte do 2024 a sheachadadh laistigh den sprioc laethanta dreasachta éartha seirbhíse agus cheadaigh CRU an íocaíocht dreasachta éartha seirbhíse iomlán €1m.

Tábla 8: Feidhmíocht dreasachta ÚST 2021-2024				
Dreasachtaí ÚST	2021	2022	2023	2024
Feidhmíocht Bainistíochta Éartha Seirbhíse ²⁹	€1m	€1m	€1m	€1m

29 Léireofaí pionós mar lúibín. Níl aon phionóis ann sa tréimhse seo.

5.4 Comhdhreasacht OCT agus ÚST

Díríonn an chomhdhreasacht OCT/ÚST ar sheachadadh tionscadal líonra, agus é mar aidhm aici éifeachtúlachtaí a chur chun cinn trí chomhoibriú feabhsaithe.

Tá comhdhreasacht OCT/ÚST bunaithe ar scórchárta ualaithe ina bhfuil ceithre bheart ar leith mar a leagtar amach thíos. Déanann OCT agus ÚST comhairliúchán maidir le plean comhdhreasachta 5 bliana agus cuireann siad faoi bhráid CRU é gach bliain, agus leagtar amach spriocanna i ngach réimse. Déanann iniúcháirí seachtracha neamhspleácha measúnú ar fheidhmíocht bhliantúil i gcoinne an scórchárta ualaithe seo a chuimsíonn bearta cainníochtúla agus cáilíochtúla araon:

1. **Teicneolaíocht Nua a Fheidhmiú**
Is ann don dreasacht seo lena chinntiú go ndéanann OCT agus ÚST teicneolaíocht nua a imscaradh go gníomhach ar an eangach agus go gcuireann siad próisis éifeachtacha i bhfeidhm chun triail agus píolótacht teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chumasú.
2. **Tionscnamh Tionscadail de réir Paraiméadair Tionscadail Thiomnaithe (CPP) Chomhaontaithe**
Tugann an dreasacht seo luach saothair as forbairt tionscadail thráthúil, ag tomhas ón am a chuireann OCT in iúl do ÚST faoi thionscadal nua go dtí an t-am a gcomhaontaítear an CPP (i.e. raon feidhme imlíne an tionscadail).

3. **Feabhas an Chomhphróisis**
Déanann an dreasacht seo scrúdú ar fheidhmíocht OCT agus ÚST maidir le cáilíocht agus láidreacht cur chun feidhme na gcomhphróiseas, chomh maith le comhiarrachtaí chun éifeachtúlachtaí i seachadadh tionscadal agus clár a aithint agus a chur chun feidhme.

4. **Malartú Sonraí Sócmhainní agus Clár**
Scrúdaíonn an dreasacht seo feidhmíocht OCT agus ÚST maidir le malartú faisnéise i ndáil le seachadadh infheistíochta caipitil líonra tarchurtha faoin gclár AP5.

Thug [CRU202405](#) treoir agus comhairle do OCT agus ÚST maidir le príomhtháscairí feidhmíochta, spriocanna agus an próiseas measúnaithe maidir le comhdhreasachtaí Scórchárta U alaithe 2024.

Rinne iniúcháirí seachtracha neamhspleácha measúnú ar chomhfheidhmíocht OCT/ÚST i gcoinne scórchárta ualaithe 2024. Cuireadh an tuarascáil iniúcháireachta faoi bhráid CRU chun cabhrú le holltoradh na dámhachtana dreasachta deiridh a chinneadh. I gcás 2024, bhronn CRU an íocaíocht dreasachta iomlán ar OCT agus ÚST mar atá leagtha amach i dTábla 9.

Tábla 9: Creat Scórchárta Ualaithe Comhdhreasachta 2024 OCT agus ÚST		
	Dámhachtain dreasachta 2024	Luach dreasachta 2024
Dámhachtain dreasachta OCT	Iomlán	€0.2m
Dámhachtain dreasachta ÚST	Iomlán	€1.5m

Tá na bearta comhdhreasachta a sheachaid OCT agus ÚST in 2024 agus a ndearnadh measúnú orthu le linn an iniúchta mionsonraithe thíos:

1. Teicneolaíocht Nua a Fheidhmiú in 2024

Bhí 14 sprioc shonracha ann in 2024 ar fud naoi dteicneolaíocht le haghaidh Línte Lasnairde, Cáblaí Faoin Talamh, agus teicneolaíocht Fostáisiúin. Rinne ÚST agus OCT measúnú ar an dul chun cinn comhpháirteach in 2024 i gcomparáid le Teicneolaíocht Nua a Fheidhmiú atá beartaithe, agus mheas siad go raibh sé láidir agus gur baineadh amach roinnt garspriocanna trasna réimse teicneolaíochtaí nua. Go háirithe, agus i gcomhréir leis an treoir in [CRU202405](#), d'éirigh le ÚST agus OCT trí thionscadal Cúititheora Sioncrónaigh Stataigh (STATCOM) a fheidhmiú in 2024 tar éis tréimhse tástála.

Cuidíonn suiteáil STATCOManna i gceantair den líonra a bhfuil leibhéil arda giniúna gaoithe iontu le dea-chaighdeán leictreachais a choinneáil ar an gcóras tarchurtha sna ceantair sin. Ciallaíonn sé seo go gcoinnítear voltas an chórais laistigh de chaighdeáin inghlactha, go scagtar amach aon armónaigh a d'fhéadfadh a bheith díobhálach agus go laghdaítear cur isteach ar an gcóras de bharr lochtanna líonra.

Cuirfidh sé seo ar chumas níos mó giniúna fuinnimh in-athnuaite neamh-shioncrónaigh a nascadh leis an gcóras gan gá a bheith ann an líonra tarchurtha atá ann cheana a neartú trí chiorcaid nua a thógáil nó ciorcaid atá ann cheana a uasghrádú. Cuidíonn suiteáil STATCOManna le húsáid na gciorcaid atá ann cheana a uasmhéadú. Tá sé beartaithe tuilleadh STATCOManna a fheidhmiú mar is ceanglas riachtanach iad chun nascadh mór-fheirmeacha gaoithe leis an gcóras tarchurtha a éascú.

In 2024, lean OCT agus ÚST de bheith ag oibriú grúpa oibre comhpháirteach Teicneolaíochta Nua a choinníonn an rianaire Bosca Uirlisí Teicneolaíochta. Úsáideann an rianaire cur chuige caighdeánach tionscail chun Leibhéal Ullmhachta Teicneolaíochta (TRL) a shannadh do gach teicneolaíocht. Rud breise nua a cuireadh leis an mBosca Uirlisí Teicneolaíochta le linn 2024 ab ea Rátáil Busbarra Dinimiciúil atá ag leanúint an phróisis measúnaithe ullmhachta teicneolaíochta le feidhmiú.

Tá tuilleadh eolais faoi chomhoibriú idir OCT agus ÚST ar theicneolaíocht nua i gCuid 15 'Nuálaíocht' den tuarascáil seo.

2. Tionscnamh Tionscadail chuig CPP Comhaontaithe

Is céim ríthábhachtach garsprice í an raon feidhme teicniúil oibreacha do thionscadail nua bonneagair tarchurtha a fhorbairt agus a chomhaontú chun freastal ar riachtanais an chórais agus na gcustaiméirí chun go n-éireoidh le tionscadal dul ar aghaidh. Is próiseas casta é lena n-áirítear measúnú ar an láthair, pleanáil éartha seirbhíse agus comhairliúchán le gníomhaireachtaí éagsúla. Tá go leor rudaí nach bhfuil aon súil againn leo ag an gcéim luath seo de thionscadal agus is féidir tionscadail custaiméirí a dhiúltú nó a chur ar athló de bharr ceadanna pleanála, pleananna comhshaoil nó ceadanna eile.

Le linn 2024, shroich OCT agus ÚST céim Chomhaontaithe CPP i gcás 33 tionscadal. Chomhaontaigh OCT agus ÚST raon feidhme an tionscadail do 29 tionscadal laistigh de sprioc-am 98 lá na dreasachta, ag comhlíonadh na tairsí dreasachta atá socraithe do 2024.

Tá comhoibriú feabhsaithe agus feabhas próisis ar siúl idir OCT, ÚST, agus páirtithe leasmhara chun rioscaí a mhaolú agus na próisis seo a bhrostu lena chinntiú go mbainfidh an oiread tionscadal agus is féidir leas as forbairt tionscadail luathaithe ag luath-chéim. Trí phleanáil dhícheallach, comhoibriú éifeachtach, agus bainistíocht riosca réamhghníomhach, sáraíodh ionchais sa réimse seo, ag neartú cultúr d'fheabhsúchán leanúnach.

3. Feabhas an Chomhphróisis

Scrúdaíonn an méadrach cáilíochtúil seo feidhmíocht OCT agus ÚST maidir le cáilíocht agus láidreacht cur chun feidhme na gcomhpróiseas chun éifeachtúlachtaí a aithint agus a chur chun feidhme i seachadadh tionscadal agus clár agus i réimsí eile comhoibrithe.

Pleanáil Éartha Seirbhíse Tarchurtha (TOP) 2024 agus amach anseo

Déanann TOP pleanáil, tosaíocht agus seachadadh ar éarthaí seirbhíse atá ag teastáil chun tionscadail atreistithe córais, athchóirithe agus ceangail custaiméirí a chur i gcrích. In 2024, eisíodh an Clár Éartha Seirbhíse Tarchurtha (TOP24) níos luaithe ná sna blianta roimhe sin, rud a thug níos mó ama do Líonraí BSL chun obair a phleanáil agus a sceidealú. Cé gur fheabhsaigh sé seo an t-ullmhúchán, bhí gá freisin le hathruithe a bhainistiú thar thréimhse níos faide. Chun tacú leis seo, bhí an fhoireann Optamaithe páirteach go hiomlán, agus rinneadh coigeartú ar na céimeanna pleanála chun feabhas a chur ar cháilíocht. Cuireadh tús le hathbhreithniú agus ceachtanna foghlamtha ó phróiseas pleanála TOP25 chun cur chuige nua beartaithe maidir le pleanáil TOP26 a threorú atá beartaithe chun cruinneas agus éifeachtúlacht an phróisis a fheabhsú tuilleadh. Tá sé mar aidhm ag na hiarrachtaí seo cur isteach a íoslaghdú agus seirbhís iontaofa a chinntiú do chustaiméirí le linn uasghráduithe riachtanacha líonra.

Clár Comhpháirteach um Chlaohlú Éartha Seirbhíse (JOTP)

Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar pleanáil agus bainistiú ar éarthaí seirbhíse chun seachadadh bonneagair nua leictreachais a luathú agus chun tacú le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide na hÉireann. Sa bhliain 2023, sheol EirGrid agus Líonraí BSL JOTP chun líon agus éifeachtúlacht na n-éarthaí seirbhíse pleanáilte a mhéadú. Cuidíonn sé seo le níos mó tionscadal a sheachadadh níos tapúla, lena n-áirítear iad siúd a nascann fuinneamh in-athnuaite leis an eangach, rud a laghdaíonn astaíochtaí agus a thacaíonn le timpeallacht níos glaine. Nuálaíocht shuntasach atá faoi thriail is ea an Plean Éartha Geimhridh, a shíneann an séasúr

éartha traidisiúnta de 40 seachtain ar feadh deich seachtaine bhreise. Tá an tionscadal píolótach seo tar éis cur le méadú ar chríochnú oibre i dtimthriall TOP24 cheana féin agus déanfar meastóireacht fhoirmiúil air i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fheidhmíocht Dreasachta ÚST/OCT 2025. Áirítear leis an JOTP seacht sruth oibre lárnacha agus 18 ngníomh spriocdhírithe, a dhíríonn ar réimsí amhail seachadadh tionscadal, oibríochtaí córais, bainistíocht clár, rialáil, beartas agus comhtháthú digiteach.

Tá na trí phríomhidirghabháil JOTP a seachadadh agus a ndearnadh GC díobh le linn 2024 agus a sochair ghaolmhara leagtha amach i dTábla 10 thíos:

Tábla 10: Idirghabhálacha JOTP a cuireadh chun feidhme in 2024		
Sruth oibre	Próiseas JOTP	Feabhas in 2024
1. Soláthar Tionscadal	Bonn-chrainn Fuinnmhithe	Cur chun feidhme neartú an bhoinn ar chrainn chruach idirmheánacha 220kV agus an ciorcad fós fuinnmhithe.
2. Rialáil	Rannpháirtíocht Luath ar Thionscadail	Tá próisis i bhfeidhm chun go mbeidh OCT agus ÚST rannpháirteach go luath i saolré an tionscadail chun na riachtanais éartha seirbhíse a bharrfheabhsú le haghaidh sheachadadh an tionscadail.
3. Beartas	Beartas Fostáisiúin Athfhorbraíochta	Cur chun feidhme caighdeáin optamaithe le haghaidh uasghrádú seoltóirí fostáisiúin lasmuigh atá ann cheana féin.

Tá gach sruth oibre JOTP á chomhstíúradh ag EirGrid agus Líonraí BSL agus tá sé mar aidhm aige feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar éarthaí seirbhíse a phleanáil, a cheadú agus a úsáid.

Táthar ag súil go mbeidh tionchar méadaitheach ag na hiarrachtaí seo le himeacht ama. Tá dul chun cinn á rianú agus á thuairisciú do CRU chun feabhsú leanúnach a chinntiú.

1. *Bonn-chrainn Fuinnmhithe*

Tá nósanna imeachta oibre forbartha agus curtha chun feidhme ag ÚST lena gceadaítear móroibreacha sibhialta a dhéanamh chun bonn-chrainn chruach a threisiú ag cosa láithreacha túir chruach idirmheánacha 220 kV ar línte lasnairde oibríocht in situ atá ann cheana féin fad a fhanann an ciorcad fuinnmhithe agus i mbun oibríochta. Is cuid mhór d'athchóiriú agus d'athneartú túr cruach atá ann cheana féin le linn tionscadal líne lasnairde é neartú an bhoinn. Tríd an obair seo a dhéanamh agus an ciorcad fós fuinnmhithe, is féidir níos mó de na hoibreacha a bhraitheann ar éaradh seirbhíse a phleanáil agus a chríochnú le linn na bhfuinneog éartha seirbhíse atá ar fáil don tionscadal. Tugann sé solúbthacht bhreise do ÚST chun na hoibreacha sibhialta a sceidealú i rith na bliana agus ní hamháin le linn na bhfuinneog éartha seirbhíse atá ar fáil a chaithfear a sceidealú go docht.

2. *Rannpháirtíocht Luath ar Thionscadail*

Shainaithin JOTP deis do ÚST agus do OCT dul i mbun oibre níos luaithe i saolré an tionscadail chun impleachtaí iomlána éartha seirbhíse tionscadail atá á fhorbairt a bhreithniú agus chun faisnéis a roinnt a mbeadh raon feidhme oibre agus plean cur chun feidhme tionscadail mar thoradh uirthi atá optamaithe i leith infhaighteachta agus úsáide éartha seirbhíse. Tá na próisis rannpháirtíochta luatha nua seo ag cur an líon is mó rannpháirtíochta agus an mhalartú faisnéise ar fáil idir OCT/ÚST, rud a ligeann do OCT machnamh iomlán a dhéanamh ar na roghanna tionscadail ó thaobh raon

feidhme, amlíne agus éartha seirbhíse de. Tá an buntáiste breise ag baint leis an rannpháirtíocht luath sa mhéid is go mbíonn an-bheagán ceisteanna ann nuair a thagann na tionscadail seo chuig ÚST agus á measúnú go mion lena gcur chun feidhme, agus go mbogann na tionscadail níos tapúla trí fhorbairt tionscadail rud a laghdaíonn an t-amchlár seachadta tionscadail ó thús go deireadh.

3. *Beartas Fostáisiúin Athfhorbraíochta*

Tá caighdeáin deartha fostáisiúin tagtha chun cinn chun rátálacha níos airde de bhusbarra agus trealamh a áireamh, rud a chinntíonn go gcomhlíontar na buncheanglais acmhainne chun tacú le riachtanais amach anseo. Tá beartas nua tugtha isteach chun treoir a thabhairt maidir le huasghrádú fostáisiúin atá ann cheana féin (fostáisiúin athfhorbraíochta). Is é buntáiste an chur chuige athbhreithnithe go laghdaíonn sé na hoibreacha sibhialta, na costais fhoriomlána agus na héarthaí seirbhíse atá riachtanach. I gcásanna áirithe, ceadaíonn an beartas tionscadal a sheachadadh nach mbeadh indéanta a thógáil murach sin mar gheall ar thionchar éartha seirbhíse. Go háirithe, laghdaíonn an beartas nua seo go mór líon na n-éarthaí busbarra iomlán agus leathbhusbarra atá riachtanach. Téann deireadh a chur leis na ceanglais éartha seirbhíse sin chun leasa sceideal críochnaithe an tionscadail ach freisin cuireann sé níos mó éarthaí seirbhíse ar fáil freisin chun oibreacha tionscadail chaipitil eile a sheachadadh.

Measúnú ar an Líne Tharchurtha (TLA)

D'aithin ÚST agus OCT an gá atá le hathbhreithniú agus feabhas a chur ar an bpróiseas Measúnaithe ar an Líne Tharchurtha (TLA) in 2024 chun tacú le seachadadh bonneagair eangaigh ríthábhachtach i gcomhréir le cuspóirí AP5. Ba é an gá a bhí ann freastal ar an éileamh méadaitheach ar leictreachas, naisc fuinnimh in-athnuaite a chumasú, agus tacú le spriocanna náisiúnta aeráide a spreag sin. Críochnaíodh athbhreithniú raon feidhme comhpháirteach, agus mar thoradh air sin tá próiseas TLA athbhreithnithe ann atá á chur chun feidhme anois.

Tá an próiseas athbhreithnithe TLA deartha chun éifeachtúlacht a fheabhsú, rioscaí seachadta a laghdú agus ailíniú le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus spriocanna inbhuanaitheachta. Áirítear seo a leanas leis na príomhbhuntáistí a bhaineann leis an bpróiseas TLA nuashonraithe:

- Ullmhacht fheabhsaithe tionscadail trí róil agus freagrachtaí níos soiléire agus pleanáil luathchéime, rud a chabhraíonn le moilleanna a laghdú agus ailíniú a fheabhsú leis an gClár Seachadta Bonneagair.
- Inbhuanaitheacht mhéadaithe trí mheasúnuithe tionchair carbóin a ionchorprú i dtuarascálacha TLA agus trí bhonneagar atá ann cheana a choinneáil nuair is féidir chun tionchar comhshaoil a laghdú.
- Solúbthacht agus nuálaíocht fheabhsaithe trí theicneolaíochtaí nua agus modhanna seachadta oibre a ndearnadh triail orthu faoin JOTP a chomhtháthú.

- Bainistíocht riosca níos fearrtrí chur chuige rangaithe riosca sócmhainní atá beartaithe, rud a chuireann ar chumas cinntí athchóirithe agus uasghrádaithe níos spriocdhírithe agus níos costéifeachtaí a dhéanamh.

D'fhormheas EirGrid agus Líonraí BSL an próiseas athbhreithnithe i mí Feabhra 2025 agus beidh sé faoi réir athbhreithnithe leanúnaigh.

4. Malartú Sonraí Sócmhainní agus Clár

Tá sé mar aidhm ag an dreasacht seo socruithe comhoibrithe EirGrid agus Líonra BSL a bharrfheabhsú maidir le malartú faisnéise chun tacú le hinfheistíocht sa líonra tarchurtha.

In 2024, chuir EirGrid agus Líonraí BSL ar a n-éifeachtúlacht oibríochtúil agus a gcumarsáid le páirtithe leasmhara trí uirlisí tuairiscithe nua a chur chun feidhme, sonraí sócmhainní a ailíniú, agus comhroinnt faisnéise a fheabhsú. Rinne na hiarrachtaí seo pleanáil oibre agus cinnteoireacht a bharrfheabhsú, rud a chinntigh go raibh na páirtithe leasmhara ar an eolas agus go dtacaíodh le feidhmíocht níos fearr.

Deais an Chláir Éartha Seirbhíse Tarchurtha (TOP)

Sa bhliain 2024, chuir EirGrid agus Líonraí BSL painéal Power BI chun feidhme le haghaidh tuairisciú ar Chomhchlár Éartha Tarchurtha (TOP) agus rinne siad comhordú iarratais athraithe a shruthlíniú trí SharePoint Online. Taispeánann an feidhmchlár, atá inrochtana d'úsáideoirí ó EirGrid agus Líonraí BSL araon, feidhmíocht seachadta TOP reatha, déanann sé anailís ar iarratais

ar athrú agus déanann sé comparáid idir feidhmíocht seachadta éartha seirbhíse agus feidhmíocht na mblianta roimhe sin. Feabhsaíonn an t-ardán seo malartú faisnéise, anailís feidhmíochta, agus cinnteoireacht do bhainisteoirí OCT agus ÚST, ag teacht in ionad modhanna tuairiscithe láimhe. Ina theannta sin, tacaíonn sé le togra le haghaidh méadracht chomhpháirteach nua bliantúil maidir le feidhmíocht seachadta agus dreasachtaí TOP.

Malartú Faisnéise Sócmhainní

In 2024, d'fheabhsaigh EirGrid agus Líonraí BSL malartú sonraí sócmhainní chun a mbunachair sonraí sócmhainní a ailíniú, rud a thug aghaidh ar bhearna idir na haitheantóirí uathúla a úsáideann an dá eagraíocht. Chinntigh an malartú córasach sonraí seo ailíniú leanúnach, ag cur feabhas ar chruinneas bhunachar sonraí OCT do chuimsiú an phlean oibre bhliantúil agus ag cumasú Líonraí BSL chun ordúithe oibre a chruthú ar bhealach níos sciobtha agus níos éifeachtúla.

D'éascaigh an feabhas seo ar ailíniú sonraí planáil oibre, sceidealú agus tuairisciú níos fearr freisin trí ordúithe oibre, láithreacha feidhmiúla agus Aitheantais Fothaire a nascadh. Rinne an barrfheabhsú seo ar an gClár Éartha Tarchurtha (TOP) uasmhéadú ar an bhforluí idir oibreacha agus cothabháil tionscadail chaipitiúil, ag cur feabhas ar an éifeachtúlacht fhoriomlán.

Tuairisciú Cláir

In 2024, d'fheabhsaigh ÚST agus OCT an tuairisciú a dhéanann siad chuig páirtithe leasmhara straitéiseacha, ag cur feabhas ar chumarsáid agus ar thuiscint trí fhaisnéis chruinn thráthúil a chur ar fáil a bhfuil mínithe agus anailísí mionsonraithe mar chuid di. I measc na bpríomhfheabhsuithe bhí tuarascálacha nua do CRU agus DCEE, amhail forbhreathnuithe bliantúla ar TOP24 agus tuarascálacha cuimsitheacha do JOTP. Chinntigh na hiarrachtaí seo go raibh eolas maith ag páirtithe leasmhara maidir le dul chun cinn, rioscaí agus na chéad chéimeanna eile, rud a thacaigh le cinnteoireacht agus gealltanais níos fearr.

5.5 Feidhmíocht Comhdhreasachta OCT & OCD

Bunaíodh an Clár Comhpháirteach um Oibreoir Córais (JSOP) chun comhoibriú a éascú idir EirGrid, ina ról mar OCT, agus Líonraí BSL, ina ról mar OCD, maidir le dul i ngleic go comhpháirteach le riachtanais an chórais agus na gcustaiméirí.

I mí an Mhárta 2024, d’fhoilsigh CRU páipéar faisnéise ar dhreasachtaí 2024, [CRU202405](#). Sa pháipéar faisnéise seo tá treoir maidir le spriocanna scórchártaí ualaithe 2024 agus an próiseas measúnaithe feidhmíochta. Maidir leis an gcomhdhreasacht seo, tá scórchárta ualaithe amháin i gceist don dá Oibreoir Córais. Tugtar achoimre i dTábla 11 ar na gnéithe atá sa scórchárta ualaithe.

Tábla 11: Creat Scórchárta Ualaithe Comhdhreasachta 2024 OCT agus OCD	
Cur chuige córais iomláin	Beidh caighdeán na n-aschur tábhachtach anseo. Tuairisciú i gcoinne an chaoi ar éirigh leis na gníomhartha i gcomhthéacs riachtanas an chuir chuige córais iomláin. Ba chóir do na cáipéisí uile tionscadail léiriú soiléir a thabhairt ar thairbhí chur chuige an chórais iomláin agus ar an gcaoi ar neartaigh na haschuir an comhoibriú idir OCT agus OCD.
Ag éascú teicneolaíocht agus seirbhísí córais nua	Is gá do OCT agus OCD léiriú a thabhairt ar an gcaoi a ndearna na gníomhartha a cuireadh i gcrích trí chomhoibriú feabhsaithe seachadadh teicneolaíochta nua nó baint bacainní roimh theicneolaíocht arb ann di cheana féin a éascú.
Ag laghdú seoladh anuas giniúna in-athnuaite	Is gá do OCT agus OCD tairbhí na ngníomhartha comhoibríocha in 2024 maidir le díriú ar sheoladh anuas agus/nó ciorrúchán laghdaithe i gcomparáid le leibhéil 2023 a léiriú, agus an tionchar san áireamh. Chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi a mbeidh laghdú ar chiorrúchán i gceist mar thoradh ar ghníomhartha comhoibríocha OCT agus OCD, teastóidh fianaise shoiléir ó bhronnadh dreasachta dearfaí. Léireoidh aighneacht láidir nasc soiléir le tairbhí córais iomláin, ag léiriú gníomhartha a sheachadann torthaí inchainníochtaithe. Forluíonn roinnt gníomhartha le dreasachtaí eile, mar sin, beidh sé tábhachtach díriú ar thionchar an chomhoibrithe.
Dul i ngleic le daingneacht an tsoláthair (dá ngairtear ‘Córas Cumhachta Todhchaí Sláine’)	Ba chóir do OCT agus OCD léiriú soiléir a thabhairt ar an gcomhoibriú eatarthu agus ar aon léargais a fuarthas tríd an gcomhoibriú le linn do na gníomhartha arna leagan amach á mbaint amach. Ba chóir do OCT agus OCD doiciméadú a dhéanamh ar na céimeanna comhoibríocha a glacadh chun feabhas a chur ar an toradh do rannpháirtithe margaidh.

Maítear in [CRU202405](#) go ndéanfar gach gné den scórchárta ualaithe a mheas i gcoinne na nithe seo a leanas: caighdeán an phlean agus na ngníomhartha sainithe (20%); caighdeán chur chun feidhme an phlean (40%); agus éifeachtúlacht an phlean agus tionchair inléirithe (40%).

Tháinig EirGrid agus Líonraí BSL le chéile go rialta in 2024 agus chomhoibrigh siad ar líon ábhar comhroinnte a leagtar amach i bPlean Ilbhlianta JSOP 2024³⁰. Áiríodh leis seo Dearadh Ardleibhéil agus na chéad chéimeanna eile do chomhordú cumhachta freasaithí a fhorbairt, ag tástáil córas agus próiseas malartaithe sonraí tosaigh, ag aontú agus ag feabhsú próiseas do líon scéimeanna píolótacha (lena n-áirítear an Clár Píolótach um Sholúbthacht Scála, Tacair Treoracha Dinimiciúla, agus Beir Bua ar an mBuaic Custaiméirí Gnó), ag comhoibriú maidir le riachtanais agus ábaltachtaí d'infheictheacht AFD, réamhaisnéisiú, inrialaitheacht, samhaltú, agus feidhmíocht do dhaingneacht chórais. Chomhoibrigh na hoibreoirí córais freisin ar obair atá ar bun chun réitigh agus caighdeáin a fhorbairt chun freagra úsáideoirí Móra Fuinnimh ar fhabhtanna a bhainistiú.

Ba é príomhréimse béime JSOP fós in 2024 ná Samhail Oibriúcháin OCT-OCD a fhorbairt. Ag tógáil ar an obair a seachadadh in 2023 chun léargas a thabhairt ar an bhfís agus ar na prionsabail do shamhail den chineál seo trí dhearadh ardleibhéil comhaontaithe, rinne na hoibreoirí córais dhá sheimineár eolais fhíorúla shuntasacha a óstáil i gcomhpháirt lena chéile i mí an Mheithimh 2024, a raibh sé mar aidhm acu tuiscint a chothú i measc páirtithe leasmhara ar thírdhreach éabhlóideach táirgthe agus ídithe leictreachais in Éirinn agus ar an gcaoi a dtagann Dearadh Ardleibhéil Shamhail Oibriúcháin OCT-OCD leis sin agus an tionchar a bheidh aige orthu.

Rinne na hoibreoirí córais plan cur i bhfeidhm ardleibhéil a fhorbairt freisin i bhfianaise na dtascanna a theastaíonn chun an tsamhail seo a sheachadadh. Áiríodh leis seo breithniúcháin ar chur chuige céimnithe i leith cur chun feidhme, ina bhféadfaí roinnt gnéithe den tSamhail Oibriúcháin a chur chun feidhme níos luaithe trí phróisis oibríochtúla sular féidir an tsamhail iomlán mharthanach a chur chun feidhme trí athruithe córais. Tugadh léargas air seo i bPlean Ilbhlianta JSOP do Chur Chuige an Chórais Uile 2025-2029³¹.

30 [Plean Ilbhlianta OCD/OCT 2024–2028 – an Clár Comhpháirteach um Oibreoir Córais – Meán Fómhair 2023](#)

31 [Líonraí BSL – Plean Ilbhlianta OCD/OCT 2025 - 2029](#)

Ina dhiaidh seo, chuir na hoibreoirí córais tús le hobair ar dhearadh mionsonraithe don tSamhail Oibriúcháin, lena n-áirítear scóip na dtopaicí atá le breithniú a mheas agus ceardlanna a reáchtáil leis na saineolaithe ábhartha ábhar ar an dá oibreoir córais chun mionsonraí na gcur chuige oibriúcháin laistigh de na topaicí seo a fhorbairt. Áiríodh leis na sonraí seo coincheapa, próisis, prótacail, agus córais dearaidh a theastóidh le haghaidh comhordú éifeachtach idir OCT agus OCD. Leanadh leis an obair seo in 2025.

Chruthaigh an clár deis do chomhordú éifeachtach agus éifeachtúil idir na hoibreoirí córais. Tá struchtúir éifeachtacha rialachais i bhfeidhm d'obair níos leithne JSOP agus d'obair shonrach Shamhail Oibriúcháin OCT-OCD. I gcás JSOP, tháinig an Bord Idirchaidrimh Bainistíochta le chéile go míosúil chun seachadadh comhsheasmhach a rialú ar fud an chláir, agus i gcás Shamhail Oibriúcháin OCT-OCD, bunaíodh struchtúr a raibh dhá ghné i gceist leis - Grúpa Oibre a rinne an dearadh a fhorbairt agus Grúpa Ceannaireachta a bhí i mbun maoirseachta agus cinnteoireachta.

I gcomhréir leis na sonraí in [CRU202405](#) (Páipéar Faisnéise ar Scórchárta Ualaithe CRU 2024), dhearbhaigh CRU comhshocrú dreasachta 90% do OCT agus OCD, agus íocaíocht dreasachta ar fiú €0.18m í le bronnadh ar EirGrid do 2024.

5.6 Feidhmíocht na Dreasachta um Sheachadadh Bonneagair Tarchurtha OCT

Faoi mar a éilíonn CRU é, d’fhorbair EirGrid Creat um Scórchárta Ualaithe chun measúnú bliantúil ar chaighdeán agus déine a chuid próiseas ceann go ceann pleanála agus seachadta infheistíochta a éascú. Faightear in [CRU/20/154](#) treoir don OCT maidir le dreasachtaí agus socruithe tuairiscithe do AP5. Baineann Rannán 7.8 de pháipéar cinnidh CRU go sonrach le PSI an OCT.

Tugann Páipéar Faisnéise um Scórchárta Ualaithe CRU 2024, [CRU202405](#), treoir bhreise ar fáil don OCT maidir le creat dreasachta PSI 2024 faoi mar a leagtar amach é i dTábla 12 thíos:

Tábla 12: Creat Scórchárta Ualaithe Dreasachtaí AP5 OCT PSI 2024						
Ceantar	Uimhir/cineál méadraigh	%	Céim-eanna	Láidir €0.9m	Inghlactha €0.2m	Faoi bhun inghlactha -€0.5m
Pleanáil infheistíochta (40%)	Méadrach 1 Cáilíochtúil	10%	Céim 1	Ag léiriú dearbhú iomlán	Ag léiriú dearbhú sásúil	Ag léiriú dearbhú teoranta / míshásúil
	Méadrach 2 Cáilíochtúil	10%	Céim 2			
	Méadrach 3 Cáilíochtúil	20%	Céim 3			
Seachadadh (40%)	Méadrach 4 Cáilíochtúil	20%	Céim 4-5	Os cionn 80%	70-80%	Faoi bhun 70%
	Méadrach 5 Cainníochtúil	20%	Céim 6			
Tráthúlacht (20%)	Méadrach 6 Cainníochtúil & Cáilíochtúil	20%	–	Láidir (chun cinn ar an bplean)	Inghlactha (ag teacht leis an bplean)	Faoi bhun inghlactha (chun deiridh ar an bplean)

Is é CRU a chinneann an íocaíocht dreasachta, bunaithe ar iniúchadh neamhspleách, agus déantar feidhmíocht a ghrádú de réir na gcatagóirí seo a leanas: “láidir”, “inghlactha”, nó “faoi bhun inghlactha”. Tugadh faoi iniúchadh neamhspleách ar an scórchárta ualaithe do 2024 agus cuireadh torthaí an iniúchta faoi bhráid CRU lena mbreithniú. Tá raon íocaíochta dreasachtaí leagtha amach i dTábla 12 thuas. De réir [CRU202405](#), déanann CRU feidhmíocht a mheas as sin amach ar bhonn iomlánaíoch agus an scór deiridh á shocrú acu.

I gcás 2024, is féidir feidhmíocht EirGrid sna gnéithe a leagtar amach sa scórchárta ualaithe thuas a achoimriú mar seo a leanas:

- **Méadraigh 1-4:** Léirigh EirGrid feidhmíocht láidir thar chéimeanna 1 go 5 in 2024, ag tógáil ar dhul chun cinn na mblianta roimhe. Bhí sé seo bunaithe ar bhaint amach 57 CA le linn na bliana, ag sárú iomlán 2023 agus ag leagan béim ar mhóiminteam leanúnach thar phunann an tionscadail. Tá na tionscadail a ceadaíodh le déanaí in 2024 suite ar fud an ghréasáin tarchurtha, agus béim ar cheangal foinsí in-athnuaite fuinnimh (FIF) ar fud na hÉireann a éascú, rud a chuireann le spriocanna aeráide 2030 a bhaint amach. Chomh maith leis sin, rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadal a mhéadóidh acmhainn agus athléimneacht an ghréasáin atá ann cheana féin chun freastal ar riachtanais intíre, tráchtála agus riachtanais éilimh eile.
- **Méadrach 5:** Bhain EirGrid feidhmíocht láidir amach in 2024, ag seachadadh 87.9% (coigeartaithe) agus 73% (neamhchoigeartaithe) de TOP 2024. Léiríonn sé seo feabhas i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht olltoraidh do 2023 arb ionann í agus 84% (coigeartaithe) agus 70% (neamhchoigeartaithe).
- Lorg 115 tionscadal éaradh seirbhíse in [TOP24](#), ina measc sin 95 Tionscadal Caipitil agus 20 Miontionscadal/Tionscadal OCD. Astu seo, freastalaíodh go hiomlán ar 51 tionscadal agus freastalaíodh go pointe áirithe ar 22 tionscadal i gclár bonnlíne TOP2024, arb ionann iad sin agus 810 seachtain éartha seirbhíse ar an iomlán do shéasúr TOP24.
- **Méadrach 6:** Tráthúlacht – dar le EirGrid gurbh ionann meánraon feidhmíochta olltoradh seachadta thionscadail EirGrid in 2024 agus feidhmíocht faoi bhun inghlactha - inghlactha, le feidhmíocht láidir maidir le CAnna agus PAnna. Ba é toradh na feidhmíochta foriomláine ná 63% - 77% de gharspriocanna mhórtionscadail CA agus PA le Líonraí BSL agus EInna i gcomhréir le plean reatha AP5 nó chun cinn air.

Chomh maith leis an bhfeidhmíocht i ngach ceann de na 6 mhéadrach a liostaítear i dTábla 12, déanann EirGrid feabhsuithe próisis a fhorbairt agus a chur chun feidhme go bliantúil ar fud an chreat 6-chéime agus rinneadh dul chun cinn suntasach in 2024. Rinne EirGrid agus Líonraí BSL JOTP a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhpháirt lena chéile. I mí na Nollag 2023 comhaontaíodh comhráiteas EirGrid/Líonraí BSL maidir leis an gclár

uaillmhianach a bhfuil siad ag obair i gcomhar air, cuireadh in iúl go foirmeálta é do DCEE agus CRU, agus foilsíodh ar shuíomhanna gréasáin EirGrid³² agus Líonraí BSL³³ é i mí Eanáir 2025.

D'oibrigh OCT agus ÚST go dlúth agus go héifeachtach le linn 2024 chun sruthanna oibre JOTP a chur chun cinn. Gnó mar is gnách atá i gceist le cuid de na hidirghníomhuithe seo agus tá an-deathionchair ann dá bharr. Chuir OCT agus ÚST araon próisis luathrannpháirtíochta i bhfeidhm freisin chun comhoibriú a dhéanamh ar 20 tionscadal. Chuir 11 acu sin luathrannpháirtíocht i gcrích, tá 7 gcinn acu ar bun fós agus tá 2 cheann sa chéim tosaigh faoi láthair. Forbraíodh próiseas nua do thionscadail Phíblíne agus Chustaiméirí. Trí phlé le foirne Líonraí BSL níos luaithe ná mar a dhéantar le linn chéim thraidisiúnta Pharaiméadair Thionscadail Thiomnaithe (CPP), bhí na foirne tionscadail ábalta tairbhe a bhaint as ionchur agus comhairle sna réimsí seo a leanas: bailíochtú cláir, tógáilteacht, éaradh seirbhíse, iniúchtaí suímh agus straitéis soláthair/slabhra an tsoláthair.

Tugadh faoi iniúchadh neamhspleách i mí an Mhárta 2025 maidir le feidhmíocht EirGrid i gcoinne dhreasacht PSI agus na méadracha gaolmhara, a dheimhnigh measúnú EirGrid go raibh feidhmíocht fhoriomlán PSI “Láidir” i gceist do bhliain féilire 2024.

I gcás 2024, bhí feidhmíocht láidir ag EirGrid maidir leis na cúig mhéadrach a dtugtar achoimre orthu i dTábla 12. Chuir EirGrid tuilleadh feabhais ar a riocht

chun measúnú láidir feidhmíochta a bhaint amach ó CRU trí chur i bhfeidhm feabhsuithe próisis dírithe a léiriú, ag neartú a thiomantais do bharr feabhas leanúnach oibríochtúil.

5.7 Feidhmíocht na Dreasahta um Dhaingneacht Soláthair Áitiúil OCT

Leag CRU béim laistigh dá Chuspóirí Straitéiseacha AP5 ar an tábhacht a bhaineann leis na ceisteanna áitiúla daingneachta soláthair a réiteach. Shíl CRU gur riosca daingneachta soláthair iad baic i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, i bhfianaise an fháis shuntasach réamh-mheasta ar éileamh sa cheantar sin. Rinne [CRU/20/154](#), cinneadh CRU maidir le creat rialála, dreasahtaí agus tuairisciú AP5, an dreasacht um Dhaingneacht Soláthair Áitiúil (LSoS) a thabhairt isteach, arb é an aidhm atá léi ná go léireodh EirGrid dul chun cinn maidir le dul i ngleic le príomhréimsí daingneachta soláthair/sriantachta an ghréasáin tarchurtha le linn AP5 agus maidir lena mbainistiú.

Leag EirGrid plean ilbhlianta LSoS do 2024–2028 isteach chuig CRU i mí Dheireadh Fómhair 2023. I mí an Mhárta 2024, leagadh scórchárta ualaithe CRU do 2024 amach in [CRU202405](#), agus tugtar achoimre ann ar cheithre phríomhghné de dhreasacht LSoS.

Leagtar scórchárta ualaithe CRU 2024 don dreasacht seo amach i dTábla 13.

32 <https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/Joint-Outage-Transformation-Programme-Jan-2024.pdf>

33 https://esbnetworksprdsastd01.blob.core.windows.net/media/docs/default-source/publications/esbn-eirgrid---joint-outage-transformation-programme-23.01.24.pdf?sfvrsn=f0543aea_0

Tábla 13: Scórchárta Ualaithe na Dreasachta um Dhaingneacht Soláthair Áitiúil 2024

Mír	Tionscadail/Gníomhartha	Fianaise Riachtanach
Bonneagar		
Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara agus leis an bPobal	Cruinnithe ráithiúla Fhóram Bonneagair Chlár Bhaile Átha Cliath	Tuirisciú ar dhul chun cinn i gcoinne rannpháirtíochtaí pleanáilte (de réir aighneacht OCT), ar aschuir na rannpháirtíochtaí, ar a rabhtas ag súil leis agus ar an méid a baineadh amach ó thaobh Chlár Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn/a luathú/a dhí-rioscú de.
	Fóraim Phobail ag teacht le chéile go ráithiúil.	
	Fóraim Ghnó ag teacht le chéile go ráithiúil.	
	Rannpháirtíochtaí a bhaineann le tionscadail ar leith i gcomhréir le hamlínte tionscadal aonair	
	Nuashonruithe ráithiúla ar an suíomh gréasáin/ar na ceisteanna coitianta	
Pleanáil agus Comhshaol	An próiseas maidir le Dearbhú Forbartha Díolmhaithe ar roghanna bealaigh Cábla is Fearr Feidhmíochta a chur i gcrích.	Fianaise ar chur i gcrích an phróisis agus ar thráthúlacht na dtionscadal sin a sainaithníodh mar Dhíolmhaithe. Táthar ag súil leis go leagfar réamhliosta isteach chuig CRU go luath in 2024 (tráth nach déanaí ná R1 2024) ionas gur féidir a dhearbhu ar cuireadh an liosta iomlán i gcrích in am in 2024.
	Leagan isteach iarrata(i)s p(h) leanála do na cáblaí sin (nó codanna díobh) nach Forbairt Dhíolmhaithe iad	Fianaise ar leagan isteach agus tráthúlacht na n-iarratas pleanála dóibh sin nach bhfuil díolmhaithe. Táthar ag súil leis go leagfar réamhliosta de thionscadail bheartaithe isteach chuig CRU go luath in 2024 (tráth nach déanaí ná R1 2024) ionas gur féidir a dhearbhu ar cuireadh an liosta iomlán i gcrích in am in 2024.
Seachadadh Mórthionscadal	Garspriocanna sonracha do thionscadail i mórcheantar Bhaile Átha Cliath faoi mar a liostaítear in aighneacht OCT.	Tuirisciú ar gharspriocanna sonracha a liostaítear in Aguisín 2 d'aighneacht OCTanna. Tuirisciú chun cainníochtú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag gach tionscadal maidir le ceisteanna daingneachta soláthair áitiúil a réiteach, lena n-áirítear ceisteanna gearrchiorcaid go sonracha agus cainníochtú ar thionchar na réiteach/ngníomhartha. Sonraí breise sa téacs thíos.

Mír	Tionscadail/Gníomhartha	Fianaise Riachtanach
Margadh		
Seachadadh Tionscadail T-3/T-4	Seachadadh 100 MW	Fianaise ar thorthaí agus ar ghníomhartha chun seachadadh tráthúil circa 100MW a chinntiú faoi dheireadh 2024. Fianaise ar ghníomhartha chun rioscaí tríú páirtí agus rioscaí éartha seirbhíse pleanáilte a laghdú. Féach tuilleadh plé sa téacs thíos.
Leibhéil na nGearrchiorcad i mBaile Átha Cliath	Imscrúdú ar dhul chun cinn Leibhéil na nGearrchiorcad i mBaile Átha Cliath	Tuarascáil ar Ghearrchiorcaid seachadta agus tuairisciú agus nuashonruithe do CRU.
		Tuarascáil eatramhach le cur ar fáil faoi R2 2024 agus tuarascáil deiridh le cur ar fáil faoi dheireadh 2024.
Oibriú		
Oibríochtaí/Éileamh	Gníomhartha agus tionscnaimh Oibríochtaí agus Éilimh a leagtar amach sa phlean seo do 2024 a chur chun cinn	Gníomhartha agus tionscnaimh Oibríochtaí agus Éilimh a leagtar amach sa phlean seo do 2024 a chur chun cinn
		Is gá don tuarascáil tionchar na ngníomhartha ar dhul i ngleic le ceisteanna Daingneachta Soláthair Áitiúil a shainaithint agus a chainníochtú go soiléir.
Cainníochtú		
Cainníochtú	Faoi mar a bhí i gceist le riachtanas na bliana roimhe, tá CRU ag súil leis go bhforbróidh EirGrid modheolaíocht chun cainníochtú a dhéanamh ar fhadhbanna daingneachta soláthair áitiúil agus ar thionchar cainníochtúil na ngníomhartha ar fad a bheartaítear agus a chuirtear i bhfeidhm.	Tuarascáil le modheolaíocht agus le meastacháin ar uimhreacha a dhéanann ceisteanna agus tionchair SoS a chainníochtú.

Seo a leanas achoimre ar fheidhmíocht EirGrid i gcoinne na réimsí a leagtar amach sa scórchárta ualaithe do 2024:

- Cuireadh 65% de na garspriocanna tionscadail do na 13 tionscadal a tuairiscíodh faoi sheachadadh na mórthionscadal i gcrích agus rinne toiliú agus seachadadh tionscadal dul chun cinn in 2024.
- In 2024, bhí ról ríthábhachtach fós ag an bPlean um Rannpháirtíocht agus Cumarsáid le Páirtithe Leasmhara i gClár Bhaile Átha Cliath tríd an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ag na céimeanna cuí. Tacaíonn na rannpháirtíochtaí seo le sainathint agus aontú na roghanna cearta, atá riachtanach chun an bonneagar a theastaíonn do bhaint amach na riachtanas soláthair a sheachadadh.
- Lean EirGrid ar aghaidh ag neartú a bpróiseas pleanála agus toilithe chun tacú le seachadadh tráthúil bonneagar ríthábhachtach. Bhí ról lárnach ag an próiseas forbartha díolmhaithe inmheánach maidir le dearbhuithe láidre a fháil do thionscadail ríthábhachtacha. Chumasaigh rannpháirtíocht agus comhordú suntasach le húdaráis phleanála cur chun cinn tráthúil iarratas do ghnéithe ar talamh agus amach ón gcósta a bhaineann le tionscadail straitéiseacha. Thacaigh nuashonruithe rialta píblíne agus comhairliúcháin luath-chéime leis seo, ag neartú an tiomantais do phleanáil réamhghníomhach agus do chur chun cinn éifeachtúil tionscadail tosaíochta.
- Bhain tionscadal FlexGen na Coirre Duibhe fuinnmhiú amach, ag cur acmhainn bhreise de 64 MW de ghiniúint theirmeach ar fáil don chóras tarchurtha. Seachadadh an tionscadal seo trí Cheant um Thoilleadh T-3 24/25. Fuinnmhíodh FlexGen an Phoill Bhig agus na Rinne i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2023, faoi seach. Cuireadh na trí cinn i bhfeidhm in 2024.
- In 2024, thug an na hOibreoirí Córais isteach an Teastas Ullmhachta Margaidh³⁴ chun tacú le seachadadh tráthúil acmhainneachta. Mar thoradh air seo bhí tionscadail ábalta dul isteach sa mhargadh acmhainneachta nuair a baineadh príomhgharspriocanna coimisiúnaithe amach, roimh dóibh comhlíontacht iomlán an Chóid Eangaigh a bhaint amach. Is léir go bhfuil an beart éifeachtach, go háirithe i gcás thionscadail T-3 agus iad siúd a bhfuil moilleanna tríú páirtí i gceist leo.
- Rinne EirGrid a imscrúdú agus tuarascáil ar leibhéil ghearrchiorcaid i mBaile Átha Cliath a sheachadadh, ag sainathint na scoradán ciorcaid atá le huasghrádú, agus sainathníodh na tionscadail éagsúil chaipitil atá á bhforbairt cheana féin chun na ceisteanna a réiteach, chomh maith le plean fadtéarmach maidir le leibhéil ghearrchiorcaid Bhaile Átha Cliath a réiteach.

De réir [CRU/20/154](#), coimeádfar 25% den íocaíocht dreasachta seo siar go deireadh thréimhse AP5.

Mar sin, cuirfear 75% den íocaíocht/pionós dreasachta i bhfeidhm go bliantúil agus beidh an 25% deireanach d'íocaíocht/pionós gach bliana i mbaol ag deireadh thréimhse an athbhreithnithe praghais agus beidh sé faoi réir cheist Daingneachta Soláthair Bhaile Átha Cliath a réiteach.

I gcomhréir leis na sonraí in [CRU202405](#) (Páipéar Faisnéise um Scórchárta Ualaithe CRU 2024), dheimhnigh CRU go gcuirfí olltoradh i bhfeidhm don dreasacht thuas, arb ionann é agus €0.33m, do 2024.

6. An chaoi ar fheidhmigh EirGrid i gcoinne dreasachtaí straitéiseacha

Am is ea seo d'athrú gan choinne ar an gcóras leictreachais agus muid ag dul i dtreo todhchaí ísealcharbóin. Tá EirGrid ar thús cadhnaíochta maidir lena chinntiú go ndéantar an t-athrú seo ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil ó thaobh costais de agus go mbaintear raon leathan buntáistí amach d'úsáideoirí deiridh agus do rannpháirtithe margaidh.

Déanaimid seo trí chóras tarchurtha sábháilte, slán agus iontaofa a choimeád le linn dúinn líon méadaitheach foinsí inathnuaite fuinnimh a chomhtháthú. Tacaíonn an réimse leathan tionscadal nuálach atá forbartha againn agus rolladh amach seirbhísí nua córais leis seo.

Lorg Páipéar Cinnidh CRU maidir le Creat Rialála, Tuairisciú agus Dreasachtaí AP5 ([CRU/20/154](#)) moltaí ó OCT maidir le príomhtháscairí feidhmíochta dá dhreasacht straitéiseach, sna trí réimse seo a leanas:

- Todhchaí shábháilte ísealcharbóin a éascú;
- Éifeachtúlacht a mhéadú agus tomhaltóirí a chosaint; agus
- Ionchasú infheistíochtaí amach anseo.

Thóg EirGrid ar na trí réimse dreasachta bheartaithe thuas de chuid CRU agus mhol roinnt dreasachtaí do 2024. De réir [CRU202405](#), in 2024, bunaíodh feidhmíocht OCT i dtaca leis an dreasacht seo ar na tionscnaimh atá leagtha amach i dTábla 14.

Tábla 14: Scórchárta Ualaithe na Dreasachta um Chuspóirí Straitéiseacha 2024		
Líonraí	Cásanna Fuinnimh an Lae Amárach (CFLA) a fhoilsiú.	- Mionanailís a chur ar fáil ar chásanna na todhchaí agus na conairí/cuir chuige is fearr is féidir a ghlacadh chun an córas cumhachta a dhícharbónú a shainaithint, agus cur síos a dhéanamh ar na buntáistí fadtéarmacha a bheidh i gceist leo sin do chustaiméirí agus do rannpháirtithe margaidh. - Cur síos ar fheabhsuithe ar phróiseas CFLA agus ar thionchar na bhfeabhsuithe ar chustaiméirí agus ar rannpháirtithe margaidh.
	Staidéar Iontaofachta Sócmhainní a chur i gcrích.	- Tuarascáil Iontaofachta Sócmhainní a fhoilsiú ina dtugtar eolas faoi fheidhmíocht iontaofachta na sócmhainní tarchurtha thar thréimhse 2017 – 2023 agus ina ndéantar tagarmharcáil i gcomparáid le sonraí idirnáisiúnta foilsithe, lena n-áirítear cur síos ar na buntáistí ó thaobh gníomhaíochtaí cothabhála a phleanáil agus treochtaí a shainaithint de a bhfuil OCT ag súil leo nuair a chuirfear chun feidhme é. - Ba chóir don tuarascáil seo tagairt a dhéanamh don ‘Straitéis Líonra Sholúbtha’, don Chóras Ríomhairithe nua um Bainistíocht Chothabhála, don chur chuige nua cothabhála tarchurtha agus do thionscnaimh eile a dreasaíodh roimhe seo. Ba chóir cur síos a dhéanamh inti freisin ar an tionchar carnach/feabhas do chustaiméirí/rannpháirtithe margaidh.
	Páirt a ghlacadh i Suirbhé Idirnáisiúnta maidir le Bainistíocht Sócmhainní Tarchurtha (ITAMS).	Tuairisciú ar thoradh an tSuirbhé Idirnáisiúnta maidir le Bainistíocht Sócmhainní Tarchurtha, achoimre a chur ar fáil maidir leis na príomhthátail agus ceachtanna atá le baint ón suirbhé agus cur síos a dhéanamh ar conas agus cathain a d’fhéadfadh OCT iad seo a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar bhainistíocht sócmhainní, lena n-áirítear na buntáistí do thomhaltóirí agus do rannpháirtithe margaidh.
Margaí	Tráinse 1 den Chlár um Sceidealú agus Seoladh a chur i bhfeidhm, a bhfuil na gnéithe seo a leanas i gceist leis: Oibriú Foinsí Fuinnimh In-athnuaite a mbaineann Seoladh Neamhthosaíochta leo, Stáisiún Cumhachta Stórála Fuinnimh, agus Feabhsuithe ar Inseoltacht Gaoithe/Gréine.	Faoi réir soiléiriú ar mhaoiniú agus costais: - Sonraíocht do bhogearra a dearadh agus a cuireadh isteach chuig díoltóirí laistigh de 9 mí ón soiléiriú maoinithe. - Na mionathruithe riachtanacha cóid margaidh agus eangaí ar fad a leagan isteach lena gceadú laistigh de 9 mí. Tuarascáil ina leagtar amach: - Feabhsuithe ar inseoltacht bataire/gaoithe/gréine agus meastachán maidir le tionchar ar chostas comhordaithe seolta. - Dul chun cinn maidir le réiteach marthanach a dhearadh do chomhbhailitheoirí freagairt don éileamh sa mhargadh mórdhíola.

Margaí	Páipéar moltaí a fhoilsiú do CRU maidir le sásra margaidh do Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh.	• Páipéar mionsonraithe moltaí a leagan isteach chuig CRU maidir le Sásra Margaidh do Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh ina dtugtar breac-chuntas ar an sainmhíniú beartaithe do stóráil fhadtréimhseach fuinnimh, ar riachtanas córais, maoiniú má theastaíonn sé agus moltaí maidir le conas dul ar aghaidh. • Ba chóir fianaise ar bhreithniú/cuimsiú dearchtaí páirtithe leasmhara agus ar chomhtháthú dearchtaí rialála a bheith sa pháipéar moltaí.
	Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais – an Creat um Sholáthar Srathach	• Páipéar Comhairliúcháin Dearaidh a fhoilsiú ar an gCreat um Sholáthar Srathach. • Páipéar Moltaí Dearaidh maidir leis an gCreat um Sholáthar Srathach a leagan isteach chuig CRU, ina dtugtar cuntas ar an gcaoi a dtacaíonn sé seo le tionscal ó thaobh cinntí infheistíochta a dhéanamh agus iomaíocht a chur chun cinn sna seirbhísí córais.
	Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais – Ceantanna Laethúla.	• Ceantanna Laethúla a chur i gcrích. • Tuarascáil a chur ar fáil i dtaca le céimeanna atá á nglacadh go hoibríochtúil chun na Ceantanna Laethúla a sheachadadh agus ar an gcaoi a gcuirfear ceachtanna foghlamtha san áireamh i mbabhtaí ceant as sin amach. • Leagfaidh OCT Páipéar Moltaí ar Dhearadh Soláthair isteach chuig na hÚdaráis Rialála (ÚRanna) maidir leis an gcreat um cheant laethúil, foilseoidh sé Páipéar Comhairliúchán ar Athbhreithniú Táirge don chreat um cheant laethúil agus leagfaidh sé Páipéar Moltaí ar Athbhreithniú Táirge isteach chuig CRU.
Oibríochtaí	Rinneadh socrú conarthach do sheachadadh Sheirbhísí Táimhe Ísealcharbóin don chóras cumhachta.	• Foilsiú fógraí maidir le dámhachtain conartha (le síniú i R1 2024). • Fianaise ar fhorghníomhú socruithe conarthacha le rannpháirtithe a n-éiríonn leo san Iarraidh ar Thogra. • Tús a chur le Céim II de Sheirbhísí Táimhe Ísealcharbóin.
	Tús a chur leis an bplean cur chun feidhme chun naisc theicneolaíochta hibridí a éascú agus tús a chur le forbairt tograí do phróiseas píolótach na Mol Tarchurtha In-athnuaite.	• Tabhairt faoi mheasúnú ar chinntí an Údaráis Rialála. • Tús a chur le sruthanna oibre a bhaineann le naisc theicneolaíochta hibridí a éascú. • Tograí a fhorbairt chun moil phíolótacha foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn ag leibhéal tarchurtha. Is gá do thograí breithniú ar chomhairliúchán tionscail a léiriú.

Oibríochtaí	Staidéir/anailísí a chur i gcrích chun eolas a dhéanamh don chinneadh tús a chur le triail TNSC 80%.	- Tuarascáil a chur ar fáil maidir leis na staidéir/anailísí a cuireadh i gcrích chun eolas a dhéanamh don chinneadh, ag leagan béim shoiléir ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ar an buntáistí féideartha a bhainfeadh le tús a chur le triail TNSC 80%, is é sin, cé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh an triail seo táirgeadh fuinnimh níos mó ó theicneolaíochtaí ísealcharbóin a éascú agus na leibhéil chiorrúcháin a laghdú. - Ba chóir amlíne maidir le cur chun feidhme TNSC 80% a bheith sa tuarascáil.
	Sonraíochtaí gnó a fhorbairt d'uirlisí tosaíochta agus cumas arna leagan amach i Lárionad Rialaithe an Phlean Forfheidhmithe Todhchaíoch.	Plean seachadta mionsonraithe a chur isteach chun sonraíochtaí gnó a fhorbairt d'uirlisí tosaíochta agus cumas arna leagan amach i Lárionad Rialaithe an Phlean Forfheidhmithe Todhchaíoch. Ba cheart go n-áireofaí anseo cur síos ar na gníomhartha/gníomhaíochtaí atá le déanamh, achair ama ábhartha agus na tionchair agus torthaí féideartha ar thomhaltóirí agus ar rannpháirtithe margaidh.
	Tús a chur le hullmhacht oibríochta don ghaoth amach ón gcósta.	- Plean mionsonraithe a chur isteach ina leagtar amach an chaoi a bhfuil sé i gceist ag OCT ullmhacht oibríochta a bhaint amach don ghaoth amach ón gcósta lena n-áirítear ról úinéir sócmhainne a fhorbairt, saineolas acmhainní, glacadh le sócmhainní Chéim 1, ullmhú do O&M, síneadh starrach Chéim 2 agus pleananna Aistrithe do Chéim 1 agus 2. - Nuashonruithe ráithiúla chuig CRU maidir leis an bplean thuas.

Tuigeann EirGrid a ról ríthábhachtach maidir lenár spriocanna aeráide a sheachadadh. Is comhpháirt ríthábhachtach den athrú ó bhonn a fheicimid sa tréimhse díreach roimh 2030 iad ár gcuspóirí straitéiseacha. Leanfaimid ag oibriú agus ag cothabháil córais, a fheicfidh athrú dearfach drámatúil, agus muid ag dul isteach i ré nua ísealcharbóin, chun leas gach duine.

I gcomhréir leis na sonraí in [CRU202405](#), dheimhnigh CRU go gcuirfí dámhachtain dreasachta aschuir €0.37m i bhfeidhm don dreasacht thuas do 2024 in aghaidh dreasacht fhéideartha iomlán ar an taobh thuas de €0.5m.

7. An chaoi a mbainistíonn EirGrid feidhmíocht córais

I margadh domhanda an-iomaíoch, tá leanúnachas soláthair ríthábhachtach chun infheistíocht isteach a mhealladh agus fás eacnamaíoch a chinntiú, go háirithe san earnáil teicneolaíochta. Mar gheall ar phunann ghiniúna atá ag athrú le treá méadaithe ar ghiniúint in-athnuaite athraitheach, tá sé níos deacra ardleibhéil daingneachta an tsoláthair atá ann faoi láthair a chothabháil.

Mar oileán le hidirnascair teoranta, tá Éire chun tosaigh i réiteach na ndúshlán teicniúil casta a bhaineann le hardleibhéil giniúint in-athnuaite a chomhtháthú. Áirítear ar shamplaí de seo an tIdirnascaire Ceilteach agus an tIdirnascaire Greenlink.

Péire de na príomh-mhéadraigh trína dtomhaistear feidhmíocht chóras tarchurtha is ea Minicíocht Córais agus Nóiméid Chaillte Chórais. Bealach aitheanta, láidir iad na bearta seo chun iontaofacht agus cáilíocht an tsoláthair arna seachadadh ag córas tarchurtha leictreachais a thomhas. Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leo, tá EirGrid dreasaithe chun leibhéil áirithe a chothabháil do gach ceann díobh.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil féach Tuarascáil um Fheidhmíocht an Chórais Tarchurtha Uile-Oileáin 2024³⁵.

7.1 Minicíocht Córais (SF)

Is gá minicíocht a chothabháil ag an leibhéal caighdeánach chun tacú le cobhsaíocht an chórais. Mura gcoimeádtar an mhinicíocht laistigh de na leibhéil shainithe, clisfidh an córas agus beidh éarthaí cumhachta mórsála dá bharr. D'eangach tharchurtha na hÉireann, is é 50 Hz an caighdeán don mhinicíocht. Ciallaíonn sé sin ag an leibhéal seo go bhfuil ualach agus giniúint cothromaithe go foirfe. Má éiríonn an córas an-mhíchothrom, is féidir damáiste a dhéanamh do threalamh tarchurtha. Deartar gairis tí freisin chun raon áirithe minicíochtaí a láimhseáil agus d'fhéadfaí damáiste a dhéanamh dóibh mura gcothaítear an raon sin.

Tá sé ríthábhachtach agus dúshlánach smacht a choinneáil ar an SF agus EirGrid ag iarraidh leibhéal na giniúna in-athnuaite atá nasctha leis an eangach a mhéadú arís. Leanann EirGrid a bheith dreasaithe chun SF a choinneáil laistigh de theorainneacha forordaithe. De réir [CRU/20/154](#), is é an sprioc SF a choinneáil idir 49.9Hz agus 50.1Hz. In 2024, oibríodh an SF laistigh de na sprioctheorainneacha oibriúcháin 49.9Hz agus 50.1Hz ar feadh 98.87% den am. Dá bhrí sin, bhain EirGrid dámhachtain dreasachta páirteach €0.1m amach as an dreasacht seo.

35 [All-Island-Transmission-System-Performance-Report-2024.pdf](#)

7.2 Nóiméid Chailte Chórais (SML)

Tomhas ar fheidhmíocht córas tarchurtha a aithnítear go hidirnáisiúnta is ea SML. Tomhaiseann sé déine gach suaitheadh córais i gcoibhneas le méid an chórais. Trí SML a thomhas is féidir feidhmíocht EirGrid a chur i gcomparáid le OCTanna eile.

Tá EirGrid dreasaithe lena chinntiú go bhfanann SML íseal. Tá brú anuas coinnithe ag EirGrid ar SML trí bhainistíocht minicíochta dhúthrachtach, forbairtí i ndreasú agus faireachán feidhmíochta gineadóra, agus trí chlár uasghrádaithe na cosanta córais tarchurtha. De réir CRU/20/154, is é 0.75-2.5 an sprioc SML bliantúil don tréimhse AP5.

In 2024, bhí 0.152 SML ar an gcóras tarchurtha. Ní raibh aon suaitheadh um Sceitheadh Ualaigh Faoi Mhinicíocht in 2024.

Fuair EirGrid dreasacht €0.3m as an méadrach seo in 2024.

7.3 Seoladh Anuas In-athnuaite (RDD)

Tagraítear le seoladh anuas fuinneamh in-athnuaite don mhéid fuinnimh in-athnuaite atá ar fáil ach nach féidir a úsáid sa chóras. Tá an céatadán seoladh anuas bunaithe ar an meán RDD don chomhiomlán srianta agus ciorrúchán (mar a thomhaistear faoi láthair) le linn an 12 mhí den bhliain féilire. Tá coinne leis, de réir mar a mhéadóidh sciar an fhuinnimh in-athnuaite, go méadóidh an céatadán de ghiniúint in-athnuaite a sheoltar anuas freisin.

Chuir EirGrid triail i gcrích chun sriantacht an íoslín gnáthaonad ar líne (MUON) a laghdú ó chúig ghineadóir breosla iontaise go ceithre cinn in Éirinn i Márta 2024 agus d’aistrigh siad chuig beartas seasmhach, a laghdaigh srianta córais níos mó agus a chumasaigh comhtháthú in-athnuaite níos mó. Sainaithníodh an laghdú ar an srian seo mar an chéad chéim chriticiúil eile in éabhlóid an bheartais oibriúcháin agus chun seoladh anuas de ghiniúint in-athnuaite a laghdú.

Leagtar amach an sprioc do 2024, de réir [CRU/20/154](#), i dTábla 15 thíos. In 2024, seoladh 8.8% de ghiniúint in-athnuaite anuas. Mar thoradh air seo, i gcomhréir le [CRU/20/154](#), fuair EirGrid pionós €0.266m maidir le 2024. Déantar plé níos mó ar RDD i gcuid 16.

Tábla 15: Dreasacht RDD	
	2024
Sprioc AP5 ar an taobh thuas	5%
Sprioc PR5 ar an taobh thíos	7%
OCT 2024 bainte amach	8.8%

7.4 Treá Neamhshioncronach Córais (TNSC)

Tá dualgais shuntasacha ar EirGrid staidéir a dhéanamh agus beartais ábhartha a chur i bhfeidhm chun cuidiú le spriocanna agus cuspóirí fuinnimh in-athnuaite Rialtas na hÉireann a bhaint amach. Áirítear leis seo sprioc suas le 80% den leictreachas go léir a ghintear ó FIF faoi 2030.

Tá freagracht ar EirGrid leibhéil mhéadaithe giniúna fuinnimh in-athnuaite ar an gcóras cumhachta a chumasú agus ag an am chéanna á áirithiú go n-oibrítear an córas go slán sábháilte. Mar chuid de Chreat Rialála AP5, thug CRU dreasacht bhliantúil nua isteach a dhírigh ar leibhéil beartais oibriúcháin TNSC a mhéadú. Socraítear le beartas oibriúcháin TNSC an t-uasleibhéal incheadaithe giniúna in-athnuaite ar an gcóras cumhachta, dá ngairtear teorainn TNSC. Leag an CRU spriocbeartas oibriúcháin TNSC de 82% síos do 2024.

D'éirigh leis an OCT triail 75% TNSC a chríochnú i mí an Mhárta 2022 agus tháinig 75% TNSC ina bheartas oibríochtúil buan. Chuir EirGrid triail i gcrích chun sriantacht MUON a laghdú ó chúig ghineadóir breosla iontaise traidisiúnta go ceithre cinn in Éirinn i Márta 2024 agus d'aistrigh siad chuig beartas seasmhach, a laghdaigh srianta córais níos mó agus a chumasaigh comhtháthú in-athnuaite níos mó. Baineann srian MUON le líon na n-aonad giniúna breosla iontaise traidisiúnta móra a chaithfidh a bheith ar líne ag pointe ama. Ina dhiaidh sin, rinne OCT dul chun cinn agus chríochnaigh sé staidéir féidearthachta maidir le teorainneacha TNSC a mhéadú go 80%.

Críochnaíodh na staidéir seo i mí na Nollag 2024 agus aithníodh leo roinnt príomhrioscaí córais a dteastaíonn maolú uathu sular féidir tús a chur leis an triail 80% TNSC. Tá obair ar siúl faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar bhearta maolaithe roimh thrialacha méaduithe TNSC amach anseo i gcomhréir le Treochlár TLM 1.1 EirGrid.

Mar a luadh i gCuid 16 '*Feidhmíocht EirGrid i gcoibhneas le OCTanna comparadóra go hidirnáisiúnta*', tá EirGrid chun tosaigh maidir le triail a dhéanamh ar theorainneacha TNSC níos airde agus maidir leis na teorainneacha méadaitheacha sin a aistriú i mbeartas oibríochtúil, i gcomparáid le hOCTanna go hidirnáisiúnta.

Is cuid de Threochlár SOEF 1.1 é TNSC a mhéadú agus éascófar leis leibhéil níos airde giniúna in-athnuaite neamhshioncronach ar an gcóras. Níl anseo ach céim amháin sa chonair i dtreo 95% TNSC faoi 2030, rud atá riachtanach chun spriocanna FIF-L an rialtais a chomhlíonadh.

Níl aon scórchárta ualaithe ann a bhaineann le dreasacht TNSC. D'fhan Beartas Oibríochtúil TNSC gan athrú ag 75% in 2024 agus dá bharr sin, de réir na teorach i [CRU/20/154](#), cuireadh an pionós iomlán €0.3m i bhfeidhm do 2024.

7.5 Foinse In-athnuaite Fuinnimh – Leictreachas (FIF-L)

Is dreasacht déнарtha í Dreasacht AP5 FIF-L. Tá an dámhachtain iomlán faoi réir sprioc 52% FIF-L a bhaint amach do 2024. Má bhaintear amach an sprioc bhliantúil mar a shonraítear ag an CRU, tá an dreasacht a bhronntar faoi réir measúnaithe ar fheidhmíocht i gcoinne cháilíocht an phlean is infheidhme (20%), cáilíocht chur chun feidhme an phlean (40%) agus éifeachtacht an phlean (40%).

In ainneoin go ndearnadh go leor dul chun cinn ag EirGrid maidir leis na hinsoláthartha a moladh ar dtús i bplean FIF-L EirGrid, níor baineadh amach an sprioc 52% do 2024. Baineadh amach leibhéal FIF-L de 40.0% ar bhonn uile-oileáin in 2024 agus ba é 40.1% an leibhéal FIF-L a baineadh amach in Éirinn in 2024³⁶.

De réir na sonraí in [CRU/20/154](#), níor cuireadh aon dámhachtain dreasachta i bhfeidhm ar an méid thuas do 2024.



40.1%

an leibhéal FIF-L a baineadh amach in Éirinn in 2024

8. Forbairt Idirnascaire



Arna chómhaoiniú ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa de chuid an Aontais Eorpaigh

Tá EirGrid, in éineacht lenár gcomhghleacaí Francach Réseau de Transport d'Électricité (RTÉ) ag leanúint ar aghaidh le forbairt Thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, Nasc Leictreachais Sruth Díreach Ardvoltais (HVDC) fomhuirí pleanáilte idir Éire agus an Fhrainc.

8.1 Forbairt an Idirnascaire Cheiltigh

Cuirfidh an tIdirnascaire Ceilteach pacáiste leathan buntáistí ar fáil do thomhaltóirí agus do ghnólaigh in Éirinn agus sa Fhrainc araon. Cuirfidh sé brú anuas ar chostas an leictreachais, feabhsóidh sé daingneacht an tsoláthair leictreachais in Éirinn, agus éascóidh sé ár n-aistriú náisiúnta chuig geilleagar ísealcharbóin.

Tiocfaidh na cáblaí cumhachta idirnascaire i dtír in Éirinn ag Trá an Chaisleáin Cria, in aice le hEochaill in Oirthear Chorcaí. Ón áit sin rithfidh cábla faoin talamh intíre agus leanfaidh sé ar aghaidh lastuaidh de Mhainistir na Corann go dtí an stáisiún tiontaíthe. Tá sé seo á thógáil i mBaile Adaim, ar chuid de shuíomh atá faoi úinéireacht na Gníomhaireachta Forbartha Tionscail (GFT), ar an taobh thoir de Charraig Thuathail. Tá an nasc deireanach á thógáil trí chábla faoin talamh ó Bhaile Adaim go fostáisiún ar an eangach náisiúnta

ag Cnoc Rátha. Tá oibreacha cábla faoin talamh beagnach críochnaithe agus oibreacha ar bun faoi láthair ar na hoibreacha cábla faoi thalamh ó Eochaill go Baile Adaim, agus tarraingt agus comhcheangal cábla ar siúl.

Tá an Fóram Pobail Ceilteach comhdhéanta d'ionadaithe pobail áitiúla. Éascaíonn sé idirphlé idir páirtithe leasmhara a bhfuil leasanna acu sa tionscadal agus foireann an tionscadail agus déanann sé ionadaíocht ar phobail áitiúla i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm an Chiste Sochair Pobail. Leantar le cruinnithe an Fhórait Pobail Cheiltigh a reáchtáil ar bhonn ráithiúil le linn chéim thógála an tionscadail. Bhunaigh EirGrid Ciste Sochair Pobail de chuid an Idirnascaire Cheiltigh agus é mar mór-aidhm aige cur le folláine phoiblí agus chomhshaoil sa phobal agus oidhreacht dhearfach a fhágáil sna pobail ina bhfuil an bonneagar eangaí seo. Scaoiltear an ciste i dtrí chéim, is iad sin: nuair a thosaíonn an tógáil, i lár an tionscadail agus nuair a bhíonn an tionscadal fuinnimhithe. Tá cistí do Chéim I bronnta cheana féin ar thionscadail phobail áitiúla agus tá iarratais ar Chéim II den chiste á meas faoi láthair. Is féidir tuilleadh faisnéise faoin gCiste Sochair Pobail de chuid an Idirnascaire Cheiltigh a fháil [anseo](#).

Le linn 2024, lean oibreacha ar aghaidh in Oirthear Chorcaí. Tá na hOibreacha Sibhialta ar shuíomh an Stáisiúin Tiontaire i mBaile Adaim beagnach críochnaithe agus suiteáil an phríomhthrealaimh curtha i gcrích ag Siemens Energy. Tá an bealach cábla HVDC ó Bhaile Adaim go Cnoc Rátha beagnach críochnaithe chomh maith

agus oibreacha trinseála agus duchtála curtha i gcrích, tarraingt cábla agus comhcheangal curtha i gcrích agus athshuíomh deiridh an bhóthair ar siúl. Tá oibreacha trinseála agus duchtála ar an mbealach cábla HVDC faoi thalamh ó Eochaill go Baile Adaim beagnach críochnaithe agus tarraingt agus comhcheangal cáblaí ar siúl.

Tá tógáil ar siúl don teacht i dtír ag Trá an Chaisleáin Cria in Eochaill agus duchtanna faoi thalamh curtha sa trá. Leanfar ar aghaidh leis na hoibreacha agus cuirfear na duchtanna deiridh riachtanacha i gcrios na taoide.

Mar Thionscadal Eorpach Leasa Choitinn, coimeádann EirGrid, in éineacht lenár gcomhghleacaí Francach Réseau de Transport d'Électricité (RTÉ) suíomh gréasáin tiomnaithe tionscadail www.celticinterconnector.eu. Tá sonraí iomlána faoi ghníomhaíochtaí leanúnacha an tionscadail foilsithe ar an suíomh gréasáin atá ar fáil i mBéarla agus i bhFraincis araon.

Chun eolas cothrom le dáta a fháil, féach ar ár suíomh gréasáin a nuashonraítear go rialta anseo.



Arna chómhaoiniú ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa de chuid an Aontais Eorpaigh

8.2 Forbairt Idirnascaire Greenlink

Is cábla idirnascaire leictreachais faoi thalamh é an tIdirnascaire Greenlink idir na heangaí leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór, le toilleadh 504 MW, arna thógáil ag Greenlink Interconnector Limited. Leis an tionscadal aistrítear leictreachas trí cháblaí fomhuirí agus faoin talamh thar 190 km idir Stáisiún 220 kV an Oileáin Mhoir i gContae Loch Garman agus Stáisiún Pembroke sa Bhreatain Bheag. Tagann na cáblaí cumhachta idirnascaire i dtír in Éirinn ag Trá Dhún Dónaill, in aice le Baile Ram i nDeisceart Loch Garman. Ón áit sin, ceanglaíonn cáblaí faoin talamh via Stáisiún Tiontaire Cheann Poill go Stáisiún 220kV an Oileáin Mhoir.

Tugann an tionscadal seo tairbhí móra ar an dá thaobh de Mhuir Éireann, in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag, maidir le comhtháthú foinsí fuinnimh ísealcharbóin. Cuireann an tionscadal seo nasc ar fáil d'Éirinn leis an AE agus leis an margadh leictreachais Nordach tríd an mBreatain Mhór. D'éascaigh EirGrid agus Líonraí BSL an nasc le Stáisiún 220 kV an Oileáin Mhoir.

Tá Tógáil agus Coimisiúnú an Idirnascaire Greenlink críochnaithe agus tá an t-idirnascaire in oibríocht tráchtála anois.

9. An chaoi a gcinntíonn muid athléimneacht líonra

Déanann EirGrid an gréasán tarchurtha a dhearadh agus a phleanáil de réir Chaighdeán Slándála agus Phleanála an Chórais Tarchurtha (TSSPS)³⁷ agus oibríonn sé é de réir na gCaighdeán Slándála Oibriúcháin³⁸ agus déanann Líonraí BSL an líonra tarchurtha a thógáil agus a chothabháil ar an talamh.

Ós rud é go bhfuil an gréasán tarchurtha ríthábhachtach do sholáthar leictreachais do gach custaiméir agus d'úsáideoirí deiridh, tá na caighdeáin sin ríthábhachtach chun a chinntiú go ndéantar an gréasán tarchurtha a dhearadh ar dhóigh lena ráthaítear go bhfuil sé sin sábháilte, slán agus láidir. Nuair a bheidh an eangach i bhfeidhm, tacófar léi le beartais agus nósanna imeachta láidre inár lárionaid rialaithe agus ar an talamh araon.

Tá cothabháil leanúnach an chórais tarchurtha ríthábhachtach chun athléimneacht an ghréasáin a chinntiú.

Coinnítear athbhreithniú ar an mBeartas um Chothabháil Sócmhainní lena chinntiú go leanann sé ag freastal ar riachtanais an chórais agus ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Is féidir an Treoir is nuashonraithe maidir le Cothabháil Trealaimh Tarchurtha a fháil ar shuíomh gréasáin EirGrid [anseo](#).

Tá líon mór línte lasnairde, cáblaí agus fostáisiún sa líonra tarchurtha atá scaipthe ar fud na tíre agus ag suiteálacha an chustaiméara. Éilítear le hobair chothabhála tarchurtha go ndéantar raon leathan agus méid ard tascanna cothabhála casta gach bliain. Comhaontaíonn EirGrid agus Líonraí BSL clár cothabhála bliantúil atá bunaithe ar na beartais agus na caighdeáin is infheidhme maidir le Cothabháil Tarchurtha. Cuireann Líonraí BSL an clár cothabhála tarchurtha ar fáil agus úsáid á baint as foirne de theicneoirí agus saineolaithe ardoilte a dháiltear ar fud na tíre. B'ionann an caiteachas cothabhála in 2024 agus €27.5m (lena n-áirítear cothabháil phleanáilte agus cothabháil lochtanna araon). Cuireann Líonraí BSL cothabháil tarchurtha ar fáil go héifeachtúil agus ar ardchaighdeán agus cuireann sé le sláinte, feidhmíocht, saol agus athléimneacht an chórais tarchurtha. Tá roinnt solúbthachta i sceidealú cothabhála laistigh den bhliain, nó ó bhliain go bliain.

Tuairiscíonn EirGrid agus Líonraí BSL an clár oibre cothabhála go gníomhach agus go dinimiciúil, bunaithe ar chriticiúlacht, ar bhonn leanúnach. Bíonn tionchar ag infhaighteacht éarthaí ar an gcumas an clár oibre cothabhála iomlán a sheachadadh; idirspheáchais le hoibreacha tionscadail chaipitil; aimsir agus cothabháil neamhphleanáilte eile nó lochtanna a thagann chun cinn; ceanglais bhreise oibre nó ábhair a aithníodh tar éis iniúchta; agus réimse leathan saincheistean eile.

37 [Caighdeán Slándála agus Phleanála an Chórais Tarchurtha de chuid EirGrid \(TSSPS\)](#) | [eirgrid.ie](#)

38 [Caighdeán Slándála Oibriúcháin](#) | [eirgrid.ie](#)

Éilítear le líonra athléimneach go dtugtar tús áite d'obair chothabhála chun a chinntiú go gcuirtear an chothabháil is tábhachtaí i gcrích ar dtús. Tá Próiseas Cothabhála Tosaíochta ag Líonraí BSL ina ndéantar anailís ar shonraí agus, in éineacht le EirGrid, cuirtear san áireamh na n-éarthaí is gá chun na gníomhartha feabhsúcháin riachtanacha a chur i gcrích. Cinntítear leis seo go dtabharfaimid aghaidh ar shaincheisteanna ardriosca, agus go dtugtar tús áite d'obair atá riachtanach ó thaobh sábháilteachta/athléimneachta líonra de.

I rith 2024, lean EirGrid agus Líonraí BSL ag obair go dlúth chun athléimneacht an ghréasáin tarchurtha a chinntiú trí mheascán de phleanáil láidir, cothabháil réamhghníomhach, agus bainistíocht chomhordaithe éarthaí. De réir mar a mhéadaíonn méid agus castacht na dtionscadal bonneagair tarchurtha, ní hamháin go n-éilítear le líonra athléimneach cothabháil sócmhainní éifeachtúil ach pleanáil straitéiseach éarthaí freisin chun tacú le hiontaofacht oibríochtúil agus forbairt chórais fhadtéarmach.

Ba é príomhchumasóir athléimneachta in 2024 cur chun feidhme leanúnach JOTP. Mar a luadh i *Roinn 5: An chaoi ar éirigh linn in aghaidh dreasachtaí seachadta tarchurtha*, chuir an clár seo, faoi stiúir EirGrid agus Líonraí BSL, roinnt idirghabhálacha tábhachtacha ar fáil i rith na bliana atá aistrithe anois go GG. Ina measc seo bhí tabhairt isteach oibreacha dúshraithe crann fuinnimhithe, próisis rannpháirtíochta tionscadail luathchéime, agus beartas nua fostáisiún athfhorbraíochta. Tá feabhas tagtha

ar éifeachtúlacht agus ar chomhordú na pleanála ar éaradh, rud a chuireann go díreach le hathléimneacht líonra fheabhsaithe.

Is riachtanas lárnach eile é comhordú na pleanála don éaradh chun spleáchas ar líonra a chinntiú ó lá go lá agus ó sheachtain go seachtain. Déantar monatóireacht agus pleanáil chúramach ar chumas an chórais freastal ar éileamh, fiú nuair nach bhfuil sócmhainní giniúna nó córais ar fáil. Leis an bPlean Uile-Oileáin maidir le hÉarthaí Giniúna cinntítear comhordú éarthaí pleanáilte nuair nach mbeidh stáisiúin chumhachta ar fáil mar gheall ar chothabháil nó ar chúiseanna eile. Cuirtear san áireamh sa phlean daingneacht an tsoláthair in Éirinn, chomh maith le hoibriú eacnamaíoch an chórais chumhachta, agus riachtanais chothabhála/acmhainní na ngineadóirí.

Foilsítear an Plean Uile-Oileáin maidir le hÉarthaí Giniúna i Meán Fómhair gach bliain. Le linn na bliana, tugtar an plean don bhliain sin cothrom le dáta ar bhonn laethúil, nó de réir mar is gá. Is féidir sonraí maidir leis na Pleananna Uile-Oileáin maidir le hÉarthaí Giniúna a fháil ar shuíomh gréasáin an Oibreora Margaidh Leictreachais Aonair (SEMO) [anseo](#). Is féidir le gineadóirí iarratais ar éaradh a sheoladh chuig EirGrid agus úsáid á baint as an bhfoirm iarratais um Éaradh Gineadóra ar shuíomh gréasáin EirGrid [anseo](#).

Is éard atá i gceist le hÉarthaí Tarchurtha ná amanna pleanáilte nuair a dhéanfar línte, cáblaí agus fostáisiúin a chothabháil agus nach mbeidh siad i seirbhís. Baineann sé freisin le hamanna nuair a dhéantar tástáil plandaí, nascadh gléasra

nua agus díchoimisiúnú seanghléasra. Cuimsíonn an TOP bliantúil gach éaradh bonneagair tarchurtha atá beartaithe le tarlú sa bhliain.

Tuairiscítear céatadán seachadta toraidh na n-oibreacha caipitiúla a bhaineann le héarthaí pleanáilte agus EInna faoi threoir an TOP bliantúil. In 2024, ba é céatadán seachadta TOP ná 87.9%.

Tá roinnt fachtóirí riosca ann a théann i bhfeidhm ar an gcumas infheistíocht agus cláir oibre cothabhála a chur ar fáil ar an scála seo. De ghnáth titeann siad seo faoi cheann amháin de na seacht gcatagóir seo a leanas: próiseas an toilithe agus cúrsaí dlí, castacht theicniúil, baic ar acmhainní a chur ar fáil agus ar shlabhra an tsoláthair dhomhanda, dúshlán don phobal agus do pháirtithe leasmhara, inrochtaineacht agus inacmhainneacht talún, chomh maith le saincheisteanna a thagann chun cinn faoi thionscadail custaiméirí tríú páirtí agus rioscaí éartha.

Thug CRU forálacha isteach maidir le Sásra Coigeartaithe Éartha Gearrfhógra (SNOAM), lena bhforáiltear do laghdú ar fhad na n-éarthaí seirbhíse pleanáilte ar ghearrfhógra. I mí an Mhárta 2020, d'fhoilsigh CRU páipéar faisnéise [CRU/20/038](#) ina raibh tuilleadh sonraí faoin sásra seo. In 2024, níor úsáideadh forálacha SNOAM le haon éarthaí seirbhíse.

Is féidir breis faisnéise faoin gClár um Éarthaí Tarchurtha a fháil [anseo](#).

9.1 Athléimneacht líonra i gcóras atá ag síorathrú

Ceann de na dúshláin is mó is ea athléimneacht líonra a choinneáil i gcóras cumhachta atá ag éirí níos éagsúla agus níos casta le leibhéil giniúna in-athnuaite atá ag síormhéadú.

Féachann Treochlár SOEF 1.1 de chuid EirGrid³⁹ le dul i ngleic leis an tsaincheist seo.

Leis an gclár SOEF, leanann EirGrid ag díriú ar 95% TNSC in 2030 agus tá staidéir ar siúl chun imscrúdú a dhéanamh ar bhearta maolaitheacha a theastaíonn chun tús a chur le triail 80% TNSC. Beart cumasúcháin amháin a ndíríodh air in 2024 is ea íoslíon na n-aonad mór traidisiúnta ar líne in Éirinn a laghdú. Is féidir sonraí breise faoi seo a fháil i gCuid 11.

Tá sé tábhachtach freisin seachadadh cothabhála ar an gcóras tarchurtha a bharrfheabhsú chun a athléimneacht a fheabhsú. In 2024, ionchorpraíodh pleananna cothabhála criticiúla arís níos luaithe sa phróiseas pleanála éartha tarchurtha agus tosaíocht níos airde á tabhairt do bhreithnithe cothabhála criticiúla i bhforbairt na bpleananna agus na sceideal éarthaí seirbhíse. Is clár eile é an JOTP idir ÚST agus OCT a ndearnadh dul chun cinn air in 2024 agus atá dírithe ar an bpróiseas éartha seirbhíse a bharrfheabhsú agus atá clúdaithe i gcuid 5.

9.2 Athléimneacht an ghréasáin i mbun gnímh

In 2024, tharla roinnt eachtraí ina raibh gá éarthaí ar an ngréasán a bhainistiú agus a athléimneacht a choinneáil, ag áirithiú go raibh soláthar leanúnach, sábháilte agus slán leictreachais ar fáil i gcónaí.

Tharla seacht n-imeacht caillteanais lóid in 2024:

- An 21 Eanáir ag 19:34, thruipeáil ciorcad 110 kV Bhéal Átha Chomhraic – Chaisleán an Bharraigh le haghaidh locht aon phas go talamh le linn Stoirm Isha. Rinne an Ciorcad a thruipeáil ar an dá fhoirceann agus athdhúnadh i gCaisleán an Bharraigh é. Dhún an Lárionad Náisiúnta Rialaithe (NCC) scoradán ciorcaid Chaisleán an Bharraigh i stáisiún 110 kV Bhéal Átha Chomhraic ag 19:38 agus thruipeáil an ciorcad arís ag 19:39. Ag 20:21, d'éirigh leis an líne a lascadh ar ais i seirbhís. Réitíodh an locht i thart ar 60 nóiméad. Tharla cur isteach ar úsáideoirí deiridh, rud a d'fhág 0.041465 SML.
- An 21 Eanáir ag 21:00, thruipeáil ciorcad 110 kV Bhinn Bhán – Eas Chaitlín le haghaidh locht aon phas go talamh. Réitíodh an locht i thart ar 280 nóiméad. Tharla cur isteach ar úsáideoirí deiridh, rud a d'fhág 0.008981 SML.
- An 23 Feabhra ag 20:16, thruipeáil ciorcad 110 kV Chnoc Iarthach – Ochtú – Trá Lí le haghaidh locht trí phas go talamh. Tintreach ba chúis leis an locht. Réitíodh an locht i thart ar 60 nóiméad. Tharla cur isteach ar úsáideoirí deiridh, rud a d'fhág 0.000039 SML.
- An 9 Meitheamh ag 17:20, thruipeáil ciorcad 110 kV An Léana Liath – Leitir Ceanainn le haghaidh locht aon phas go talamh. Taifeadadh báisteach throm sa cheantar ag am an lochta. Leis an gcorcad 110 kV Bhinn Bhán – EAS Chaitlín as seirbhís le haghaidh oibreacha pleanáilte, cailleadh ceithre stáisiún 110 kV mar thoradh air seo; An Léana Liath, An Taobh Breac, Ard na gCeapairí, agus An Bhinn Bhán. Cuireadh an seirbhís ar bun arís ag 17:30. Réitíodh an locht i thart ar 40 nóiméad. Tharla cur isteach ar úsáideoirí deiridh, rud a d'fhág 0.028699 SML.
- An 11 Lúnasa ag 22:21, thruipeáil ciorcad 110 kV An Léana Léith – An Taoibh Bhric le haghaidh locht aon phas go talamh. Tintreach ba chúis leis an locht agus bhí rabhadh aimsire i bhfeidhm ag am an tsuaite. Rinne an ciorcad a thruipeáil agus athdhúnadh sa Léana Liath é. Leis an gcorcad 110 kV Bhinn Bhán – Eas Chaitlín as seirbhís le haghaidh oibreacha pleanáilte, cailleadh dhá stáisiún 110 kV; Ard na gCeapairí, agus An Bhinn Bhán. Cuireadh an soláthar go dtí an Bhinn Bhán ar bun arís ag 22:27 agus go hArd na gCeapairí ag 22:31. Réitíodh an locht i thart ar 60 nóiméad. Tharla cur isteach ar úsáideoirí deiridh, rud a d'fhág 0.016211 SML.
- An 6 Nollaig ag 23:36, thruipeáil ciorcad 110 kV Na hAirgní – Chora Droma Rúisc – Chora Dhoire le haghaidh locht aon phas go talamh le linn Stoirm Darragh. Rinne an ciorcad a thruipeáil, a athdhúnadh agus a ath-thruipeáil. Cuireadh an soláthar go stáisiún 110 kV na hAirgní ar bun

arís ag 23:47. Réitíodh an locht i thart ar 60 nóiméad. Tharla cur isteach ar úsáideoirí deiridh, rud a d'fhág 0.015448 SML.

- An 7 Nollaig ag 08:39, thruipeáil ciorcad 110 kV An Chnoic Iarthaigh – Ochtú – Thrá Lí le haghaidh locht aon phas go talamh le linn Stoirm Darragh. Rinne an ciorcad a thruipeáil, a athdhúnadh agus a ath-thruipeáil. Cuireadh an soláthar go stáisiún 110 kV Ochtú ar bun arís ag 08:55. Réitíodh an locht i thart ar 40 nóiméad. Tharla cur isteach ar úsáideoirí deiridh, rud a d'fhág 0.041323 SML.

Chomh maith le Stoirmeacha Isha agus Darragh, tharla locht ar an gcóras tarchurtha le linn Stoirm Ashley an 20 Deireadh Fómhair 2024 ag 21:07. Rinne ciorcad Lodgewood 220 kV – an Oileáin Mhóir a thruipeáil agus a athdhúnadh ag foirceann amháin mar gheall ar ghaoithe ardluais, le linn rabhadh aimsire Stádas Buí. Níor cuireadh isteach ar úsáideoirí deiridh.

Chun a áirithiú go mbeidh sócmhainní tarchurtha athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide, is gá go ndíreofaí níos mó ar rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a bhfuil gá leis chun na réamh mheastacháin agus na rioscaí aeráide is déanaí a shainaithint. Leanann Líonraí BSL de bheith i dteagmháil le hOifig na nOibreacha Poiblí ar shamhlacha aeráide agus ar léarscáileanna tuilte dá chuid chun rioscaí aeráide maidir leis an ngréasán tarchurtha a shainaithint agus beidh sé ag obair níos mó leo mar pháirtithe leasmhara i bhforbairt a bPleananna Oiriúnaithe don Athrú Aeráide le haghaidh Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte (SAP).

Féach Cuid 12 de PSI chun sonraí breise a fháil maidir leis na bearta oiriúnaithe aeráide atá beartaithe ag EirGrid agus atá ábhartha don chóras tarchurtha.

9.3 An Plean Cumarsáide Éigeandála don Chóras Cumhachta

D'oibrigh EirGrid le DCEE agus le Seirbhís Faisnéise an Rialtais chun an foghrúpa Cumarsáid maidir le hÉigeandáil Fuinnimh a bhunú agus a fheidhmiú, foghrúpa a ghníomhachtaítear faoin nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (NECG) i gcás éigeandáil náisiúnta.

In 2024, bhí EirGrid i gceannas ar dhá chleachtadh san earnáil fuinnimh le Líonraí Gáis Éireann, Líonraí BSL, DCEE, CRU, agus an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC). Tá na cleachtaí sin ríthábhachtach mar thaca le hullmhacht riosca agus pleanáil éigeandála na hÉireann.

Sa bhreis air sin, thacaigh EirGrid le DCEE chun cleachtadh de chuid an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (NECG) a phleanáil agus a dhearadh (mar aon le ranna uile earnála an rialtais) i mí na Samhna 2024.

10. An chaoi a mbainistíonn EirGrid sriantacht gréasáin

Déanann EirGrid srianta oibríochtúla córais a chur chun feidhme, i gcomhar le SONI, OCT Thuaisceart Éireann, chun leibhéil inghlactha chobhsaíochta agus voltais an chórais a choinneáil chun oibriú éifeachtúil agus slán an chórais cumhachta a chumasú. Is féidir tuilleadh eolais a fháil sa Nuashonrú ar Shrianta Oibríochta, a fhoilsítear go seachtainiúil.

Tá próiseas bliantúil i bhfeidhm ina ndéantar athbhreithniú ar na srianta oibríochtúla uile ag tús na bliana gnó. Bunaithe ar ionchuir ó fhoirne éagsúla ar fud EirGrid agus ar athbhreithniú ar an Nuashonrú seachtainiúil ar Shrianta Oibríochtúla, roghnaítear na srianta oibríochtúla sonracha atá le hathbhreithniú agus déantar anailís orthu ina dhiaidh sin. Déantar athbhreithniú freisin ar shrianta oibríochtúla má rinneadh athruithe suntasacha ar an ngréasán i limistéar ar leith den chóras tarchurtha, má nascadh giniúint shuntasach i limistéar den chóras tarchurtha, nó má dúnadh giniúint shuntasach i limistéar den chóras tarchurtha. Is féidir le EirGrid a dhearbhu gur foilsíodh gach tuarascáil maidir le Nuashonrú ar Shrianta Oibríochtúla le haghaidh 2024 go tráthúil agus go bhfuil fáil ag an bpobal orthu [anseo](#).

Is iad Innealtóirí Lárionaid Rialaithe a dhéanann bainistiú gearrthéarmach ar shrianta líonra trí uirlisí bogearraí speisialaithe a úsáid. Cuirtear faisnéis ar fáil don NCC chun a áirithiú go nglactar an beart is éifeachtúla ó thaobh costais de. Is é an beart feidhmíochta is éifeachtaí maidir le srianta a bhainistiú ná beart a ghlacadh chun costais sriantachta a laghdú. Déantar tuilleadh plé air seo sa chéad chuid eile.

10.1 Faisnéis maidir le Méideanna Ciorrúcháin 2024

Tagraíonn ciorrúchán do sheoladh anuas gaoithe/gréine ar chúiseanna uile chórais (i gcás ina ndéanfaí le laghdú ar aon ghineadóir gaoithe/gréine nó ar na gineadóirí gaoithe/gréine uile an fhadhb a mhaolú). Tá cineálacha éagsúla teorainneacha daingneachta córais ann lena n-éilítear ciorrúchán, lena n-áirítear:

1. **Ceanglais chobhsaíochta an chórais (táimhe shioncronach, cobhsaíocht dhinimiciúil agus neamhbhuan)** - Chun cobhsaíocht mhinicíocht an chórais chumhachta a chinntiú, tá íosleibhéal táimhe de dhíth chun gníomhú in aghaidh athruithe tobanna ar ghiniúint nó ar éileamh. I láthair na huaire, déantar an méid sin a bhainistiú ag srian oibriúcháin ar a dtugtar Íoslíon Gnáthaonad ar Líne (MUON), rud a éilíonn go mbeidh líon sonrach aonad sioncronacha traidisiúnta i mbun feidhme an t-am ar fad. Le linn tréimhsí d'aschur ard foinsí in-athnuaite, cuireann na haonaid sin giniúint ghaoithe agus ghréine as áit chun a chinntiú go ndéantar táimhe leordhóthanach agus cobhsaíocht dhinimiciúil a chothabháil. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais maidir le pleananna chun srian an MUON a laghdú i gcuid 7.
2. **Ceanglais maidir le cúltaca feidhme, lena n-áirítear cúlchiste diúltach** - Nuair a bhíonn aonaid thraidisiúnta i mbun feidhme chun cúlchiste oibriúcháin nó seirbhísí córais a chur ar fáil, d'fhéadfadh sé go mbeidh orthu feidhmiú os cionn a n-íosaschuir chobhsaí d'fhonn a bheith in ann an tseirbhís a chur ar fáil ar bhonn

teicniúil. Má bhíonn an t-éileamh íseal agus giniúint in-athnuaite ard, d'fhéadfaí gur ghá na haonaid sin a rith ag aschuir níos airde, rud a fhágann go gcaithfear foinsí in-athnuaite a sheoladh anuas chun cobhsaíocht an chórais a chothabháil.

3. **Riachtanais rialaithe voltais** - Is ionann rialú voltais agus ceanglas cobhsaíochta suímh a fhágann go minic go gcaithfear giniúint thraidisiúnta a sheoladh anuas in áiteanna sonracha chun voltas a choinneáil laistigh de raoin inghlactha. Is féidir leis sin ciorrúchán a spreagadh, fiú nuair a bhíonn táimhe uile-chórais leordhóthanach, mar nach mór aonaid shonracha áitiúla a choinneáil, rud a laghdaíonn an toilleadh atá ar fáil d'fhoinsí in-athnuaite in áiteanna eile ar an eangach.
4. **Teorainn TNSC** - Is ionann an teorainn TNSC agus príomh-mhéadrach oibriúcháin a léiríonn uas-chéatadán an éilimh is féidir a bhaint amach ag giniúint neamh-shioncronach (gaoth, grian, idirnascairí SDAV) ag aon tráth amháin. Is féidir teacht ar níos mó eolais maidir le teorainneacha TNSC atá ag dul i méid i gcuid 7.

Déantar gach gníomh ciorrúcháin a chatagóiriú i dtrí chód cúise chomhfhreagracha arna gcur i bhfeidhm ag an seomra rialaithe:

- **Ard-Mhinicíocht/Giniúint Íosta:** Baintear úsáid as seo nuair atáthar ag déanamh iarracht teagmhas éigeandála ardmhinicíochta a mhaolú nó chun an leibhéal íosta giniúna traidisiúnta ar an gcóras a éascú chun freastal ar riachtanais chúltaca, ar sheoladh tosaíochta nó chun cumais rampála a sholáthar. B'ionann ciorrúchán Ard-Mhinicíochta/Giniúna Íosta agus 4.8% d'fhuinneamh gaoithe iomlán a bhí ar fáil in Éirinn agus 4.2% d'fhuinneamh gréine iomlán a bhí ar fáil in Éirinn in 2024.
- **Fadhb le TNSC:** Baintear úsáid as seo chun Treá Neamhshioncronach an Chórais a laghdú. B'ionann TNSC agus 0.2% d'fhuinneamh gaoithe iomlán a bhí ar fáil in Éirinn agus 0.1% d'fhuinneamh gréine iomlán a bhí ar fáil in Éirinn in 2024.
- **ROCOF/Táimhe:** Baintear úsáid as seo nuair a bhíonn luach Ráta Athraithe Minicíochta (ROCOF) do chailliúint an ionfhotha aonair is mó ró-ard agus go gcaitear fuinneamh gaoithe/gréine a sheoladh anuas dá bharr sin nó nuair a bhíonn táimhe an chórais ró-íseal. B'ionann ROCOF/Táimhe agus 0.01% d'fhuinneamh gaoithe iomlán a bhí ar fáil in Éirinn agus 0% d'fhuinneamh gréine iomlán a bhí ar fáil in Éirinn in 2024.

Léirítear i dTábla 16 thíos miondealú ar mhéideanna ciorrúcháin le haghaidh giniúint ghaoithe agus ghréine in Éirinn. Ní raibh aon chiorrú ar ghiniúint gréine in 2021 agus 2022 toisc nach raibh aon ghiniúint gréine tarchur-nasctha ann go dtí 2023.

Bíonn tionchar ag roinnt imthosca a athraíonn ó bhliain go bliain ar leibhéal an tseolta anuas, amhail méid na gaoithe agus na gréine atá bainteach leis an gcóras, éileamh an chórais, allmhairí idirnascaire agus fachtóir toillte⁴⁰ na giniúna in athnuaite. Ba é 24% fachtóir toillte na bhfeirmeacha gaoithe in 2024, ar laghdú beag é ó 2023.

Le blianta beaga anuas, rinneadh oibreacha caipitil suntasacha chun an córas tarchurtha a uasghrádú ionas gur féidir níos mó giniúna gaoithe agus gréine a onnmhairiú ar an gcóras cumhachta. Gach bliain déantar raon éarthaí tarchurtha pleanáilte lena méadófaí srianta uaireanta. Rinneadh malartú oibriúcháin atá ag éirí níos casta in 2024 chun aschur in athnuaite a uasmhéadú nuair is féidir ar fud an chórais tarchurtha.

Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le Srianta agus Ciorrúchán, féach an [Tuarascáil Bhliantúil maidir le Srianta agus Ciorrúchán an Fhuinnimh In-athnuaite 2024](#).

⁴⁰ Is é an fachtóir toillte an méid fuinnimh a tháirgtear (aschur MW) i gcoibhneas leis an uasmhéid teoiriciúil a d'fhéadfaí a tháirgeadh dá n oibreodh an gineadóir ag lán a chumais. Dá bhrí sin, is ionann é agus meán aschur na giniúna.

Tábla 16: Méideanna agus Costas Ciorrúcháin In Athnuaite		
Bliain	Méideanna Ciorrúcháin Gaoithe (MWh)	Méideanna Ciorrúcháin Gréine (MWh)
2024	627,440	32,006
2023	594,595	9,548
2022	412,827	–
2021	291,412	–

10.2 Costas Shrianta agus Chiorrúchán na bhFoinsí In-athnuaite (Gaoithe & Gréine)

Nuair is gá gineadóir in-athnuaite (gaoithe nó gréine) a sheoladh anuas mar gheall ar imní slándála córais áitiúla (srian) nó mar thoradh ar shaincheistean uile-chórais (ciorrúchán), d'fhéadfadh cúiteamh a bheith dlite dóibh. Faoi láthair, faoi shocruithe An Mhargaidh Leictreachas Aonair (MLA) ní dhéantar cúiteamh ar ghiniúint in-athnuaite ach amháin nuair a bhíonn srian uirthi. Tá cinneadh Choiste an MLA SEM/22/009, a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 13(7) de Rialachán (AE) 2019 / 943, faoi réir phróisis athbhreithnithe bhreithiúnaigh (JR) in Éirinn. D'fhéadfadh toradh an phróisis seo athrú a dhéanamh ar an gcaoi a gcúitítear aonaid as srianadh agus ciorrú araon san MLA.

Gan dochar do thorthaí na n-imeachtaí sin, tá meastachán ar chostais srianta agus ciorrúcháin in Éirinn i ngach bliain féilire ábhartha leagtha amach ag EirGrid thíos i gcás ina n-athraíonn na socruithe cúitimh, agus pléadh bunús na dtoimhdí a úsáideadh leis an CRU agus le hÚdaráis Rialála an SEM. Léirítear sa tábla cathain a tháinig na costais mheasta chun cinn seachas cathain a d'fhéadfaí na costais a íoc. Déanfar athbhreithniú ar na fíoracha agus dearbhófar iad i ndiaidh thorthaí an phróisis dhlíthiúil sin agus i ndiaidh socrú iomlán agus críochnaitheach aon airgid atá dlite. Dá réir sin, ba cheart caitheamh le gach fíor mar mheastacháin ardleibhéil agus mar sin amháin.

Tábla 17: Costas measta cúitimh ar ghineadóirí in-athnuaite (srian agus ciorrúchán)				
	Costais Fhéideartha go dtí go bhfaighfear toradh an JR agus an mhodheolaíocht dheiridh		Méid Iarbhír a íocadh Amach	
Éire Amháin	Ciorrúchán – Costas Measta €M	Srian – Costas Measta €M	Srian – Costais Iarbhír a íocadh €M	Iomlán – Costas Measta €M
2020	€30	€35	€4	€70
2021	€15	€36	€19	€70
2022	€24	€43	€28	€94
2023	€37	€33	€19	€89
2024	€45	€40	€20	€105

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach léiríonn na costais atá leagtha amach thuas ach an costas measta a bhaineann le cúiteamh a thabhairt do na gineadóirí in-athnuaite. Ní áirítear leis na costais meastachán ar chostais an chúitimh mar gheall ar an bhfoinse (na foinsí) giniúna malartacha is lú costais a theastaíonn chun an fuinneamh a seoladh anuas a athsholáthar, más infheidhme. Leanfaidh EirGrid dá rannpháirtíocht leis an CRU chun modheolaíocht oiriúnach neasúcháin a chinneadh i gcás costais den sórt sin.

Tugtar faoi deara go bhfuil foráil déanta ag an CRU agus ag Údaráis Rialála SEM i dtaraifí chun cistí a aisghabháil chun aon dliteanas féideartha a chomhlíonadh gan dochar don phróiseas athbhreithnithe breithiúnach atá ar siúl. Ní dhéanfar íocaíocht ar bith go dtí go gcuirtear an próiseas dlíthiúil i gcrích ar deireadh agus go dtí go bhfuil modheolaíocht ríomha agus sásra íocaíochta arna formheas go rialála i bhfeidhm. Tá an t-airgead go léir a aisghabhtar curtha i leataobh don chuspóir seo.

11. An chaoi a mbainistíonn EirGrid costais sriantachta

Uaireanta beidh ar EirGrid roinnt gineadóirí cumhachta a sheoladh nó a ath threorú ar bhealach atá éagsúil le sceideal an mhargaidh, chun daingneacht an tsoláthair a áirithiú d'úsáideoirí deiridh agus do rannpháirtithe margaidh. Is amhlaidh sin mar gheall ar na nithe teicniúla a bhaineann le córas cumhachta dinimiciúil atá ag athrú go mear a oibriú, amhail rólódáil a chosc nó cúlchiste giniúna leordhóthanach a chothabháil.

I gcás ina bhfeidhmítear stáisiúin chumhachta ar bhealach difriúil le sceideal an mhargaidh, tugtar 'sriantacht' air. Coinnítear gineadóirí neodrach ó thaobh airgeadais de le sceideal bunaidh an mhargaidh agus is é an costas a bhaineann leis seo a dhéanamh an costas sriantachta.

Is iad costais sriantachta an chuid is suntasaí de chostais cothromúcháin seolta. Ciallaíonn seoladh treoracha a sheoladh ó lárionad rialaithe EirGrid chuig gineadóirí cumhachta, aonaid bhainistiú an éilimh, idirnascairí nó gléasra stórála caidéalaithe maidir lena n amanna, a mbreosla, a modh oibríochta nó a n aschur. Is sraith íocaíochtaí iad costais cothromúcháin seolta a bhaineann leis an mbealach a dtugtar treoir do ghineadóirí.

Mar aon le costais sriantachta, áirítear íocaíochtaí éagothroime neamhthreoraithe agus muirir tástála gineadóra i gcostais cothromúcháin seolta. Is gné de dhearadh SEM iad costais sriantachta. Toibhítear na costais sin ar sholáthróirí leis an Muirear Lochtanna. Tá EirGrid, agus iad ag obair i gcomhar le SONI agus le OCT Thuaisceart Éireann, freagrach as costais cothromúcháin seolta a thuar agus a bhainistiú. Tá siad mar chuid den mhuirear lochtanna a n íocann rannpháirtithe margaidh as.

Mar chuid de AP5, thug an CRF dreasacht isteach le haghaidh Lochtanna agus Srianta. Is é is aidhm don dreasacht EirGrid a chur chun cinn chun costais na srianta ar an gcóras a mhaolú agus a laghdú. Baineann an dreasacht le réimsí a shainaithint ag EirGrid a bhaineann le costais lochtanna agus gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun costais a laghdú.

D'fhoilsigh an CRF páipéar faisnéise maidir le dreasachtaí 2024 i mí an Mhárta 2024, [CRU202405](#) ina bhfuil treoir agus comhairle maidir le spriocanna Scórchártaí Ualaithe 2024 agus maidir leis an bpróiseas measúnaithe feidhmíochta. Leagtar amach sa pháipéar faisnéise go ndéantar gach gné den scórchárta ualaithe a mheas i gcoinne na nithe seo a leanas: caighdeán an phlean agus na ngníomhartha sainithe (20%); caighdeán chur chun feidhme an phlean (40%); agus éifeachtúlacht an phlean agus tionchair inléirithe (40%).

Tá an dreasacht um Lochtanna agus Srianta don bhliain 2024 bunaithe ar scórchárta ualaithe ina bhfuil cúig phríomhbheart mar a leagtar amach i dTábla 18.

Tábla 18: Scórchárta Ualaithe na Dreasachta maidir le Lochtanna agus Srianata 2024	
Athbhreithniú agus Athruithe ar Pholasaí Cúlchiste	• Tuarascáil deiridh maidir le torthaí agus modheolaíocht na Seirbhísí Córas – Athbhreithniú Táirgí agus modheolaíocht mhéideanna LPF an Chreata um Sholáthar Srathach (LPF), lena n áirítear impleachtaí maidir le híoslagh dú costais agus tionchair mhéideanna, tionchair ar pháirtithe leasmhara. • Tuarascáil deiridh ar an Socrú maidir le hAthbhreithniú Táirgí maidir le Ceant Seirbhísí Córais Lá Roimh Ré (DASSA), lena n áirítear impleachtaí maidir le híoslagh dú costais agus tionchair mhéideanna, tionchair ar pháirtithe leasmhara • Tuarascáil deiridh ar mhodheolaíocht réamhaisnéis méideanna Shocrúithe DASSA lena n áirítear impleachtaí maidir le híoslagh dú costais agus tionchair mhéideanna, tionchair ar pháirtithe leasmhara. • Ba cheart sonraí a thabhairt sa tuairisciú maidir leis an mbealach a mbeartaíonn OCT úsáid an chúlchiste arna sholáthar le sceideal an mhargaidh a mhéadú agus treochlár chun deireadh a chur de réir a chéile le soláthar seirbhísí cúltaca ó fhoinsí carbóin faoi dheireadh 2027.
Athbhreithniú agus Treochlár an Ghrúpa Srianachta Tarchurtha (TCG)	• Tuairisc a thabhairt ar an athbhreithniú bliantúil ar TCG teirmeacha agus bunaithe ar voltas atá ag cur srian ar an gcóras cumhachta agus breac chuntas a thabhairt ar na bearta atá beartaithe ag an OCT a dhéanamh tar éis an athbhreithnithe chun srianata a mhaolú. • Ba cheart fianaise shoiléir agus chainníochtúil a áireamh sa tuarascáil ar na srianata a fuarthas (lena n áirítear cúis an tsrianata), an tionchar ar chostais, agus an bealach ar laghdaíodh nó a laghdófar iad mar chuid d'athbhreithniú agus de phróiseas TCG – féach CRU20154 chun treoraíocht iomlán a fháil. • Ba cheart feabhsuithe in athbhreithniú TCG 2024 a shainaithint sa tuarascáil i gcomparáid le 2023. • Fianaise ar phlean chun aistriú chuig staidéar TCG seachtainiúil agus nuashonruithe próisis faoi L1 2025.
Táimhe	• Tuarascáil ina sonraítear an fhéidearthacht atá ann a bhaineann le hurláir táimhe dhlínsiúla. • Ba cheart go n áireofaí sa tuarascáil sonraí maidir le costas agus tairbhí na n athruithe a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith leis an mbealach a gcuirfear beartas den sórt sin i gcomparáid le hurlár uile oileáin 20MW atá neamhábhartha anois agus le tairbhí a bheidh ann go luath sa todhchaí ó idirnascadh idirnáisiúnta. • Ba cheart sonraí a thabhairt sa tuarascáil maidir leis an idirghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann idir gnéithe eile de shrianata amhail urláir táimhe tionchair MUON (nó a mhalairt).

Íoslíon Gnáthaonad ar Líne (MUON)	• Tuarascáil ar chríochnú na trialach MUON agus athbhreithniú ar thorthaí na trialach. • Faoi réir thoradh an athbhreithnithe, áireofar sa tuarascáil tuairisc ar an gcinneadh chun beartas oibríochtúil marthanach a dheimhniú lena oibriú le 7 n aonad shioncronacha mhóra ar a laghad. • Sonraí a thabhairt sa tuarascáil faoi na beartais oibríochtúla a forbraíodh, ar imríodh tionchar orthu, agus ar na gníomhaíochtaí atá fágtha a bhfuil gá leo le haghaidh deimhniúcháin agus amlíne ghaolmhar. • Sonraí a thabhairt sa tuarascáil faoi na chéad chéimeanna eile chun oibriú slán an chórais a bhaint amach le trí ghnáthaonad nó níos lú ar an oileán faoi 2030.
Tuarascáil ar Lochtanna agus Srianta	• Ceithre Thuarascáil Ráithiúla ar Chostais Lochtanna a fhoilsiú ina mbeidh fianaise shoiléir ar ghníomhaíochtaí laghdaithe lochtanna, dul chun cinn ar phlean bliantúil agus na feabhsuithe a dhéanfaidh an OCT sa todhchaí chun costas gach sriain a bhaint nó a laghdú sa chéad tréimhse eile. • An tuairisciú ar chostais lochtanna atá ann a leasú chun Costais Cothromúcháin Seolta (DBC) bhliantúla ROI a shanntar do bhonneagar moillithe a shainaithnítear sna tuarascálacha Punainne Seachadta Gréasáin a chur san áireamh. Formáid tuairiscithe atá le comhaontú le CRU. • Tuarascáil olltoraidh chun laghduithe ar chostais lochtanna a chur san áireamh le haghaidh gach birt a rinne OCT sa bhliain (níor cheart bearta a bheith curtha san áireamh roimhe sin in aighneacht olltoraidh). • Tuarascáil lár na bliana a chur faoi bhráid an CRF faoi dheireadh mhí an Mhárta chun anailís a sholáthar ar chaiteachas lochtanna don chéad 5 mhí den bhliain taraife agus i bhfianaise an chaiteachais lochtanna don 7 mí dheireanacha den bhliain taraife. • Sonraí a thabhairt faoi fheabhsuithe ar thuairisciú lochtanna in 2024 agus faoin mbealach a bhfuil athruithe ar ghníomhaíochtaí OCT mar thoradh air sin chun aghaidh a thabhairt ar shrianta córais. • Tuarascáil an Olltoraidh chun sonraí a chur san áireamh maidir leis na srianta gníomhacha/bainte uile le haghaidh 2024, an fad ama a bhí gach ceann acu i bhfeidhm agus an fad ama a thuartar go mbeidh gach ceann acu i bhfeidhm (tuarascáil le bheith i gcomhréir le treoirlínte CRU). • Ba cheart go n áireofaí freisin sa tuarascáil olltoraidh maidir le srianta mhéid na seirbhísí córais arna seoladh ag OCT trí ghníomhaíochtaí neamhfhuinnimh le linn 2024 agus an costas gaolmhar. Ba cheart anailís chomparáideach ar fheidhmíocht i gcomparáid le 2023 a sholáthar sa tuarascáil. • Ba cheart go n áireofaí sna tuarascálacha meastacháin ar thionchar gháis cheaptha teasa/carbóin na dteorainneacha córais (e.g. srianta agus ciorrú), agus laghduithe mar gheall ar ghníomhaíochtaí nó tionscnaimh nua'. An creat tuairiscithe atá beartaithe chun oibleagáidí faoi Airteagal 13(4) de Rialachán 2019/943 a chomhlíonadh faoi dheireadh LI 2024.

Áiríodh in CRU triail oibríochtúil MUON EirGrid i Scórchárta Ualaithe na Dreasachta maidir le Lochtanna agus Srianta 2024.

Ba é an fócas i dtrial oibríochtúil MUON líon íosta na ngnáthaonad mór ar líne in Éirinn a laghdú ó chúig cinn go ceithre cinn. Cuireadh tús le staidéir chun an líon íosta aonad a laghdú sa dara leath de 2022 agus cuireadh i gcrích iad go luath in 2023. I mí na Bealtaine 2023, cuireadh tús le triail oibríochtúil MUON agus lean sí ar aghaidh go tús 2024. Rinneadh torthaí na trialach a fhorghnó an 28 Márta 2024 agus mhaolaigh teorainn sriantachta Phoblacht na hÉireann ó chúig go ceithre cinn, rud a d'fhág go rabhthas in ann an córas cumhachta uile-oileáin a oibriú agus 7 n aonad mhóra shioncronacha ar a laghad ann. D'éirigh sé sin ina bheartas oibríochtúil marthanach, le héifeacht ó 23:00 Dé Domhnaigh, an 7 Aibreán 2024.

I gcomhréir leis an treoir in [CRU202405](#), dheimhnigh CRU go gcuirfí dámhachtain dreasachta aschuir i bhfeidhm don dreasacht seo de €0.29m do 2024 in aghaidh liúntas dreasachta féideartha iomlán de €1.5m.

2023/24 Príomhathruithe srianta agus Tionscnaimh OCT le haghaidh coigilteas costais

Cé go ndearnadh dul chun cinn ar roinnt tionscnamh le linn na tréimhse, ní raibh laghduithe inchainníochtaithe ar chostas lochtanna do 2023/24 mar thoradh orthu sin.

I measc na dtionscnamh sin beidh na nithe seo a leanas

- Staidéar TCG ó Dheas
- Athbhreithniú ar Rátáil Dhinimiciúil Sreang (DLR)

Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise faoi na tionscnaimh sin i dTábla 20 thíos.

Mar thagairt, léirítear coigilteas costais lochtanna roimhe seo mar gheall ar thionscnaimh OCT agus caiteachas iomlán ar lochtanna i dTábla 19 thíos.

Le haghaidh liosta iomlán d'athruithe ar shrianta agus an tacar iomlán srianta atá infheidhme faoi láthair, féach an tuarascáil maidir le Nuashonrú Seachtainiúil ar Shrianta Oibríochtúla atá le fáil [anseo](#).

Le linn 2023/24, rinne EirGrid dul chun cinn ar roinnt staidéar chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na n athruithe a rinneadh le déanaí ar an gcóras cumhachta. I dTábla 20 tugtar achoimre ar na staidéir agus ar an obair a rinneadh.

Tábla 19: Coigilteas Costais Lochtanna agus Caiteachas ar Lochtanna		
	Coigilteas Costais ar Lochtanna ó Thionscnamh OCT (€m)	Caiteachas Iomlán ar Lochtanna (€m)
2023/24	Ní/bh	437
2022/23	1.43	559
2021/22	10.2	512
2020/21	22.44	274

Tábla 20: Staidéir/athbhreithnithe sriantachta tarchuir a rinneadh in 2023/2024	
Sruth oibre	Sonraí
Staidéar TCG ó dheas	Ba é cuspóir an staidéir sin na TCGanna ó Dheas atá ann faoi láthair a athsholáthar mar gheall ar an líonra nua agus spás á cheadú don aistriú i dtreo líon laghdaithe gnáthaonad ar an oileán chun spriocanna ísealcharbóin a bhaint amach. Mar thoradh ar an staidéar sin, sainithníodh nach raibh aon fhadhb i réigiún an lardheiscirt faoi dhálaí ualaigh éagsúla arna spreagadh ag suiteáil STATCOManna sa réigiún agus ag fuinnmhiú idirnascaire Greenlink. Dá bhrí sin, comhaontaíodh go bhféadfaí 3 shraith de TCGanna (STHLO1, STHLO2 agus STHH11) a bhaint. Rinne an Coiste um Athbhreithniú ar an mBeartas Oibríochtúil (OPRC) na staidéir a mheas agus a fhorhmeas agus cuireadh i bhfeidhm iad an 10/02/25.
Athbhreithniú ar Rátáil Dhinimiciúil Sreang (DLR)	Cuireadh Céim 1 de thionscadal DLR i bhfeidhm i mí an Mhárta 2024. Sa chéad chéim den tionscadal cuireadh DLR chun feidhme ar líne tharchuir lena gcothaítear stáisiún foircneach a nascann cumas suiteáilte suntasach giniúna gaoithe. Táimid i mbun DLR a chur i bhfeidhm faoi láthair ar líne tharchuir atá mar chuid den líonra mogalra, agus muid ag leanúint ar aghaidh ón gcur i bhfeidhm tosaigh seo de DLR ag beathú stáisiún foircneach.

12. An chaoi a
n-íoslaghdaítear
tionchar airgeadais
na gcaillteanas
tarchuir ar
thomhaltóirí

Nuair a iompraítear leictreachas trí ghréasáin leictreachais, bíonn caillteanais ann ó dhúchas, rud a chiallaíonn nach sroicheann an chumhacht ar fad a ghintear úsáideoirí deiridh. Mar shampla, nuair a thaistealaíonn sruthanna leictreacha ar líonra, scaiptear roinnt fuinnimh i bhfoirm teasa agus “cailltear” é mar gheall ar an bhfriotaíocht leictreach sa líonra. Tarlaíonn sé sin ar na gréasáin tarchuir agus dáileacháin araon, cé go laghdaítear caillteanais le voltais níos airde go ginearálta.


12.1 An chaoi a ndéileáiltear le caillteanais sa mhargadh mórdhíola

Chun a áirithiú go socraítear an margadh mórdhíola uile-oileáin i gceart, leithdháiltear caillteanais tarchuir ar ghineadóirí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann (lena n áirítear ghineadóirí atá nasctha leis an gcóras dáilte), agus úsáid á baint as Fachtóirí Coigeartaithe Caillteanais Tarchuir (TLAFanna). Ní chuirtear TLAFanna i bhfeidhm ach ar ghineadóirí agus mar sin ní ghearrtar na costais a bhaineann le caillteanais tarchuir go díreach ar thomhaltóirí deiridh.

Ríomhann EirGrid na TLAFanna d’oileán na hÉireann gach bliain, i gcomhpháirt le SONI i dTuaisceart Éireann, agus comhaontaíonn an CRU in Éirinn agus an Rialtóir Fónais (UR) i dTuaisceart Éireann i gcomhpháirt iad. Lascaíonn siad luach na giniúna caillte atá á táirgeadh ag ghineadóirí aonair go héifeachtach.

Dá fhad a chaithfidh an chumhacht bhreise sreabhadh tríd an gcóras ón áit a ngintear í go dtí an áit a bhfuil gá léi, is ea is mó na caillteanais a d’fhéadfadh a bheith ann. Mar thoradh air sin, tá TLAFanna suíomhshonrach. Léirítear na TLAFanna réigiúnacha le haghaidh 2024 i bhFíor 4 ina léiríonn glas TLAF níos airde agus, dá bhrí sin, TLAF níos fearr ó thaobh airgeadais de. Léirítear sa dara léarscáil an t athrú ar TLAFanna réigiúnacha i gcomparáid le 2023. Bíonn tionchar ag athruithe bliantúla seolta, éilimh agus toipeolaíochta ar na hathruithe sin.

Soláthraíonn comharthaí den sórt sin dreasacht tráchtála do ghineadóirí chun cinntí infheistíochta eolasacha a dhéanamh maidir leis an úsáid a bhaineann siad as an gcóras tarchuir.



Fíor 4: Athrú % ar TLAf réigiúnacha 2024 ó 2023 go 2024 – TLAFanna réigiúnacha

Deartar TLAFanna chun comharthaí suímh a sholáthar chun seoladh fíor ama níos éifeachtaí a éascú. Ríomhtar iad trí úsáid a bhaint as seoladh bliantúil réamhaisnéise bunaithe ar na toimhdí is déanaí don bhliain taraife atá romhainn (éileamh tuartha, praghsanna breosla, éarthaí gineadóra, etc.). Suíonn an meán TLAf Uile-Oileáin sa bhandá 0.98 go 0.99 de ghnáth, ach, bhí meán TLAFanna rannpháirtithe aonair idir 0.95 agus 1.015 (raon thart ar 6%) in 2024, ach níl siad teoranta don mhéid sin.

I bhfianaise na féidearthachta feabhas a chur ar éifeachtúlacht seolta fíor ama, fiú mura ndéanfaí leis na TLAFanna ach laghdú 1% ar fhuinneamh caillte a bhaint amach go coimeádach, b'ionann é sin agus coigilteas san fhuinneamh mórdhíola uile-oileáin a cheanglaítear de thart ar 420GWh in 2024. Dá n úsáidfí an meánphraghas Socraíochta Éagothroime don bhliain 2024 de €110/MWh, b'ionann é sin agus laghdú thart ar €46m ar chostais uile-oileáin. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi TLAFanna a fháil ar shuíomh gréasáin EirGrid atá le fáil [anseo](#).

12.2 Caillteanais Tarchuir Fhoriomlána

1.81 % agus 1.00 % a bhí i gcaillteanais chórais iomlána le haghaidh 2024 agus 2023, faoi seach.

Is féidir teacht ar shonraí tacaíochta i dTábla 21 thíos:

Tábla 21: Sonraí maidir le caillteanais tarchuir le haghaidh 2021 - 2024	
Instealltaí Iomlána sa Ghréasán Tarchuir (GWh)	
2021	25,232
2022	24,959
2023	25,891
2024	27,149
Aistarraingtí Iomlána ón nGréasán Tarchuir (GWh)	
2021	24,838
2022	24,630
2023	25,631
2024	26,657
Caillteanais sa Ghréasán Tarchuir (GWh)	
2021	394
2022	329
2023	260
2024	492
Caillteanais Chórais Iomlána	
2021	1.56%
2022	1.32%
2023	1.00%
2024	1.81%

Athraíonn caillteanais tarchuir idir 0.99% agus díreach faoi bhun 3.96% i measc OCTanna na hEorpa, de réir thuarascáil Chomhairle Rialálaithe Fuinnimh na hEorpa (CEER) maidir le Caillteannais Cumhachta a foilsíodh in 2025⁴¹. Tá caillteanais tarchuir na hÉireann faoi bhun mheáncaillteanais na hEorpa.

12.3 Costas Measta Caillteanas

Ar leibhéal Eorpach, ceanglaítear ar OCTanna monatóireacht a dhéanamh ar mhéid foriomlán na gcaillteanas líonra agus é a chainníochtú. D'iarr an CRU go n-áireodh EirGrid meastachán ionadach ar an tionchar airgeadais foriomlán a bhaineann le caillteanas líonra sa tuarascáil seo⁴².

Chun an méid sin a dhéanamh, tá modheolaíocht ardleibhéil forbartha ag EirGrid chun costas na gcaillteanas i ngach bliain a mheas, bunaithe ar an meánphraghas ualaithe ar fud na dtrí mhargadh san MLA, praghas an Mhargaidh Lá Roimh Ré (MLRR), praghas an Lae Roimh Ré (IDA) agus praghas an Mhargaidh Chothromaithe (MC) i gcoinne an chéatadáin den ghiniúint mhargaidh a fheictear sna margaí sin. Leagtar amach na Meán-Phraghsanna Margaidh agus % Margadh sa tábla thíos.

Tábla 22: Meán-Phraghsanna Margaidh						
	MLRR		IDA		MC	
Bliain	Ave. €/GWh	% Margadh	Ave. €/GWh	% Margadh	Ave. €/GWh	% Margadh
2021	€136.07	84.97%	€140.08	14.73%	€135.31	0.30%
2022	€226.19	84.57%	€232.80	13.58%	€219.19	1.84%
2023	€121.91	83.43%	€125.96	16.52%	€119.57	0.05%
2024	€108.91	81.67%	€114.35	18.02%	€110.16	0.30%

41 <https://www.ceer.eu/wp-content/uploads/2025/02/3rd-CEER-Report-on-Power-Losses.pdf>

42 Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart do gheallsealbhóirí a thabhairt faoi deara nach ndéantar comparáidí costais caillteanais idir Ballstáit/SOanna a thuairisciú ar leibhéal an AE, toisc go bhfuil costais den sórt sin an-íogair do chumraíochtaí sonracha eangaí agus do dhálaí réigiúnacha margaidh (praghsanna fuinnimh i margaí faoi seach, srl.).

Bunaithe ar an meánphraghas ualaithe ar fud na trí margaí a léirítear thuas - leagtar amach seach-chostas na gcaillteanas i ngach bliain i dtábla 23 thíos.

Tábla 23: Costas Measta Caillteanas		
Bliain	% Caillteanais	Iomlán Measta €M
2021	1.56%	53.8
2022	1.32%	74.7
2023	1.00%	31.9
2024	1.81%	54.1

12.4 Bearta chun caillteanais ghréasáin a laghdú

Glacann EirGrid mar chúram pleanáil fhadtéarmach straitéiseach gréasáin tarchuir chun a chinneadh aon áit ar dócha go gcuirfear leorgacht an ghréasáin i mbaol sa todhchaí agus chun réitigh ghréasánbhunaithe agus mhargadhbhunaithe a chinneadh. Agus forbairt an ghréasáin tarchuir sa todhchaí á cinneadh, déantar roinnt beart a chur san áireamh chun caillteanais ghréasáin ar an gcóras tarchuir a laghdú.

- Agus comparáid á déanamh idir roghanna treisithe gréasáin i gCéim 3 den chreat maidir le forbairt eangaí, déantar an tionchar ar chaillteanais i gcás gach rogha a chur san áireamh. Is eochairthoisc é costas foriomlán an chórais leictreachais a íoslaghdú, lena n áirítear caillteanais a íoslaghdú, i gcruthú seoltaí gineadóra a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an ngréasán le linn chéim deartha an ghréasáin. Leag TLM béim ar an ngá le barrfheabhas a chur ar nascadh na glúine nua i réigiúin a bhfuil acmhainneacht inréadaithe acu trí mhoil in athnuaite agus custaiméirí nua mórélímh a aimsiú níos gaire do ghineadóirí in athnuaite. Cuideoidh an dá chur chuige sin le méideanna móra cumhachta a tharchur thar achair fhada, ar chiorcaid voltais níos ísle go minic, agus mar sin seachnóidh siad méaduithe ar chaillteanais tarchuir.
- Le ‘Beartas Rialaithe Voltais’ an Lárionaid Rialaithe, soláthraítear raonta voltais molta thar amanna éagsúla den lá. Tá na voltais mholta níos airde ná na voltais ainmniúla a bhfuil sé d’éifeacht acu caillteanais a laghdú.

13. An chaoi a dtacaíonn EirGrid le hoibríochtaí margaidh

Ina ról mar OCT, cuireann EirGrid tacaíocht chriticiúil ar fáil maidir le hoibriú SEM.

Tá na socruithe margaidh ceaptha chun an margadh leictreachais uile-oileáin a chomhtháthú le margaidh leictreachais na hEorpa, agus an úsáid is fearr is féidir á baint as idirnascairí trasteorann, daingneacht an tsoláthair a fheabhsú, iomaíocht mhéadaithe a sholáthar agus comhtháthú foinsí in athnuaite fuinnimh sa chóras a chumasú a thuilleadh.

Tháinig socruithe margaidh nua don Mhargadh Aonair Leictreachais Uile-Oileáin i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2018 faoi thionscadal an Mhargaidh Aonair Leictreachais Chomhtháite. Reáchtáladh roinnt ceantanna Margaidh Toillte atá lárnach do leorgacht giniúna. Mar thoradh air sin, tá cineálacha nua toillte, amhail ceallraí agus gineadóirí solúbtha, tagtha isteach sa mhargadh.

Leanann an dara hIdirnascaire Thuaidh-Theas de bheith ríthábhachtach chun feabhas a chur ar dhaingneacht an tsoláthair leictreachais ar fud oileán na hÉireann. Réitíonn sé scrogall stairiúil ar an eangach uile-oileáin atá ríthábhachtach má tá an córas chun níos mó foinsí in athnuaite fuinnimh a iompar sa todhchaí. Ceadófar leis sreabhadh

900MW ar a laghad de leictreachas in athnuaite thar an teorainn, sa dá threo. Is leor sin chun 600,000 teach a úsáideann leictreachas glan ó fhoinsí in athnuaite a chumhachtú. Cé go n-áirithítear leis na ceantanna um thoilleadh soláthar leorgachta sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, tá an dara hIdirnascaire Thuaidh-Theas fós riachtanach chun daingneacht fhadtéarmach an tsoláthair a áirithiú ar fud an oileáin.

Tá EirGrid agus SONI ag obair i dtreo an dara hIdirnascaire Thuaidh-Theas a sheachadadh a luaithe agus is féidir. In éineacht leis an SEM, cuirfear leis sin ar chumas gach tomhaltóra ar oileán na hÉireann an uailmhian a bhaint amach maidir leis na tairbhí suntasacha a bhaineann le córas agus margadh leictreachais uile-oileáin a uasmhéadú.

Tá méadú ag teacht ar an éileamh in Éirinn, agus tuartar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an éileamh fadtéarmach, mar gheall ar an méadú a bhfuiltear ag súil leis ar go leor úsáideoirí móra fuinnimh agus de réir mar a théann na hearnálacha teasa agus iompair i dtreo an leictrithe.

Ceann de na príomhfhreagrachtaí atá orainn is ea réamhaisnéisí cruinne ar éileamh an chórais a sholáthar. Is gné ríthábhachtach é sin chun leorgacht giniúna a áirithiú agus daingneacht an tsoláthair a choinneáil ar bun. Trí úsáid a bhaint as córas samhaltaithe casta lena dtuartar an t-éileamh ar leictreachas bunaithe ar athruithe ar pharaiméadair eacnamaíocha, agus le tacaíocht ó chomhlachtaí amhail an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), cinntimid gur féidir

le rannpháirtithe sa mhargadh cinntí eolasacha a dhéanamh mar gheall ar chruinneas ár réamhaisnéisí éilimh.


Is féidir sonraí breise maidir lenár gcuid oibre i réamhaisnéisiú éilimh a fháil sa Mheasúnú ar Leorgacht Acmhainní Uile-Oileáin 2025-2034⁴³

Déantar iniúchadh sa Mheasúnú ar Leorgacht Acmhainní Uile-Oileáin (AIRAA) ar an gcothromaíocht idir éileamh agus soláthar leictreachais ar oileán na hÉireann do na 10 mbliana amach romhainn. Is éabhlóid é AIRAA ar an Ráiteas ar Chumas Giniúna (GCS), le tacaíocht ó CRU, atá ag cur modheolaíocht nuashonraithe i ngníomh, chun an córas cumhachta atá ag teacht chun cinn a léiriú ina bhfuil an meascán teicneolaíochtaí ar an gcóras ag éirí níos éagsúla agus ina bhfuil leibhéil mhéadaitheacha giniúna in athnuaite, stórála fuinnimh, solúbthachta ar thaobh

an éilimh agus idirnasctha. Áirithítear leis an modheolaíocht nua go léirítear lenár n-anailís go cuí an méid a chuireann gach teicneolaíocht le hoibriú iontaofa an chórais cumhachta.

Áirítear i dtuarascáil AIRAA 2025-2034 sonraí ó thréimhse tuairiscithe 2024. Sa chás airmheánach, tuartar go dtiocfaidh méadú 45% ar an éileamh ar leictreachas faoi 2034 ó leibhéil 2023.

Leanann an réamhaisnéis éilimh fhadtéarmach in Éirinn de bheith faoi thionchar mór an fháis a bhfuiltear ag súil leis ó úsáideoirí móra fuinnimh, lárionaid sonraí go príomha. Faoi 2034, táthar ag súil go dtiocfaidh 31% den éileamh leictreachais uile ó lárionaid sonraí agus ó ualaí teicneolaíochta nua (NTLanna). Ina theannta sin, beidh ualach breise nua ann ón earnáil teasa agus ón earnáil iompair agus iad ag dul i dtreo an leictrithe.



Fíor 5: Réamhaisnéis an cheanglais leictreachais iomláin d'Éirinn 2025-2034.

⁴³ Measúnú ar Leorgacht Acmhainní Uile-Oileáin 2025-2034

13.1 Ceantanna um Thoilleadh

Tá ról ríthábhachtach ag EirGrid freisin, agus é ag obair le SONI, maidir le hoibriú an Mhargaidh Toillte, lena ndaingnítear an toilleadh giniúna chun freastal ar riachtanais bhreise éilimh an líonra uile-oileáin. Baintear amach é sin trí Cheantanna um Thoilleadh.

I mí Aibreáin 2024, rith na OCTanna Ceant T-1 um Thoilleadh don Bhliain Toillte 2024/2025 (Deireadh Fómhair 2024 chuig deireadh mhí Mheán Fómhair 2025). Sa cheant slánaíodh 784.97MW de Thoilleadh san iomlán (tá 11 MW foirceanta ó shin i leith). Ba é €147,580 in aghaidh MW sa bhliain an praghas imréitigh ceant.

As na 32 aonad a cháiligh le páirt a ghlacadh sa cheant, chuir 22 aonad tairiscintí sa cheant. D'éirigh le 22 aonad san iomlán. Ón gceant sin, íocfar €114 milliún d'íocaíochtaí toillte san iomlán i rith na tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair 2024 chuig mí Mheán Fómhair 2025.

I mí Aibreáin 2024, rith na OCTanna Ceant T-4 um Thoilleadh don Bhliain Toillte 2028/2029 (Deireadh Fómhair 2028 chuig deireadh mhí Mheán Fómhair 2029) i ndiaidh moilleanna i ngeall ar imeachtaí dlíthiúla. Sa cheant slánaíodh 5,942.494 MW de thoilleadh san iomlán. Ba é €149,960 in aghaidh MW sa bhliain an praghas imréitigh ceant.

As na 195 aonad a cháiligh le páirt a ghlacadh sa cheant, chuir 149 aonad tairiscintí sa cheant. D'éirigh le 142 aonad san iomlán. Íocfar €954 milliún d'íocaíochtaí toillte le linn na tréimhse Deireadh Fómhair 2028 go Meán Fómhair 2029 de thoradh an cheant sin.

I measc na dtosca a tugadh san áireamh leis an toilleadh is gá a fháil ó na ceantanna sin a mheas, bhí buaicéileamh, daingneacht an tsoláthair, chomh maith le hiontaofacht agus feidhmíocht na ngineadóirí, agus raon réamhaisnéisí éilimh agus idirnascaidh. Is féidir amharc ar na torthaí deiridh sa Tuarascáil ar Thorthaí an Cheant don Mhargadh Toillte 2024/2025 T-1⁴⁴ agus sa Tuarascáil ar Thorthaí an Cheant don Mhargadh Toillte 2028/2029 T-4.⁴⁵

I gcás nach gcríochnaítear go rathúil gach Toilleadh Dáfa sna tréimhsí ama atá ainmnithe dóibh, féadfaidh Coiste an Mhargaidh Aonair Leictreachais treoir a thabhairt d'oibreoirí córais ceantanna breise T-1, T-2 nó T-3 a reáchtáil d'fhonn an méid breise a sholáthar is gá chun daingneacht an tsoláthair a áirithiú.

44 [Tuarascáil ar Thorthaí an Cheant don Mhargadh Toillte 2024/2025 T-1](#) | sem-o.com

45 [Tuarascáil ar Thorthaí an Cheant don Mhargadh Toillte 2028/2029 T-4](#) | sem-o.com

14. Conas a bhainistímid ceangail nua

[Ceangail nua](#)

Eisíonn EirGrid tairiscintí ceangail ar ghineadóirí mórscála, idirnascairí agus custaiméirí éilimh, a fhéachann le ceangal a fháil leis an gcóras tarchuir i gcomhréir leis an mbeartas ceangail agus le treoracha arna n-eisiúint ag CRU. Sa chuid seo tugtar achoimre de na ceangail do 2024.

14.1 Gineadóirí agus idirnascairí a cheangal

Na gineadóirí móra, arb iondúil go mbíonn toilleadh os cionn 40 MW acu, ceanglaítear leis an gcóras tarchuir iad. Eisítear tairiscintí le gineadóirí a fhéachann le ceangal i gcomhréir leis an gcreat rialála arna leagan síos ag an CRU. Cuireann EirGrid tairiscintí ceangail d'oibreoirí córais ar fáil freisin don OCD ionas gur féidir le ceangail giniúna dáileacháin ceangal leis an líonra dáileacháin agus cumhacht a easpórtáil ar an gcóras tarchuir.

Áirítear ar na cineálacha gineadóirí gléasraí teirmeacha a úsáideann breoslaí iontaise, gléasraí Cumhacht is Teas in Éineacht (CTÉ), gaoth agus cineálacha giniúna eile nua amhail grianchumhacht nó réitigh stórais fuinnimh ceallraí ar scála fónas (RSFC).

Oibríonn EirGrid an próiseas ceangail do ghineadóirí nua i ndlúthchomhar le Líonraí BSL, mar OCD, agus i gcomhréir leis an mbeartas rialála.

Ba é 13,734 GWh an ghiniúint in-athnuaite iomlán leis an eangach ag deireadh 2024, rud a thacaigh le 40% den éileamh iomlán⁴⁶.

Nuair a eisítear tairiscint, ciallaíonn sé sin go bhfuil tairiscint ar cheangal eisithe le hiarratasóir ag an OCT, nó an OCD.

Ní chiallaíonn sé sin gur ghlac an t-iarratasóir leis an tairiscint ag an tráth sin. Tairiscint chun nascadh lena nglactar in aon bhliain amháin, is dócha freisin nach rachaidh sé i bhfeidhm ar thoilleadh nasctha giniúna sa bhliain chéanna i bhfianaise na n-agaí a bhaineann leis an tógáil. A luaithe a chuirtear comhaontú ceangail i gcrích, is iondúil go dtógann sé roinnt blianta leis an gceangal a chomhlíonadh, faoi réir srianta éaradh seirbhíse an chórais.

I dteannta tairiscintí nasctha a eisiúint le haghaidh toilleadh nua giniúna agus éilimh, éascaíonn EirGrid do chustaiméirí reatha ar conradh chun comhaontuithe nasctha atá ann cheana a mhionathrú.

Éascaíonn EirGrid freisin do nascadh idirnascairí idir an córas tarchuir in Éirinn agus na córais tarchuir i dtíortha eile. Eisítear tairiscintí le cuideachtaí a fhéachann le hidirnascaire a thógáil i gcomhréir leis na rialacha arna gcinneadh ag an CRU⁴⁷.

⁴⁶ <https://www.eirgrid.ie/grid/system-and-renewable-data-reports>

⁴⁷ Idirnascairí leictreachais | CRU.ie

Tábla 24: Tairiscintí eisithe – cinn nua agus mionathruithe – iomlán in 2024		
	Uimh.	MEC (MW)
Tairiscintí Ceangail Gineadóirí Tarchuir Nua Eisithe	50	4225.2
Mionathruithe eisithe ar Chomhaontuithe um Cheangal Gineadóirí Tarchuir atá ann cheana	22	0
Mionathruithe eisithe ar Chomhaontuithe um Cheangal Idirnascairí atá ann cheana	0	0
Mionathruithe ar an Nasc Uatáirgeora atá ann cheana Comhaontuithe Eisithe	0	0
Nasc Uatáirgeora Tarchuir Nua	1	288
Iomlán	73	4,513.2

Nuair a chuirtear tairiscint ar cheangal i gcrích, ciallaíonn sé sin go bhfuil comhaontú ceangail sínithe ag an iarratasóir. Áirítear freisin leis an líon iomlán tairiscintí a cuireadh i gcrích in 2024 a mhionsonraítear i dTábla 25 thíos tairiscintí a eisíodh roimh 2024, ach a cuireadh i gcrích in 2024.

Tá liosta custaiméirí atá ar conradh agus nasctha faoi láthair leis an gCóras tarchuir suite ag láithreán gréasáin EirGrid [anseo](#).

Tábla 25: Tairiscintí curtha i gcrích – cinn nua agus mionathruithe – iomlán in 2024		
	Uimh.	MEC (MW)
Tairiscintí Gineadóirí Tarchuir Nua Curtha i gCrích	41	3798.3
Mionathruithe curtha i gcrích ar Chomhaontuithe um Cheangal Gineadóirí Tarchuir atá ann cheana	19	66.9
Mionathruithe ar an Nasc Idirnascaire atá ann Cheana Comhaontuithe Curtha i gCrích	0	0
Iomlán	60	3865.2

14.2 Custaiméirí éilimh a nascadh

Is úsáideoir mór cumhachta tráchtála nó tionsclaíche é custaiméir éilimh. Is féidir leo iarratas a dhéanamh chun ceangal leis an gcóras tarchuir nó dáileacháin. I gcoitinne, na custaiméirí a éilíonn soláthar cumhachta thar 20 meigeavolta-aimpéar (MVA), ceanglaítear go díreach leis an gcóras tarchuir iad. Leagtar amach i dTábla 26 na tairiscintí custaiméirí éilimh a cuireadh i gcrích in 2024.

Ag deireadh 2024, bhí 32 láithreán éilimh custaiméirí nasctha go díreach leis an gcóras tarchuir. Nuair a chuirtear comhaontú ceangail i gcrích le haghaidh ceangal nua, is iondúil go dtógann sé roinnt blianta sula mbeidh sé ceangailte leis an gcóras tarchuir, faoi réir srianta éartha seirbhíse. Áirítear leis an tréimhse sin forbairt tionscadail, an t-achar chun toilithe a fháil agus chun an nasc a thógáil. In 2024, tugadh dhá thionscadal éilimh custaiméirí i gcrích, ag cur 48 MVA breise d’Uasacmhainn Iompórtála (MIC) leis an gcóras tarchuir.

Tábla 26: Tairiscintí éilimh eisithe agus curtha i gcrích – iomlán in 2024		
	Uimh.	MIC (MVA)
Tairiscintí Ceangail Éilimh Nua Eisithe	10	100.50
Mionathruithe ar Thairiscintí Ceangail Éilimh Eisithe	8	588.50
Tairiscintí Ceangail Éilimh Nua Curtha i gCrích	1	100.50
Mionathruithe ar Thairiscintí Ceangail Éilimh Curtha i gCrích	5	238.50

14.3 Aonaid an Éilimh

Ní bhfaigheann Aonaid an Éilimh (AÉnna) aon tairiscintí ceangail. Is láithreán aonair éilimh nó grúpa láithreán éilimh é AÉ lenar féidir a n-ídiú leictreachais a laghdú ar fháil treoracha ón NCC dó. Tá siad cláraithe sa mhargadh, agus tairgtear conarthaí seirbhísí córais dóibh. Faoi dheireadh 2024, bhí 52 AÉ ar conradh ina raibh toilleadh iomlán 421.282 MW.

14.4 Feabhsuithe Éifeachtúlachta i bpróiseáil na dtairiscintí ceangail agus mionathruithe

Tá EirGrid tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar cheachtanna foghlamtha agus bearta a dhéanamh chun feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí ina phróiseas tairisceana ceangal in 2024. Áirítear orthu sin feabhsuithe ar a phróiseas luath-rannpháirtíochta le custaiméirí, feabhsuithe ar a Fhoirm Iarratais, agus leasú ar roinnt dá phróisis inmheánacha mar léiriú ar an dinimic athraitheach custaiméirí. Leanann EirGrid leis ag féachaint le deiseanna a shaothrú chun éifeachtúlachtaí a thabhairt isteach ina phróiseas tairisceana ceangail, agus déanfaidh sé bearta breise ina leith sin in 2025 le cur ar a chumas na ceanglais bhreise agus na baisceanna nach bhfuil teorainn curtha leo amach anseo a éascú faoin Treoir um Fhuinneamh In-athnuaite III (RED III) agus Treoir CRU maidir le BCS-SGC.

14.5 Tionscadail um Sheachadadh Inchoimhlinte

Is ionann Seachadadh Inchoimhlinte agus an socrú lenar féidir le custaiméirí roghnú chun an líonra nua is gá a thógáil chun a saoráid a nascadh leis an gcóras tarchuir. Bhí an cur chuige sin ar fáil do chustaiméirí tarchuir ón mbliain 2000, agus cuireann sé solúbthacht ar fáil do chustaiméirí chun na costais, cláir agus rioscaí atá bainteach lena gceangal tarchuir a bhainistiú agus a rialú. Is féidir le custaiméirí roghnú fós go ndéanfaidh OCT agus ÚST tairiscint, bainistiú agus tógáil ar an mbonneagar ceangail nua, ach tá Seachadadh Inchoimhlinte tar éis éirí ina chur chuige is fearr do chustaiméirí. Chuige sin, b'éigean don OCT agus ÚST foirne agus próisis ildisciplíneacha a chur i dtoll a chéile chun tacú le leibhéil mhéadaitheacha de cheangail arna seachadadh ar bhonn inchoimhlinte, agus chun iad a éascú.

Oibríonn an OCT agus an ÚST go dlúth le chéile le custaiméirí chun an t-athbhreithniú dearaidh a bhainistiú, faireachán a dhéanamh ar cháilíocht tógála, dícheall cuí, coimisiúnú, agus próisis aistrithe sócmhainní a bhaineann le tionscadail a sheachadtar ar bhonn inchoimhlinte chun a chinntiú go mbeidh na sócmhainní ceangailte oiriúnach dá bhfeidhm. Tugtar an ráthaíocht riachtanach leis sin thar ceann OCT, ÚST agus an chustaiméara leictreachais, agus tugtar aiseolas leis don tionscal maidir le fadhbanna atá ag teacht chun cinn agus ceachtanna a foghlaimíodh ag céim luath i bhforbairt gach tionscadail. Aistrítear úinéireacht ar na sócmhainní nua chuig ÚST, agus ansin glacann OCT chuige féin

rialú oibriúcháin nuair a fhuinnmhítear an líonra nua agus nuair a éiríonn sé ina chuid den chóras tarchuir.

Ceanglaíodh ocht dtionscadal déag arna seachadadh ar bhonn inchoimhlinte (lena n-áirítear giniúint in-athnuaite, ceallra agus Idirnascaire Greenlink) leis an gcóras tarchuir in 2024.

Léirítear an líon tionscadal arna seachadadh ar bhonn inchoimhlinte i dTábla 27. Bhí cúig thionscadal seachadta inchoimhlinte nua is tríocha ag céim athbhreithnithe dearaidh i rith 2024.

Tábla 27: Tionscadail giniúna in-athnuaite, ceallra agus idirnascaire arna seachadadh ar bhonn inchoimhlinte				
	2021	2022	2023	2024
Tionscadail Ceangailte/Fuinnmhithe	5	10	7	18
MW Breise Ceangailte*	229 MW (100%)	541 MW (83%)	442 MW (94%)	1745.30 MW** (94%)
Líon Tionscadal i mbun Athbhreithniú Dearaidh	20	23	39	35
*An céatadán (%) den toilleadh breise uile MW In-athnuaite a nascadh trí mheán an phróisis Seachadta Inchoimhlinte san áireamh sna lúibíní. ** Tabhair faoi deara go bhfuil Idirnascaire Greenlink comhdhéanta de 504 MW				

14.6 Forbairtí Beartais Nasctha 2024

Beartas um Cheangal Seasmhach (BCS)

Chuathas i gcomhairle thiar in 2017 maidir leis an bpróiseas chun tairiscintí giniúna a eisiúint, óna dtagann an BCS ónar tháinig méadú suntasach ar líon na dtairiscintí um thoilleadh giniúna arna n-eisiúint in 2019 agus 2020.

I gCinneadh CRU BCS-2 [CRU/20/060](#) a foilsíodh i mí an Mheithimh 2020, tugtar tosaíocht d’eisiúint tairiscintí ceangail le haghaidh mórthionscadail fuinnimh in-athnuaite ar an gcéad dul síos, i gcomhréir le tosaíocht straitéiseach CRU réitigh inbhuanaithe ísealcharbóin a sheachadadh le líonraí dea-rialaithe. Ó tugadh isteach é, tá méadú suntasach tagtha ó BCS-2 ar líon na dtairiscintí um thoilleadh nua giniúna a eisítear.

Tá roinnt baisceanna atriallacha BCS-2 próiseáilte go dtí seo. Osclaíodh an tréimhse d'iarratais le haghaidh BCS-2.3 i mí Mheán Fómhair 2022, agus próiseáil na dtairiscintí ina mbaisceanna ag tarlú ó thús deireadh 2023 agus 2024.

I mí Aibreáin 2023, d'eisigh an CRU [CRU/202326](#), treoir chun an ceathrú baisc BCS-2.4 a réachtáil in 2024. Dúnadh an tréimhse d'iarratais le haghaidh BCS-2.4 i mí na Samhna 2023, agus próiseáil na dtairiscintí ina mbaisceanna ceaptha le tarlú ó thús deireadh 2024 agus 2025.

I mí Mheán Fómhair 2024, d'eisigh CRU [CRU/2024101](#), treoir chun baisc dheiridh a phróiseáil faoin mbeartas BCS-2 atá ann cheana (BCS-2.5). Dúnadh an tréimhse d'iarratais le haghaidh ECP-2.5 i mí na Samhna 2024.

Sa bhreis air sin, in CRU/2024101, d'eisigh an CRU treoir chun an BCS nua a chur ar bun – Seirbhísí Giniúna agus Córais (BCS-SGC). Beidh feidhm ag BCS-SGC maidir le hathnuaiteáin ar talamh, gineadóirí traidisiúnta, tionscadail stórais agus teicneolaíochta seirbhísí córais eile lena gceanglaítear chuig an gcóras leictreachais. Níl feidhm aige maidir le hidirnascairí, ceangail ar éileamh, micrighiniúint, ná ceangail leictreachais amach ón gcósta. Is é 30 Meán Fómhair 2025 a bheidh mar an chéad “Spriocdháta Deiridh Baisce”. As seo amach, tarlóidh Spriocdhátaí Deiridh Baisce an 31 Márta agus an 30 Meán Fómhair gach bliain.

14.7 Ceangail leis an Eangach Ionad Sonraí

I mí na Samhna 2021, tar éis comhairliúchán poiblí, d'fhoilsigh an CRU a Threoir leis na hOibreoirí Córais (OCanna) i ndáil le próiseáil ceangailte eangaí na Lárionad Sonraí, [CRU/21/124](#), inar tugadh treoir do na OCanna tacar critéar measúnaithe breise a chur chun feidhme lena bpróiseálfaí iarratais na n-ionad sonraí.

Ó tugadh an treoir, tá roinnt forbairtí breise tar éis tarlú, lena n-áirítear an Ráiteas Beartais ón Rialtas maidir le Daingneacht an tSoláthair Leictreachais (Samhain 2021)⁴⁸ agus Ráiteas an Rialtais maidir le Ról na Lárionad Sonraí i Straitéis Fiontar na hÉireann (Iúil 2022)⁴⁹. Tá EirGrid i mbun idirphlé leis an CRU, le forbróirí ionad sonraí agus le gach páirtí leasmhar chun a chinntiú go bpróiseáiltear iarratais ar ionaid sonraí i gcomhréir le [CRU/21/124](#) agus le beartas ábhartha náisiúnta agus de chuid an rialtais. Áiríodh leis an rannpháirtíocht sin freisin freagairt EirGrid do chomhairliúchán CRU maidir le beartas ceangail LEU, [CRU2024001](#).

48 Ráiteas Beartais maidir le Daingneacht an tSoláthair Leictreachais Samhain 2021

49 Ráiteas ón Rialtas maidir le Ról na nIonad Sonraí i Straitéis Fiontar na hÉireann ó mhí Iúil 2022

14.8 Daingneacht an tSoláthair

I rith na tréimhse 2024 lean EirGrid agus Líonraí BSL orthu ag obair go dlúth leis an CRU agus DCEE chun clár straitéiseach gníomhartha a chur chun feidhme agus a sholáthar faoi Chlár CRU um Dhaingneacht an tSoláthair Leictreachais.

Lean EirGrid leis an idirphlé le ESB Generation, agus leis an tacaíocht i gcás inar ghá, agus iad ag cur chun cinn toilithe agus oibreacha riachtanacha le coinneáil na n-aonad a ritheann ar ola bhreosla throm (OBT) ag Gob na Muine a chumasú chun seirbhísí um dhaingneacht an tsoláthair a sholáthar.

Sa bhreis air sin tugadh faoi roinnt tionscnamh agus gníomhartha ar fud oibríochtaí an chórais, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- Tugadh faoi roinnt Cleachtaí Ullmhachta Éigeandála ar fud na heagraíochta
- Tugadh cothrom le dáta an Plean Cumarsáide Éigeandála don Chóras Cumhachta
- Bhí beartas agus uirlisí TEG EirGrid leabaithe sna próisis seomra rialaithe
- Tugadh an Nós Imeachta um Ghlanastriú Cumais chun dáta agus foilsíodh é an 28 Meitheamh 2024 – lena n-áirítear cóireáil TEG, agus tá sé foilsithe anseo: [Nós Imeachta maidir le Glanastriú Cumais d'Idirnascairí don Chéad Lá Eile](#)
- Chuir CRU and EirGrid tús leis an dara timthriall de thabhairt chun dáta an Phlean Ullmhachta Riosca d'Éirinn (RPP), le hionchur ó chásanna géarchéime réigiúnaí leictreachais de chuid Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E).
- Foilsíodh Tuarascáil Ionchais an Gheimhridh an 8 Deireadh Fómhair le modheolaíocht nua agus ionadaíocht níos mó de shreabha idirnascairí agus áireamh aonad TEG ag an bPort Thuaidh, Baile an Huntaigh, agus Droichead na Sionainne – [nasc anseo](#). Tháinig laghdú ar Ionchas Cailliúna Lóid ó 21 uair an chloig in 2023/2024 chuig 3.6 uair an chloig in 2024/2025.

14.9 Ceangail leis an Eangach Amach ón gCósta

Maidir leis an Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí (MAP), 2021 agus an Ráiteas Beartais maidir leis an gCreat do Tharchur Leictreachais Amach ón gCósta na hÉireann, a achtaíodh i mí na Nollag 2021, leathnaíodh ról agus sainchúram EirGrid mar OCT go mór le feidhmeanna nua a chur san áireamh i ndáil le gníomhaíocht athnuaiteán amach ón gcósta a fhorbairt. Déantar foráil leis gur féidir le EirGrid úinéireacht a fháil ar a chuid sócmhainní amach ón gcósta féin ina cháil mar OCT. Mar chuid den ról sin, tá EirGrid i gceann feadhna ar aistriú ár gcórais leictreachais chun méid na gaoithe amach ón gcósta sin a chur lenár n-eangach agus le margadh an leictreachais.

In 2024 díríodh cuid mhór den aird ar fhorbairt breise ar Chlár Ullmhachta Sócmhainní Amach ón gCósta EirGrid ('OARP') agus na 31 clár agus cumas is gá chun seachadadh Chlár Amach ón gCósta EirGrid a áirithiú. Áirítear ar phríomh-bhuaicphointí in 2024 saothar ar na cláir um Bainistiú Feasa & Faisnéise, Trádstóráil, Sláinte & Sábháilteacht agus DLÍ. I mí Dheireadh Fómhair 2024, chuir EirGrid a Phlean Gnó Amach ón gCósta PR6 faoi bhráid CRU, lenar áiríodh cásanna agus forálacha comhbhainteacha don tréimhse idir 2026 agus 2030.

Leanann EirGrid leis an idirphlé fairsing le forbróirí Chéim 1 chun tuiscint chuimsitheach ar amlínte a áirithiú chun ailíniú idir amlíne is luaithe an fhorbróra Chéim 1 agus an OARP a áirithiú.

A mhéid a bhaineann le Clár Amach ón gCósta Chéim 2 ar an gCósta Theas (Tonn Nua), leanann EirGrid ag obair go dlúth le DCEE agus leis an CRU maidir leis an gcéad Cheant ORESS 2 eile don scéim tacaíochta amach ón gcósta eile. In 2024 freisin chonacthas EirGrid ag leanúint ar aghaidh le hullmhúcháin chun tabhairt faoi shuirbhéanna mara laistigh den limistéar atá molta. Tháinig sé sin chun críche i mí na Samhna 2024 leis an iarratas ar Cheadúnas Úsáide Muirí ón Údarás Rialála Limistéir Mhuirí chun tabhairt fúthu sin i rith an tsamhraidh 2025.

Thairis sin, in 2024, d'fhoilsigh CRU roinnt cinntí i ndáil le fuinneamh amach ón gcósta lena n-áirítear *Offshore Revenue – Model* (Ioncam Amach ón gCósta – Samhail)⁵⁰ *Phase 2 Offshore Wind - Grid Connection Pathway* (Céim 2 Gaoth Amach ón gCósta - Conair Ceangailte Eangaí)⁵¹ agus *Phase 2 Offshore Wind – Grid Connection Charging Policy* (Céim 2 Gaoth Amach ón gCósta – Beartas Muirearaithe do Cheangal Eangaí)⁵². Leanann EirGrid leis an idirphlé fairsing le CRU maidir le cur chun feidhme na gcinntí sin.

50 [CRU202499_Offshore_Revenue_Model_for_EirGrid_Decision_Paper.pdf](#)

51 [Grid_Connection_Pathway_for_Phase_2_Offshore_Wind.pdf](#)

52 [Phase_2_Offshore_Wind_-_Grid_Connection_Charging_Policy.pdf](#)

15. Nuálaíocht

Tá cláir nuálaíochta i bhfeidhm ag EirGrid agus Líonraí BSL trína ndéanaimid taighde ar réitigh nuálacha, agus déanaimid iad a fhorbairt agus a úsáid chun cuidiú linn córas cumhachta síorathraitheach a bhainistiú. Déanaimid nuáil le luach a thabhairt do gach úsáideoir an chórais cumhachta.

Is bunriachtanas araon iad an nuálaíocht agus an taighde lenár spriocanna a bhaint amach, rud a chumasaíonn réitigh chun tairbhí inbhuanaithe fuinnimh a fhíorú. Ó thús deireadh 2024, rinne EirGrid, i dteannta an OCT i dTuaisceart Éireann, SONI, nuáil straitéiseach chun príomhthionscadail a sholáthar, amhail SOEF agus, Cásanna Fuinnimh an Lae Amárach chomh maith le roinnt tionscadail bheaga aonair leis an gcaoi ina n-oibrímid a fheabhsú.

Díríodh an aird in 2024 ar chur chun feidhme leanúnach Straitéis EirGrid agus SONI don Nuálaíocht agus Taighde⁵³ ina dtugtar achoimre ar na struchtúir thacaíochta, creataí, agus daoine is gá chun feabhas a chur leis an nuálaíocht agus an cumas taighde ar bhonn uile-oileáin.

Comhlánaíonn an straitéis foilseacháin ó EirGrid agus SONI maidir le Treochlár TLM go dtí 2030, trí dhíriú ar ár straitéisí comhpháirteacha taighde agus nuálaíochta chun uailmhianta faoi seach na hÉireann agus Thuaisceart Éireann go dtí 2030 a bhaint amach, rud a chumasaíonn agus a thacaíonn leis an nuálaíocht agus taighde inár n-éiceachóras chun tiomantais fhadtéarmacha ghlan-nialasacha a sholáthar. Is gá tuiscint a fháil ar na roghanna agus réitigh is fearr a oibreoidh d'oileán na hÉireann, chun a chinntiú go bhfuilimid ar an mbealach ceart chun todhchaí fuinnimh níos glaine a chur ar fáil.

Bhain tábhacht bhunúsach le comhoibriú EirGrid le comhpháirtithe, agus baineann fós, chun cláir nuálaíochta a sholáthar. Beidh feabhsú na ngaolmhaireachtaí láidre sin, chomh maith le cinn nua a thógáil, ríthábhachtach agus muid ag féachaint le tuilleadh nuálaíochta a dhéanamh lenár gcláir oibre um nuálaíocht straitéiseach. Ó thús deireadh 2024, tá dul chun cinn déanta ag EirGrid ar chláir éagsúla um nuálaíocht straitéiseach. Tá faisnéis le fáil i dTuarascáil Bhliantúil Nuálaíochta 2024 de chuid EirGrid agus SONI ar na cláir straitéiseacha nuálaíochta ó thús deireadh 2024, rud a léiríonn ár n-uailmhian le haghaidh forbairtí amach anseo ar na cláir agus na tionscnaimh nua.

53 [Straitéis Nuálaíochta agus Taighde](#) | eirgrid.ie

In 2024, áiríodh na tionscadail seo a leanas le roinnt de na príomhthionscadail ó na cláir nuálaíochta straitéisí:

- Thionscain EirGrid tionscadal NexSys le measúnú a dhéanamh ar thionchar an chomhtháthaithe Hidrigine Glaise ar an gCóras Cumhachta Uile-Oileáin. Is é sprioc an tionscadail seo iniúchadh a dhéanamh ar shuíomh, sceidealú agus seoladh optamach na leictrealóirí chomh maith le tionchar an táirgthe hidrigine ar mhórsála ón ngaoth amach ón gcósta ar an Margadh Aonair Leictreachais.
- Tháinig tuiscint níos fearr ón taighde in 2024 ar iompraíocht Acmhainní Bunaithe ar Inbhéartóirí (ABI) agus ceanglais samhaltaithe le haghaidh dálaí laga eangaí agus measúnú ar theicneolaíochta Foirmithe Eangaí. Táthar tar éis uasghrádú ar scileanna innealtóirí a bhaint amach ar fud EirGrid agus SONI chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán a bhaineann le pleanáil agus oibriú lena mbaineann leibhéil arda IBR.
- Is clár oibre nua iad na Treoirlínte Comhshaoil Fianaisebhunaithe (EBEG) atá sainaitheanta, agus díreofar air. Is iad na EBEGanna a shocraíonn gníomhaíochtaí ábhair comhshaoil i gcomhthéacs Chreat 6 Chéim EirGrid d'Fhorbairt na hEangaí, agus chun cuidiú le hilrioscaí ar cheadúnas sóisialta EirGrid chun oibriú, agus dá bhrí sin ar sheachadadh an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, a mhaolú.

- Ag cur leis an rath ar Chomórtas CleanerGrid na bliana roimhe, in 2024 chuir na mic léinn i láthair a bhfís den chuma a chaithfidh a bheidh ar earnáil mhéadaitheach an fhuinnimh in 2050 le go mbeidh stádas glan-nialasachta bainte amach ar bhonn inbhuanaithe aige.

Tá dul chun cinn déanta ar uirlis as líne a fhorbairt chun foinsí ascaluithe ísealmhínicíochta a shainaithint, agus chun daingneacht an tsoláthair don chóras uile-oileáin a fheabhsú. D'éirigh leis an gcéim thosaigh den anailís na príomh-pharaiméadair ascalúcháin a shainaithint.

Lena bhallraíocht ar roinnt grúpaí, lena n-áirítear an Institiúid Taighde um Chumhacht Leictreach, *Energy Systems Integration Group* (an Grúpa um Chomhtháthú na gCóras Fuinnimh) agus *Industry Research and Development Group* (an Grúpa um Thaighde agus Forbairt Tionscail), tugtar rochtain do EirGrid ar shaineolas i roinnt mhór limistéir dhifriúla chomh maith le líonraí leathana cuideachtaí agus comhghleacaithe sa nuálaíocht.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, déantar tagairt do Thuarascáil Bhliantúil Nuálaíochta EirGrid 2024⁵⁴.

Feidhmíonn an comhoibriú maidir le nuálaíocht idir OCT agus ÚST ról tábhachtach chun athléimneacht agus dúshláin toillte an chórais a chomhlíonadh laistigh den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide don líonra tarchuir leictreachais. Éilíonn na leibhéil riachtanacha slándála córais agus infheistíochta bealaí nua smaointeoireachta, nuálaíochta agus comhoibrithe idir OCT agus ÚST atá dírithe ar roinnt príomhchóras, príomhphróiseas agus príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Cumas iompartha lóid an líonra atá ann a uasmhéadú agus a bharrfheabhsú go sábháilte.
2. Próisis agus beartais oibríochtaí agus chothabhála a bharrfheabhsú.
3. Réitigh ‘neamhshreinge’ a shainaithint le tionscadail agus caiteachais treisiúcháin thraidisiúnta a chur siar.
4. Líonraí a uasghrádú trí leas a bhaint as cuir chuige agus straitéisí nuálacha measúnaithe agus infheistíochta.
5. Idirnascadh le córais tarchuir eile.
6. Idir-inoibritheacht laistigh den Chóras dáileacháin a fhorbairt.
7. Bonneagar a fhorbairt le giniúint gaoithe amach ón gcósta ar mhórscála a cheangal.

Lean an mheitheal chomhpháirteach OCT agus ÚST ar aghaidh ag oibriú i rith 2024 i gcomhréir leis an gcreat-chomhaontú maidir le Nuálaíocht ina leagtar amach an chaoi a n-oibríonn an dá chuideachta le chéile chun roghanna inmharthana teicneolaíochta a chur ar aghaidh ar bhealach réamhghníomhach.

Buaileann an Mheitheal Chomhpháirteach le chéile ar bhonn míosúil, agus coinníonn sí clár teicneolaíochtaí nua atá á meas (staidéir, suirbhéanna, trialacha, srl.) le cur san áireamh sa ‘bhosca uirlisí teicneolaíochta’. Déantar dul chun cinn a thomhas le measúnú comhaontaithe ar an TRL.

Táthar ag beartú príomh-gharspriocanna le haghaidh gach teicneolaíochta, agus tá faireachán á dhéanamh orthu. Tá nasc déanta ag CRU idir dul chun cinn ar thionscnaimh áirithe nuálaíochta leis an gcomhdhreasacht bhliantúil atá ar fáil don dá chuideachta mar a thugtar achoimre air i *Roinn 5: ‘An chaoi ar éirigh linn in aghaidh dreasachtaí seachadta tarchuir’*.

16. Feidhmíocht EirGrid i gcoibhneas le OCTanna comparadóra go hidirnáisiúnta

Áirítear leis an roinn seo measúnú tagarmharcála ar fheidhmíocht EirGrid i gcoibhneas leis na OCTanna ábhartha is fearr feidhmíocht ar bhonn idirnáisiúnta. I bhfianaise na saintréithe agus na ndúshlán atá sonrach do chóras tarchuir leictreachais na hÉireann, léirítear leis na torthaí tagarmharcála go bhfuil EirGrid trí chéile ag feidhmiú go maith i gcoibhneas lena chomparadóirí. Áirítear leis sin bheith i gceann feadhna ar chomhtháthú athnuaiteán eadrannach agus córas athléimneach á choinneáil agus an líonra tarchuir a fhorbairt.

16.1 Aidhmeanna agus cur chuige

Ba iad aidhmeanna an mheasúnaithe sin tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfeidhmíonn EirGrid i gcoibhneas le OCTanna eile, leis an dea-chleachtas a shainaithint agus limistéir feabhsaithe a shuí. Cuireadh feidhmíocht EirGrid i gcomparáid le OCTanna i naoi ndlínse na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) do na ceithre bliana is déanaí (2021-2024). I roinnt cásanna, de bharr infhaighteacht

sonraí nó le tuiscint a fháil ar threochtaí níos fadtéarmaí, bhreathnaíomar sonraí lasmuigh den raon sin.

Rinneadh machnamh sa mheasúnú ar fheidhmíocht iarbhír EirGrid in aghaidh fheidhmíocht iarbhír na gcuideachtaí comparadóra, ach níor tugadh san áireamh feidhmíocht na gcomparadóirí i gcoibhneas lena spriocanna agus/nó lena ndreasachtaí.

Rinneadh machnamh sa mheasúnú ar fheidhmíocht thar na trí phríomhlimistéar seo a leanas: (i) iontaofacht agus athléimneacht an chórais; (ii) aistriú an chórais fuinnimh a éascú; agus (iii) an líonra a fhorbairt (féach Tábla 28). ⁵⁵Roghnaíodh iad sin de bharr go gcomhfhreagraíonn siad do ghníomhaíochtaí líonra atá mar bhonn taca faoinár bpríomhchuspóirí agus ag a bhfuil Dreasachtaí Feidhmíochta comhbhainteacha leagtha amach ag CRU. Baineann tábhacht ar leith le héascú an aistrithe sa chóras fuinnimh le hanailís a dhéanamh, i bhfianaise go n-áirítear leis gníomhaíochtaí atá ina bhforbairtí cuibheasach nua in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, agus is féidir léargais a thabhairt maidir le haon chéim nuálach a dhéanann OCTanna eile.

I dtuarascáil na bliana seo úsáidtear na bearta feidhmíochta agus OCTanna comparadóra céanna agus a bhí ann anuraidh.

⁵⁵ I gcás inar féidir, d'fhoinsíomar sonraí don mheasúnú ó na OCTanna nó ó na láithreáin ghréasáin ábhartha. I gcás nár bh féidir é sin a chur i gcrích, d'fhoinsíomar sonraí ó pháipéir thaighde arna n-ullmhú ag comhlachtaí taighde ag a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta nó ó pháipéir eolaíochta a tháinig faoi réir piarmheasúnú dall dúbailte.

Cé gurb é EirGrid mar OCT is mó atá freagracht as na tomhais feidhmíochta laistigh de raon feidhm an mheasúnaithe, tá roinnt spleáchas le sonrú lenár gcomhpháirtithe soláthair freisin i limistéir áirithe. Áirítear orthu sin ÚST, Líonraí BSL, agus an OCD, Líonraí BSL CGA.

Tábla 28: Bearta feidhmíochta roghnaithe agus OCTanna comparadóra			
	Iontaofacht agus athléimneacht córais	Aistriú an chórais fuinnimh a éascú	An líonra a fhorbairt
Bearta feidhmíochta	SML Fuinneamh gan Soláthar (FGS) mar chion den fhuinneamh ídithe Diallas SF	Sciar d'athnuaiteáin sa mheascán giniúna Athnuaiteáin arna seoladh síos i gcoibhneas le sciar fuinnimh na gaoithe TNSC agus bearta eile um chobhsaíocht an chórais	Costais lochtanna in aghaidh an duine Tairiscintí nasctha in aghaidh an duine Líon laethanta éartha seirbhíse atá beartaithe in aghaidh an duine Bonneagar tarchuir a cheadú agus a fhuinnmhiú
OCTanna comparadóras⁵⁶	An Bhreatain Mhór An Nua-Shéalainn An Iodáil An Danmhairg An Astráil – An Tasmáin	California An Phortaingéil An Chipir Iosrael	
Rátáil	• A mhéad atá feidhmíocht faoi smacht OCT • Rátáil inchomparáideachta sonraí • Inchomparáideacht torthaí foriomlána		

56 Ó liosta fada dlínsí ECFE, roghnaíomar OCTanna comparadóra bunaithe ar inchomparáideacht na gcreataí institiúideacha agus rialála, chomh maith leis an infhaighteacht sonraí.

16.2 Achoimre ar na torthaí

Tugtar achoimre ar na torthaí sa tábla thíos. Le haghaidh gach réimse feidhmíochta, sannadh rátáil feidhmíochta as trí cinn, rud a léiríonn an chaoi a bhfeidhmíonn EirGrid i gcoibhneas le OCTanna comparadóra i rith na tréimhse breathnaithe. Is meán atá i ngach rátáil feidhmíochta ar na scóir a sannadh do na bearta bunúsacha sa réimse feidhmíochta sin.⁵⁷



Is léiriú é scór 3 go bhfuil dea-chleachtas seasmhach á léiriú ag EirGrid i measc ár gcomparadóirí breathnaithe sa tréimhse ama bhreathnaithe



Is léiriú é scór 2 go bhfuil EirGrid ag teacht den chuid is mó leis an bhfeidhmíocht airmheánach i measc ár gcomparadóirí breathnaithe sa tréimhse ama bhreathnaithe



Is léiriú é scór 1 go bhfuil feidhmíocht beagán níos láidre ag na comparadóirí breathnaithe ná EirGrid sa tréimhse ama bhreathnaithe.

Tábla 29: Achoimre ar na Torthaí Tagarmharcála


Réimse feidhmíochta	Beart	Inchomparáideacht torthaí ⁵⁸	Rátáil feidhmíochta (as trí)
Iontaofacht agus athléimneacht córais	SML	Baol mór	 (2.5, i gcoibhneas le 2.25 anuraidh)
	Fuinneamh gan Soláthar (FGS) mar chion den fhuinneamh ídithe	Baol mór	
	Diallas SF	Baol mór	
Aistriú an chórais fuinnimh	Sciar d'athnuaiteáin sa mheascán giniúna	Meánbhaol	 (2.5, i gcoibhneas le 2.5 anuraidh)
	Athnuaiteáin arna seoladh síos i gcoibhneas le sciar fuinnimh na gaoithe	Meánbhaol	
	TNSC agus bearta eile um chobhsaíocht an chórais	Baol Beag	
Forbairt líonraí	Costais lochtanna in aghaidh an duine	Meánbhaol	 (2.25, i gcoibhneas le 2.25 anuraidh)
	Tairiscintí nasctha in aghaidh an duine	Baol mór	
	Líon laethanta éartha seirbhíse atá beartaithe in aghaidh an duine	Meánbhaol	
	Bonneagar tarchuir a cheadú agus a fhuinnmhiú	Meánbhaol	

57 Ciallaíonn scór 3, ar an meán trasna na dtrí bheart feidhmíochta, gur thug EirGrid cruthúnas níos fearr ná 75% de na OCTanna. Ciallaíonn scór 2 ar an meán go ndearna EirGrid cruthúnas níos fearr ná 50% de na OCTanna. Ciallaíonn scór 1 nár thug EirGrid cruthúnas níos fearr ná ar a mhéad 25% de na OCTanna ar an meán.

58 Déantar difear d'inchomparáideacht na feidhmíochta trasna OCTanna le dhá phríomhfhachtóir – inchomparáideacht sonraí agus tionchar na dtosca seachtracha. Chruthaíomar “rátáil inchomparáide torthaí” chothrom d'ard, meánach nó íseal le haghaidh gach birt lena fháil amach an bhfuil na torthaí inchomparáide ar fud na OCTanna ar bhonn na dtosca sin. Ní mheastar sa rátáil feidhmíochta (sa cholún ar thaobh na láimhe deise) ach amháin bearta ag a bhfuil rátáil ard nó mheánach d'inchomparáideacht torthaí. Mar sin féin, fuarthas comhthéacs cuiditheach ó na bearta lenar bhain rátáil íseal inchomparáideachta.

In ainneoin na ndúshlán uathúil atá os comhair chóras tarchuir leictreachais na hÉireann, tá EirGrid ag feidhmiú go maith i gcoibhneas lena chomparadóirí. Tá an dara dul i bhfód is airde d'fhuinneamh gaoithe aige i measc na OCTanna breathnaithe, agus léiríonn sé leibhéil athnuaiteán seachadta síos (ASS)⁵⁹ atá inchomparáide leis an mBreatain Mhór le haghaidh sciarttha comhchosúla fuinnimh den ghaoth. Cé go bhfeictear leibhéil níos ísle RDD i measc roinnt OCTanna eile, amhail an Danmhairg agus California, tá cumas idirnasctha i bhfad níos airde le fáil sna dlínsí sin, chomh maith le rochtain ar chóras sioncronach níos mó ina bhfuil dlínsí ag a bhfuil dul i bhfód cuibheasach íseal ag athnuaiteáin eadrannacha.

Aibhsímid thíos na príomhbhearta ó gach limistéar feidhmíochta, ina dtugtar cuntas ar thuairimíocht maidir le feidhmíocht EirGrid agus ar na tosca mínitheacha tacúla.



Fíor 6: Cion ama a shuíonn SF laistigh de 50 ± 0.1 Hz (%), 2020-24

⁵⁹ Tagraítear le RDD don mhéid fuinnimh in-athnuaite atá ar fáil ach nach féidir a úsáid sa chóras, mar shampla de bharr srianta ar an líonra.

Ar deireadh, déanaimid machnamh ar roinnt de na dúshláin a bhaineann le comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht OCT go hidirnáisiúnta.

16.3 Iontaofacht agus athléimneacht córais

I measc na OCTanna a ndearnadh measúnú orthu, tá córais athléimneacha iontaofa ag gach ceann acu, ar léirigh EirGrid feidhmíocht chuibheasach láidir thar an tréimhse faoi thrácht.

I gcás SF, choimeádamar an mhinicíocht laistigh de raon caol 50 ± 0.1 Hz le haghaidh 99.67% de na heatraimh thaifeadta in 2020, agus cruthúnas níos fearr aige ná an Bhreatain Mhór agus an Tasmáin, i gcás inar leithne iad na gnáthbhandaí minicíochta oibriúcháin (GBMOnna) (féach 6).

In ainneoin laghdaithe imeallacha ar an athléimneacht idir 2020 agus 2022, tháinig ár bhfeidhmíocht aniar in 2023 agus arís in 2024, agus na leibhéil a baineadh amach in 2021 á sárú. Ó 2022 i leith, léiríomar athléimneacht níos mó ná ár gcomparadóirí.

I gcás SML, is iad na líonraí a úsáidtear le comparáid a dhéanamh an Tasmáin, an Bhreatain Mhór, an Nua-Shéalainn agus an Phortaingéil. Léiríonn gach líonra breathnaithe níos lú ná 0.4 SML idir 2020-2022, agus léiríonn gach ceann seachas an Tasmáin níos lú ná 0.15 SML sa tréimhse chéanna.


In 2023, léirigh an Nua-Shéalainn agus Éire méadú mór araon ar SML de bharr teagmhais ar leith. Sa Nua-Shéalainn, iarmhairtí Chioclón Gabrielle ar fhostáisiún ba chúis leis sin.⁶⁰ Ar ár líonra féin, méadaíodh SML mar thoradh ar theagmhas aonair an 25 Samhain 2023, ar fabht ag stáisiún Chongbhála 110 kV i Réigiún Mhaigh Eo Thuaidh ba chúis leis.

Tháinig éaradh seirbhíse ar an líonra dá bharr, agus bhain luach 4.4 SML leis an mbriseadh sa soláthar. Gan an t-imeacht sin, léireodh SML in 2023 feabhsú thar ár bhfeidhmíocht 2022.

Chonacthas méadú sa Phortaingéil freisin ar a SML in 2023. I measc na 240 teagmhas a chuaigh i bhfeidhm ar an Líonra Tarchuir Náisiúnta, chuaigh trí cinn (1.3%) i bhfeidhm ar an soláthar leictreachais, rud ba chúis le seacht mbriseadh d'fhad níos mó ná 3 nóiméad. Tháinig ENS iomlán 2,579.4 uair meigeavata an chloig (MWh) ó na bristí sin.



Choinnigh EirGrid minicíocht laistigh dár spriocbhandaí le haghaidh **98.87%** de na heatraimh thaifeadta in 2024



Fíor 7: Nóiméid Chaillte Chórais (NCC, 2020-24)

60 [Tuarascáil Chomhtháite Transpower FY23 \(static.transpower.co.nz\)](https://static.transpower.co.nz)

In 2024, léirigh gach comparadóir níos lú ná 0.4 SML, agus léirigh gach ceann seachas an Tasmáin níos lú ná 0.15 SML sa tréimhse chéanna. Chuaigh Stoirm Darragh i bhfeidhm ar an SML in Éirinn, rud a tharla i mí na Nollag 2024.

Mar achoimre, léiríomar feidhmíocht láidir SF le blianta beaga anuas. Cé is moite de chorrtheagmhas thiar in 2023, léiríomar feidhmíocht láidir le haghaidh SML agus Fuinneamh gan Freastal le blianta beaga anuas. Is den tábhacht é do EirGrid leanúint leis an díriú ar réitigh nuálacha a fhorbairt chun córas iontaofa athléimneach a choinneáil, de réir mar a bheidh tuilleadh athnuaiteán athraitheach á gcomhtháthú leis. D'fhéadfaí a áireamh leis sin méadú ar ghlacadh na dteicneolaíochtaí stórála fuinnimh, idirnascaidh níos fearr a éascú le margadh fuinnimh na hEorpa (atá ar siúl cheana féin tríd an Idirnascaire Ceilteach, atá á thógáil), agus comhoibriú leis an OCD ar bhearta amhail toilleadh na freagartha d'éileamh a mhéadú ar an líonra.

16.4 Aistriú an chórais fuinnimh

Is tasc suntasach ilghnéitheach é meastóireacht ar fheidhmíocht OCT chun an t-aistriú chuig eangach ghlan-nialasach a éascú, agus córais shlána athléimneacha á gcoinneáil ar bun. Is den tábhacht é comhdhéanamh na n-athnuaiteán faoi thrácht a chur san áireamh, i bhfianaise athraitheach náisiúnta agus réigiúnacha, rud a chiallaíonn go bhfuil méadracht feidhmíochta an-íogair i gcás na TSOanna is infheidhme. Mar sin féin, is féidir le comparáid a dhéanamh le feidhmíocht na OCTanna coibhéiseacha a bheith ina bharaimeadar úsáideach ar fheidhmíocht fhoriomlán agus is féidir léargais chomparáideacha luachmhara a fháil uathí.


Nuair a dhéantar comparáid idir OCTanna coibhéiseacha ECFE agus inchomparáide neamh-ECFE, tagann OCTanna comparadóra in ionad Sciar Fuinnimh In-athnuaite (FIF) na hÉireann (40.1%) ag a bhfuil FIF i bhfad níos airde amhail an Nua-Shéalainn, an Danmhairg, an Phortaingéil & an Tasmáin, ag a bhfuil sciartha athnuaiteán os cionn 60%.



Tháinig méadú ar ghiniúint gaoithe na hÉireann **17%** idir 2021 agus 2024

In ainneoin sciar níos ísle FIF i gcomparáid le OCTanna eile, chonaic Éire méaduithe suntasacha ina Giniúint In-athnuaite le déanaí, agus é ag freagairt

do 40.1% den leictreachas iomlán ídithe in 2024. Mar sin féin, is í giniúint ón ngaoth an limistéar ina bhfacthas an méid fáis is suntasaí (méadú 17% idir 2021 agus 2024).




Fíor 8: Meascán fuinnimh na hÉireann mar chéatadán den éileamh (%), 2024

Tá an dara dul i bhfód is airde ag Éirinn ar mhargadh an fhuinnimh gaoithe as gach OCT i gcomparáid a chéile. Sa bhreis air sin, léirítear sna torthaí gurb í an Danmhairg a ghnóthaíonn an sciar is airde gaoithe ar bhonn comhsheasmhach bunaithe ar ídiú, agus is ag Éirinn a bhíonn an dara sciar is airde. In 2024, bhí sciar na Danmhairge den ghaoth 31% ar talamh agus 28% amach ón gcósta⁶¹ agus bhí sciar na hÉireann go hiomlán ar talamh, seachas suiteáil bheag amháin amach ón gcósta.

D'fhone cumas an fhuinnimh gaoithe amach ón gcósta a shaothrú agus spriocanna FIF-L a bhaint amach, beidh an leictreachas amach ón gcósta ina chomhpháirt níos mó dár soláthar leictreachais sna blianta amach romhainn. Tá ról EirGrid mar OCT tar éis leathnú le bheith ina úinéir agus oibreoir ar an líonra tarchuir amach ón gcósta, agus bímid páirteach ar bhonn gníomhach leis an mbonneagar a fhorbairt is gá chun fuinneamh gaoithe amach ón gcósta a chomhtháthú leis an eangach náisiúnta.⁶²

⁶¹ [Energi data service: Energi Data Service | Tacair Sonraí | Táirgeadh in aghaidh an Bhardais](#)

⁶² [Todhchaí Fuinnimh Amach ón gCósta | Tionscadail | EirGrid](#)



Fíor 9: Sciar na gaoithe den fhuinneamh bunaithe ar ídiú (%), 2018-2024

I dTreochlár TLM de chuid EirGrid a shocraítear an sprioc agus na pleananna chun teorainneacha TNSC a mhéadú 95% faoi 2030. Tá dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas chun teorainneacha TNSC a mhéadú. I mí Aibreáin 2021, bogadh an córas cumhachta chuig beartas buanoibrithe córais ag TNSC 70% agus tosaíodh ar thriail leis an teorainn TNSC 75%. Lean an triail 75% isteach in 2022, agus tugadh chun críche go rathúil faoi dheireadh mhí an Mhárta 2022 í, nuair a d'éirigh teorainn 75% TNSC ina bheartas oibríochtúil. In 2024 rinne an OCT dul chun cinn ar staidéir féidearthachta chun teorainneacha TNSC a mhéadú chuig 80%. Tugadh na staidéir sin chun críche i mí na Nollag 2024, agus sainaithníodh príomhrioscaí córais óna dteastaíonn maolú sular féidir an triail a thosú.

Tá obair ar siúl faoi láthair chun measúnú a dhéanamh ar bhearta maolaithe roimh mhéaduithe TNSC amach anseo i gcomhréir le Treochlár TLM 1.1 EirGrid.⁶³

Tá EirGrid ag cruthú níos fearr ná OCTanna comparadóra i roinnt limistéar den aistriú. Tá an dara dul i bhfód is airde ag EirGrid ar mhargadh an fhuinnimh gaoithe as gach OCT i gcomparáid a chéile. Léiríonn EirGrid an dea-chleachtas idirnáisiúnta i bpróiseáil an mhéadaithe ar theorainneacha TNSC le himeacht ama. Is den tábhacht é a thabhairt dá aire go bhfuil córas EirGrid an-athléimneach freisin, agus go bhfuil sé i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, mar fhianaise ar ár gcumais chun córas slán athléimneach a choinneáil ar bun agus an t-aistriú chuig glan-nialas á éascú.

63 <https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/EirGrid-SONI-Operational-Policy-Roadmap-2025-2035.pdf>

16.5 Forbairt Líonraí

Tá ár **gcostais lochtanna** in aghaidh an duine le blianta beaga anuas inchomparáide a bheag nó a mhór lenár gcomparadóir sa Bhreatain Mhór. In 2024, tháinig laghdú ar ár gcostais lochtanna in aghaidh an duine ó leibhéil 2023 ó €75.8 go €60.4. Laghdaigh siad ag ráta níos tapa ná ár gcomparadóir sa Bhreatain Mhór. Thugamar cruthúnas láidir feidhmíochta in ainneoin comhthéacs dúshlánach, lena n-áirítear dul i bhfód ard na n-athnuaiteán agus na bhfoinsí neamhshioncronacha eile, corrlaigh chaola na giniúna, agus comhtháthú cuibheasach íseal le Margadh Leictreachais na hEorpa trí mheán idirnascairí.

Tháinig méadú ar líon ár dtairiscintí ceangail giniúna in aghaidh an duine idir 2020 agus 2024, in ainneoin titime in 2021. Tá méadú feicthe againn ar mhéid na mbaisceanna ceangail giniúna, rud a bhí mar spreagadh dár gcuid oibre i rith na bliana feidhmíochta. Níl sé sin réadaithe mar thairiscintí nasctha ar fad, rud a chiallaíonn go leanfaidh scála na dtairiscintí ceangail tarchuir den treocht in airde sna blianta amach romhainn.

De réir mar a thagann níos mó giniúint in-athnuaite athraitheach i bhfeidhm, beidh sé níos dúshlánaí costais lochtanna a bhainistiú. Chun an dúshlán sin a shárú, leanfaidh EirGrid de bheith ag éascú punann chothrom teicneolaíochtaí agus leanfaidh sé de bheith ag iarraidh an gréasán a fhorbairt maidir le naisc tarchuir réigiúnacha agus idirnascairí le gréasáin tarchuir eile araon.

Tá EirGrid ag freastal ar na riachtanais ghréasáin sin trí chlár forbairtí gréasáin pleanáilte. Léirítear é sin inár bhfeabhsú


ar fheidhmíocht laethanta éartha tarchuir pleanáilte in 2024, nuair a chríochnaíomar 88% den Chlár Éartha Tarchuir (TOP), i gcomparáid le 84% in 2023 agus ag sárú thairseach “láidir” an CRU de 75%. Ar scála níos mó, leanfaidh EirGrid de thacaíocht a thabhairt do chur in úsáid níos mó athnuaiteáin athraitheacha trí thoilleadh stórais a mhéadú ar an ngréasán agus tríd an Idirnascaire Ceilteach go dtí an Fhrainc.

Léirítear ár n-iarrachtaí chun freastal ar riachtanais ghréasáin níos mó inár bhfeidhmíocht maidir le bonneagar tarchuir a cheadú agus a fhuinnmhiú. Sheachadamar go comhsheasmhach i gcoinne spriocanna an CRU maidir le plean AP5 a chur i bhfeidhm go tráthúil. I gcoinne dhreasacht Phlean Infheistíochta agus Seachadta (IPD) an OCT, bhaineamar 63% de na tionscadail fhoriomlána amach i gcoinne na sprice in 2024, rud a chuir sinn faoin tairseach “Faoi bhun Inghlactha” de 70%. Mar sin féin, léiríonn an laghdú ar fheidhmíocht 2024 go príomha an modheolaíocht nuashonraithe CRU (féach Fonóta 20, [CRU2024120](#)), a tugadh isteach chun a chinntiú go léiríonn na torthaí stádas an tseachadta níos cruinne agus go soláthraíonn siad scór iomlán níos réadúla. Trí oibriú lenár gcomhpháirtí seachadta, Líonraí BSL, tá ciorcaid tarchuir bhreise curtha in úsáid againn go tapa (féach Fíor 10).



2024

Ghnóthaigh EirGrid laghdú ar chostais lochtanna in aghaidh an duine in 2024



Fíor 10: Meánathrú bliantúil ar fhad an chiorcaid tarchuir, 2019-24

16.6 Príomhthorthaí

Trí aghaidh a thabhairt ar roinnt dúshlán a bhaineann leis an gcóras ar dtús, tá EirGrid ag sainathint réiteach agus ag réiteach an bhealaigh do OCTanna eile in go leor réimsí.

Mar shampla, tá EirGrid chun tosaigh maidir le triail a dhéanamh ar theorainneacha TNSC níos airde agus maidir leis na teorainneacha méadaitheacha sin a aistriú i mbeartas oibríochtúil. Léirítear feidhmíocht EirGrid freisin trína chomhoibriú agus a chomhroinnt eolais leis na OCTanna eile is feidhmiúla tríd an gcuibhreannas um Chlaohlú Córas Cumhachta Domhanda (G-PST), agus tá EirGrid ar cheann de na OCTanna is bunaitheoirí as sin.⁶⁴

Trí chomhoibriú ar thaighde agus ar fhorbairt, trí dhea-chleachtas a roinnt agus trí athrú beartais a mholadh, tá ról tábhachtach ag cuibhreannas G-PST maidir le claohlú na hearnála leictreachais go todhchaí ísealcharbóin a bhrostú.

Leanann EirGrid de bheith ag feidhmiú go láidir i gcomparáid lena phiaraí agus tá sé tiomanta fós do luach a sholáthar do thomhaltóirí leictreachais. De réir mar a thagann an córas fuinnimh chun cinn, tá deis ann a chinntiú go leanfaidh spriocanna feidhmíochta de chastacht na hoibre atá i gceist agus an dul chun cinn atá bainte amach cheana féin a léiriú.

64 I measc na n-oibreoirí córais bunaidh eile tá National Grid ESO (An Bhreatain Mhór), Energinet (an Danmhairg), CAISO (California), AEMO (an Astráil) agus ERCOT (Texas).

Bíonn feabhsú bliain i ndiaidh bliana i gceist le roinnt spriocanna, fiú i gceantair ina bhfuil EirGrid ag feidhmiú ar ardleibhéal cheana féin. Mar shampla, braitheann méadú ar leibhéil TNSC ar chéimeanna teicniúla tábhachtacha a bheith curtha i gcrích, rud a chiallaíonn go dtarlaíonn dul chun cinn i gcéimeanna pleanáilte.

Ag féachaint chun cinn, beidh sé tábhachtach a chinntiú go ndéantar spriocanna a dhearadh chun tacú le dul chun cinn fiúntach agus go léireoidh siad luach iomlán na n-ionchur a bhíonn ag EirGrid. Áirítear leis sin aitheantas a thabhairt do na buntáistí a sheachadtar do thomhaltóirí agus a chinntiú go leanann dreasachtaí de nuálaíocht agus ardfheidhmíocht a spreagadh.



EirGrid

D'fheidhmigh EirGrid go láidir i gcomparáid le piraí i méadrachtaí éagsúla

17. Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

17.1 Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ag EirGrid

Tá sé ríthábhachtach go n-oibrímid go dlúth lenár bpáirtithe leasmhara chun a chinntiú go leanfaidh EirGrid de bheith ag tacú le dul chun cinn na hÉireann i dtreo todhchaí níos glaine agus níos inbhuanaithe.

Tá rannpháirteachas le páirtithe leasmhara mar chuid de straitéis chorparáideach EirGrid 2020-25 trí na spriocanna tacaíochta seo a leanas:

- 1) Ag obair le páirtithe leasmhara ar son athrú dearfach agus a bheith rannpháirteach le go mbeidh torthaí níos fearr ann do chách
- 2) Feabhas a chur ar an eangach agus ar an margadh uile-oileáin

Tá cáipéisíocht AP5 EirGrid maidir le rannpháirteachas le páirtithe leasmhara cuimsithe ar [shuíomh gréasáin EirGrid](#).

Tá rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe leasmhara dírithe ar a chinntiú go mbíonn an deis ag na daoine a mbíonn tionchar ag ár gcuid oibre orthu tionchar a imirt ar thoradh sula ndéantar cinneadh, agus iad ar an eolas faoi oibleagáidí rialála EirGrid ag an am céanna.

Tá punann páirtithe leasmhara as cuimse againn, ach déanaimid ár bpáirtithe leasmhara a chatagóiriú go ginearálta faoi na grúpaí seo a leanas: tionscal, sochaí, agus reachtúil agus Eorpach.

Rannpháirteachas leis an tionscal

Aithnímid go bhfuil ár bpáirtithe leasmhara ríthábhachtach chun 80% dár leictreachas a fháil ó fhoinsí in-athnuaite i gcomhréir le spriocanna an Rialtais agus astaíochtaí neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050.

Trí oibriú go dlúth le páirtithe leasmhara tábhachtacha amhail custaiméirí EirGrid, chomh maith le comhlachtaí ionadaíocha agus rannpháirtithe margaidh, tá sé mar aidhm ag EirGrid seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí agus do pháirtithe leasmhara eile sa tionscal laistigh dár srianta rialála.

Chun a chinntiú go ndéanaimid teagmháil rialta le páirtithe leasmhara tionscail agus go mbailímid aiseolas uathu, bainistímid líon suntasach bealaí straitéiseacha le haghaidh aiseolais agus rannpháirtíochta atá mionsonraithe i [dTuarascáil 2024 EirGrid ar Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara](#). Áirítear leis na bealaí straitéiseacha sin Comhairle Chomhairleach TLM, fóraim éagsúla thionscail, meithleacha, ceardlanna agus cruinnithe déthaobhacha, painéil athbhreithnithe, ionchuir shonracha i gclár oibre, tascfhórsaí agus Foireann Bainistíochta Cuntas EirGrid chomh maith.

Rannpháirtíocht shochaíoch

Sula ndéanaimid an eangach a fhorbairt nó a uasghrádú, déanaimid teagmháil le húinéirí talún, ionadaithe pobail, grúpaí leasmhara agus páirtithe leasmhara áitiúla chun tuiscint níos fearr a fháil ar a riachtanais agus ar an gceantar áitiúil araon, agus faisnéis á roinnt go tráthúil agus go hionchuimsitheach ag an am céanna.

Léirítear i [Straitéis Teagmhála Poiblí EirGrid](#) an chaoi a bhforbraímid caidrimh ar an talamh agus a bhfaighimid aiseolas ar thionscadail sula dtosaíonn siad ionas gur féidir linn torthaí níos fearr a bhaint amach do chách.

Mar chuid dár gcur chuige, úsáidimid próiseas comhsheasmhach sé chéim chun roghanna a fhiosrú agus cinntí a dhéanamh. Ciallaíonn sé sin go leanaimid na céimeanna céanna do gach tionscadal. Braitheann na huirlisí cinnteoireachta a úsáidimid, agus an méid rannpháirtíochta a dhéanaimid ag gach céim, ar scála agus ar chastacht gach tionscadail. De ghnáth, bíonn rannpháirteachas leis an bpobal, le pobail áitiúla agus le húinéirí talún ag tarlú le linn chéimeanna 3 agus 4, agus arís ag céimeanna 5 agus 6 tríd an scéim Ciste Sochair Pobail atá againn, agus is é sin an chaoi a dtugann EirGrid rud ar ais do na pobail a bhfuil tionchar ag ár gcuid oibre orthu.

Sa bhliain 2024, bhronn EirGrid €992,437 san iomlán ar 43 tionscadal pobail i Laois, Cill Chainnigh agus Oirthear Chorcaí. Tá maoiniú roinnte ina thrí shruth chun tacú le tionscadail ar fud na dtéamaí seo a leanas: pobal, inbhuanaitheacht agus bithéagsúlacht.

Tá ár bhFóraim Phobail ríthábhachtach i ndearadh ár straitéise sochair pobail do gach tionscadal nua agus tá ról lárnach acu maidir le riachtanais na gceantar a shainaithint. Cuidíonn an scéim le pobail a gceantar a chlaohlú agus a bheith níos inbhuanaithe, le deiseanna chun tacú le tionscnaimh fuinnimh i bpobail áitiúla, tionscadail feabhsúcháin bailte agus sráidbhailte agus tionscadail bhithéagsúlachta.

Rannpháirtíocht reachtúil agus Eorpach

Tugann EirGrid faoi chomhairliúchán gníomhach agus leanúnach leis an Rialtas agus le húdaráis rialála maidir le príomhbheartais agus príomh-shaincheisteanna straitéiseacha de réir mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht. Déantar é sin trí chomhfhreagras foirmiúil, rannpháirteachas déthaobhach agus rannpháirtíocht i meithleacha, i dtascfhórsaí agus i gcruinnithe. Bíonn EirGrid i dteagmháil freisin leis an Ríocht Aontaithe agus ar fud mhór-roinn na hEorpa le comhlachtaí amhail ENTSO-E agus Fóram Ostend chomh maith le Comhar Fuinnimh na Mara Thuaidh (NSEC) agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA).

Tá rannpháirteachas éifeachtach le páirtithe leasmhara ríthábhachtach chun go leanfaidh EirGrid ag ailíniú ar leibhéal Rialtais agus rialála, agus ag leibhéal Eorpach chomh maith, chun tacú le dul chun cinn leanúnach i dtreo ár n-uailmhianta comhroinnte maidir leis an aeráid. Go praiticiúil, beidh rannpháirteachas nach beag na bpáirtithe leasmhara le ranna Rialtais, SEAI, GNI agus an lucht acadúil i gceist le córas d'astaíochtaí neodrach ó thaobh carbóin de a fhorbairt agus a oibriú chun giniúint, stóráil agus soláthar foinsí fuinnimh in-athnuaite, amhail hidrigin ghlas, a chinneadh.


Chomh maith leis an méid thuas, rinneamar teagmháil dhlúth le OCTanna eile ar fud na hEorpa, ní hamháin chun críoch idirnasctha ach freisin chun léargais a roinnt agus nuálaíocht a chothú.

Ár bpáirtithe leasmhara a mhapáil

Creidimid gur gníomhaíocht dhinimiciúil í sainaithint ár bpáirtithe leasmhara nach mór dúinn a chur i gcrích go rialta chun na hathruithe leanúnacha a tharlaíonn san éiceachóras fuinnimh a ghabháil. Trí riachtanais, éilimh agus leasanna athraitheacha na bpáirtithe leasmhara a aithint, is féidir linn ár rannpháirtíochtaí a fheabhsú trí na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na bpáirtithe leasmhara. Chun ionchuimsitheacht a chur chun cinn, déanaimid an cleachtadh mapála sin ag leibhéal gráinneach, rud a chinntíonn go ngabhaimid ár bpáirtithe leasmhara uile.

Tá na páirtithe leasmhara a ndéanaimid teagmháil leo is minice liostaithe i [dTuarascáil 2024 EirGrid ar Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara](#).

Léiríonn Roth na bPáirtithe Leasmhara an raon páirtithe leasmhara a mbíonn EirGrid ag plé leo ar fud na sochaí, an tionscail agus comhlachtaí reachtúla.



Fíor 11: Roth na bPáirtithe Leasmhara de chuid EirGrid

Painéal na nGréasán maidir le Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara (NSEE)

Déanann Painéal NSEE, a thionólaí, an CRU, measúnú bliantúil ar fheidhmíocht EirGrid (mar OCT na hÉireann) i ndáil le Dreasacht AP5 um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara. Tá ionadaithe ón tionscal, ón saol acadúil agus páirtithe leasmhara níos leithne ar an bpainéal agus tá sé de chúram air cáilíocht, cur i bhfeidhm agus éifeachtúlacht straitéis EirGrid maidir le rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a mheasúnú go bliantúil. Is príomhghnéithe iad aiseolas agus moltaí Phainéal NSEE le breithniú agus muid ag leanúint orainn ag cur lenár straitéis agus lenár ngníomhaíochtaí rannpháirteachais le páirtithe leasmhara agus á neartú.

Sa bhliain 2024, bhronn Painéal NSEE scór 6.9 as 10 a d'fhéadfadh a fháil ar EirGrid as a ghníomhaíochtaí rannpháirteachais le páirtithe leasmhara in 2024.

Ár rannpháirteachas a fheabhsú

In 2024, chuir EirGrid feabhas mór ar ár [gcáipéisíocht rannpháirteachais le páirtithe leasmhara](#) mar fhreagra ar aiseolas ó phainéal NSEE. Áirítear lenár gcur chuige feabhsaithe:

- Béim i bhfad níos láidre ar ár straitéis rannpháirteachais chomh maith lenár dtorthaí beartaithe.
- Méadrachtaí do gach réimse - atá gafa againn mar chuid de thuarascáil NSEE 2024 dár gcuid.
- Chomh maith leis sin, chinntíomar go bhfoilseofaí ár bPlean um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara 2025 agus ár gCáipéis Freagartha Comhairliúcháin faoi seach níos luaithe, agus foilsíodh an dá cheann roimh dheireadh na bliana (19 Nollaig 2024 - mar fhreagra ar aiseolas an phainéil ar Thuarascáil Chríochnaithe Phainéal NSEE 2022).

Mar aitheantas ar ár gcuid oibre, thug na freagraí comhairliúcháin ar an bPlean um Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara 2025 de chuid EirGrid agus ar Thuarascáil EirGrid ar Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara 2024 aitheantas soiléir dár n-iarrachtaí suntasacha le cáipéisíocht EirGrid maidir le rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a athbheochan, agus táimid thar a bheith sásta leis an tacaíocht agus leis an aiseolas dearfach a fuarthas go dtí seo.

Chomh maith leis sin, choinnigh EirGrid béim láidir ar na tionscnaimh a tugadh chun solais i [dTuarascáil Chríochnaithe CRU202319 2022](#) an phainéil (foilsithe i mí na Samhna 2023) atá tugtha chun solais i [dTuarascáil EirGrid ar Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara 2024 agus i bPlean 2025 EirGrid](#).

17.2 Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara ag Líonraí BSL

Mar Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha, tá Líonraí BSL tiomanta d'oibriú go dlúth le EirGrid, an CRU, an tionscal leictreachais, custaiméirí, páirtithe leasmhara agus an tsochaí chun a chinntiú gur féidir leis an líonra leictreachais tacú le cuspóirí beartais náisiúnta agus todhchaí leictreachais ghlan na hÉireann a chumasú.

Tá rannpháirteachas le páirtithe leasmhara riachtanach chun ár ngnó a bhainistiú go rathúil agus tá an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí i gceannas air sin. Tá sé ríthábhachtach dár n-oibríochtaí laethúla agus is cuid bhunúsach dár straitéis é.

Soláthraíonn ár gclár rannpháirteachais le páirtithe leasmhara léargais thábhachtacha a chabhraíonn linn todhchaí ár ngnó agus forbairt an ghréasáin leictreachais a mhúnlú. Ligeann sé dúinn tosaíochtaí athraitheacha a rianú, leas a bhaint as eolas speisialaithe nó áitiúil agus tugann sé an deis dúinn tograí nó tionscnaimh a thástáil le páirtithe leasmhara. Cuidíonn sé linn freisin saincheisteanna agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus ár seirbhísí do chustaiméirí leictreachais a fheabhsú.

I gcás ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara, cuireann rannpháirteachas deiseanna ar fáil le hionchur a bheith acu maidir lenár dtionscadail agus cláir, a gcuid saincheisteanna a chur in iúl agus bonn eolais a chur faoin bpróiseas cinnteoireachta. Tugann sé tuiscint níos fearr do na grúpaí sin ar ár dtosaíochtaí, úinéireacht mhéadaithe ar thorthaí agus cumas níos mó chun páirt a ghlacadh sa chaoi a n-úsáidfear fuinneamh sa todhchaí.

I bhfianaise luas an athraithe san earnáil leictreachais, déanaimid ár gcur chuige maidir le rannpháirteachas a oiriúnú chun freastal ar na riachtanais atá ag bonn dinimiciúil agus éagsúil de pháirtithe leasmhara. Déanaimid athbhreithniú agus feabhsú leanúnach ar ár modheolaíocht rannpháirteachais agus déanaimid tagarmharcáil ar ár gcórais agus ár bpróisis i gcoinne an deachleachtais idirnáisiúnta sa réimse seo.

Foilsítear ár straitéis agus ár bpleananna um rannpháirteachas le páirtithe leasmhara go bliantúil agus is éard atá iontu ár dtosaíochtaí rannpháirteachais beartaithe, gníomhaíochtaí don bhliain amach romhainn agus bealaí rannpháirteachais.



Fíor 12: Straitéis Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara 2024⁶⁵

PATHWAYS TO ENGAGEMENT 2024 continued ESB Networks' planned meetings, working groups, events, and webinars for 2024			
PATHWAY TITLE	OBJECTIVE	MECHANISMS	TIMING
Price Review 6 Engagement	Discuss PR6 requirements with system users and policy makers who have key insights into how they expect and need the electricity system to support Irish social and economic development.	Expert insights meetings	Q1 to Q3 2024
	Reach out to our customers and stakeholders to share what we do today and discuss tomorrow.	Web-based survey and workshops	Q1 to Q3 2024
	Present options and ask customers' preferences. Web-based survey and information, sharing workshop materials.	Open workshops and forums	Q1 to Q3 2024
Innovation Conference	Sharing of information on our innovation activities and the dissemination of project learnings and outcomes.	Physical conference	Q4 2024
Distribution Code Review Panel (DCRP)	The Distribution Code is the set of rules that specifies the technical aspects and relationships between the DSO and all other users. The Distribution Code is kept under review and updated as required through the Distribution Code Review Panel (DCRP). The DCRP meets quarterly and is chaired and coordinated by ESB Networks as the DSO.	Quarterly meetings	Q1 to Q4 2024

Fíor 13: Plean 'Bealaí chuig an Rannpháirteachas' 2024⁶⁶


65 Straitéis Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara 2024
66 Plean 'Bealaí chuig an Rannpháirteachas' 2024

17.3 Ár Straitéis

Tacaíonn ár gclár rannpháirteachais le páirtithe leasmhara go díreach leis na cuspóirí atá leagtha amach inár Straitéis 'Networks for Net Zero' (a seoladh i mí Eanáir 2023). I gcaitheamh 2024, ba phríomhfhócas dúinn é forbairt agus foilsiú ár bPlean Gnó PR6, ina leagtar amach ár n-infheistíochtaí beartaithe sa ghréasán ó 2026 go 2030.

Leagtar amach ról Líonraí BSL i **Straitéis 'Networks for Net Zero'** maidir le cur i bhfeidhm príomhchuspóirí beartais náisiúnta a éascú, lena n-áirítear tithíocht, fás eacnamaíoch agus gníomhú ar son na haeráide. Leagtar amach ann ár n-uailmhian gréasán leictreachais atá ullamh le bheith glan-nialasach ó thaobh astaíochtaí de a sheachadadh faoi 2040 chun go mbeidh Éire in ann a sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí de a bhaint amach maidir le hastaíochtaí glan nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Ní bhainfear an t-aistriú chuig todhchaí ghlan-nialasach amach gan comhoibriú, rannpháirtíocht agus tacaíocht ghníomhach leanúnach ó chustaiméirí agus ó pháirtithe leasmhara.

Tá trí chuspóir straitéiseacha sainaitheanta ag Líonraí BSL, atá rithábhachtach chun córas iontaofa, athléimneach, glan-nialasach fuinnimh a sheachadadh d'Éirinn. Tá ár gclár rannpháirteachais ailínithe leis na cuspóirí seo, agus freagraíonn sé do riachtanais an Rialtais, an CRU, agus ár mbonn níos leithne de pháirtithe leasmhara ag tréimhse athraithe nach beag inár dtionscal.



Fíor 14: Straitéis 'Networks for Net Zero' - Seachadadh Tarchuir

Seachadadh Tarchuir

Is é Líonraí BSL úinéir ceadúnaithe na sócmhainní tarchurtha ar talamh (ÚST) in Éirinn. Mar an ÚST, tá Líonraí BSL freagrach as an ngréasán tarchuir a thógáil agus a chothabháil de réir na bpleananna infheistíochta caipitil agus oibríochtúla agus na gcinntí beartais a mhol EirGrid, an OCT. Tógann Líonraí BSL sócmhainní gréasáin agus ní mór do Líonraí BSL na sócmhainní sin a chothabháil i gcomhréir leis na beartais chothabhála atá leagtha amach ag an OCT. Tá an gréasán tarchuir ríthábhachtach chun soláthar leictreachais sábháilte, slán agus iontaofa a chinntiú do gach custaiméir leictreachais in Éirinn i bhfíor-am.

Buaicphointí Rannpháirtíochta ÚST 2024

Bhí rannpháirteachas le páirtithe leasmhara i gcaitheamh 2024 mar thacaíocht ag na príomhghníomhartha a leagamar amach inár Straitéis 'Networks for Net Zero' chun an gréasán tarchuir atá riachtanach do thodhchaí leictreachais ghlan na hÉireann a sheachadadh. Ar chuid de príomhéachtaí a fuair tacaíocht ó rannpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara a bhain le tarchur in 2024, bhí: JOTP EirGrid/Líonraí BSL, clár ilbhliantúil chun riachtanais éartha seirbhíse a íoslaghdú, infhaighteacht éartha seirbhíse a mhéadú, úsáid éartha seirbhíse a uasmhéadú agus éifeachtúlacht éartha

seirbhíse a fheabhsú. D'oibrigh foireann comhordaithe éartha cumhachta Líonraí BSL go fairsing lena gcomhghleacaithe in EirGrid chun gníomhartha a fhorbairt chun feabhas a chur ar an gcaoi a gcomhordaímid obair agus éarthaí seirbhíse ar an gcóras tarchuir. D'oibrigh EirGrid/Líonraí BSL go dlúth le chéile le linn 2024 chun creat infheistíochta ÚST/OCT PR6 atá beartaithe do PR6 a fhorbairt agus a chomhaontú. Tacaíonn sé sin le spriocanna beartais AE agus náisiúnta agus tugann aghaidh ar na torthaí straitéiseacha atá leagtha amach i bPáipéar Straitéise CRU PR6. Áirítear leis an gcreat ocht gcatagóir punainne infheistíochta agus áirítear leis seachadadh thart ar 231 tionscadal laistigh den tréimhse athbhreithnithe praghais chomh maith le hobair forbartha ar 138 tionscadal eile. D'oibrigh Líonraí BSL agus EirGrid le chéile chun próiseas rannpháirteachais a fhorbairt do thionscadail phíblíne a bunaíodh le EirGrid. Tharla rannpháirtíochtaí tríbhealaigh, EirGrid, custaiméirí agus Líonraí BSL, gach ráithe in 2024 le príomhchomhlachtaí tionscail (WEI, ISEA, ESI agus SEAI) chun a chinntiú go raibh tuiscint ar phróisis agus gur bhforbraíodh iad chun go mbainfí amach oibleagáidí ineachadta an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Trí rannpháirtíocht luath le forbróirí tionscadal giniúna in-athnuaite, thairg Líonraí BSL measúnú acmhainneachta tosaigh saor in aisce ar roghanna nasctha eangaí féideartha, rud a thug deis do chustaiméirí cinntí níos eolasaí a dhéanamh maidir lena rannpháirtíocht i bpróiseas an Bheartais um Cheangal Seasmhach (BCS). Ghlac Líonraí BSL páirt san Fhóram Pleanála Náisiúnta chun tacú leis an Acht Pleanála

nua agus treoirlínte náisiúnta á gceapadh chun tacú le Líonraí BSL agus leis an tionscal leictreachais.

D'eisigh Líonraí BSL freagraí foirmiúla ar dhá chomhairliúchán is fiche le páirtithe leasmhara á bhí á stiúradh go seachtrach in 2024. Cuireadh freagraí cuimsitheacha faoi bhráid comhairliúcháin faoi stiúir DCEE, CRU agus EirGrid, i measc cinn eile, rud a chuir bonn cuiditheach ar fáil le haghaidh tuilleadh rannpháirtíochta leis na páirtithe leasmhara uile.

Lean Líonraí BSL orthu ag plé le custaiméirí agus le páirtithe leasmhara chun tacú leis an bpróiseas BCS 2.4 chun tairiscintí nasctha a bharrfheabhsú.

Lean Líonraí BSL orthu ag obair go dlúth leis an OCT, EirGrid, chun struchtúir chomhoibrithe a fhorbairt agus a fheabhsú, lena dtabhairt chun cuntais i measc a chéile agus chun a chinntiú go bhfuil an gréasán tarchuir sábháilte, slán agus iontaofa. Ligeann sé sin dúinn freisin measúnú a dhéanamh ar aon dúshlán a thagann chun cinn agus aghaidh a thabhairt orthu i gcomhpháirt agus freastal ar riachtanais agus ionchais CRU, custaiméirí agus páirtithe leasmhara eile, chun spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide a bhaint amach.

Tá rannpháirtíocht leanúnach ríthábhachtach agus tá an dá eagraíocht tiomanta d'oibriú le chéile chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus chun sprioc na tíre maidir le bheith glan-nialasach ó thaobh astaíochtaí de faoi 2050 a thabhairt chun críche.

18. An chaoi a
ndéanaimid
faireachán ar
chaiteachas
i gcoinne
liúntais AP5

Gach cúig bliana, dearbhaíonn an CRU rialú praghsanna ioncaim maidir le EirGrid agus Líonraí BSL mar OCT agus ÚST don tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin. Leagann an rialú praghsanna amach an méid ioncaim a cheadaítear do na cuideachtaí a ghnóthú trí tharaifí. Tá na liúntais deartha chun a chinntiú go mbíonn ioncam leordhóthanach againn, ag EirGrid agus Líonraí BSL araon, chun ár ngníomhaíochtaí mar OCT agus ÚST faoi seach a dhéanamh agus luach a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara ar fad.

Ar mhaithe le luach a sholáthar dár gcustaiméirí ar bhealach níos éifeachtaí, cuireann an AP5 reatha níos mó béime ar thorthaí obair na gcuideachtaí gréasáin, agus ag an am céanna solúbthacht chun oiriúnú do riachtanais athraitheacha an chórais á tabhairt san áireamh.

Laistigh de na tréimhsí rialaithe praghsanna bíonn deis ann gach bliain do na cuideachtaí coigeartuithe a chur isteach sula socraítear taraifí. Déantar é sin chun a chinntiú go n-úsáidtear an fhaisnéis is cothroime le dáta atá ar fáil faoi láthair. Foilsíonn an CRU faisnéis nuashonraithe ar na hioncaim cheadaithe go bliantúil.

Tar éis gach bliana, déanann EirGrid agus Líonraí BSL athbhreithniú ar a raibh ag teastáil chun ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Bheadh aon athruithe ar chostais lasmuigh dár smacht díreach, nuashonruithe ar rátaí boilscithe agus íocaíochtaí dreasachta san áireamh sna nuashonruithe sin. Breathnaímid siar freisin ar an mbliain roimhe sin agus déanaimid comparáid idir an méid a cheadaigh an CRU le gnóthú i gcoinne an mhéid a ghnóthaíodh trí na taraifí sa bhliain sin. Aon ghnóthú airgid róbheag nó rómhór i gcoinne an mhéid a cheadaigh an CRU, cuirtear san áireamh i dtaraifí amach anseo é. Déantar é sin trí úsáid a bhaint as an meicníocht k-fhachtóir.

Gabhann an k-fhachtóir an difríocht idir an méid a bhí ag teastáil ón OCT agus ón ÚST chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh agus an méid a ghnóthaíodh trí na taraifí. Cuirtear an figiúr sin san áireamh ansin mar mhír líne i dtaraifí na bliana dár gcionn. Má bhí róghnóthú ann, rud a chiallaíonn go raibh an méid a ghnóthaíodh ní ba mhó ná mar a bhí ag teastáil, baintear an figiúr sin de liúntas ioncaim na bliana ina dhiaidh sin. Mar an gcéanna, má bhíonn tearcghnóthú ann, cuirtear an figiúr sin le liúntas ioncaim na bliana ina dhiaidh sin.

Féach thíos na táblaí ina leagtar amach k-fhachtóirí an ÚST agus an OCT do 2024, atá san áireamh sa liúntas ioncaim do 2026.

Tá an Creat Infheistíochta Sofhreagrúla (AIF) ar cheann de na príomhchodanna de chéim sheachadadh AP5. Tá sásraí sa Chreat Infheistíochta Sofhreagrúla chun rochtain a cheadú ar ioncam breise mar fhreagairt ar riachtanais athraitheacha an chórais leictreachais.

Áirítear leis na meicníochtaí is ábhartha maidir leis an OCT agus leis an ÚST:

- Meicníocht Éiginnteachta – iarratais ar ioncam breise a eascraíonn as riachtanais chórais atá sainaitheanta as an nua;
- Meicníocht Coigeartaithe um Chaiteachas Caipitiúil coinnithe ó Athbhreithniú Praghsanna a Ceathair (PR4) agus ceadaíonn sé don OCT agus don ÚST coigeartuithe a iarraidh ar an liúntas caipitil foriomlán um fhorbairt bonneagair;
- Meicníocht um Nuálaíocht agus Taighde agus Forbairt; agus
- Coiste Monatóireachta an OCT (TMC).

Bunaíodh an TMC go hoifigiúil i mí Feabhra 2024 agus d'éascaigh EirGrid cruinnithe an TMC i rith na bliana.

Tábla 30: Olltoradh ceadaithe ÚST 2024 agus an k-fhachtóir a leanann as			
	Liúntas AP5 don bhliain 2024 (<i>ex-ante</i>) €m	Liúntas Táirgeachta CRU don bhliain 2024 (<i>ex-post</i>) €m	Coigeartuithe 2024 €m
Costais faoi bhealach			
Tobhach rialála CRU	1.32	3.05	1.73
Rátaí údarás áitiúil	38.53	30.33	-8.20
Costais éiginnte: neamhchaipitlithe			
Úsáid bhreise a bhaint as córas (AUoS)	0.00	-0.46	-0.46
Costais Iniúchta AP5	0.00	0.00	0.00
Dreasachtaí	0.00	7.04	7.04
Ceartú boilscithe			-5.28
Costais éiginnte: caipitlithe			
Dímheas	--	--	--
Toradh	--	--	--
Coigeartú iomlán an k-fhachtóra (roimh ús) i bpraghsanna 2024			-5.17
K-Fhachtóir iomlán (tar éis úis) i bpraghsanna 2024			-5.49

Tábla 31: Olltoradh ceadaithe OCT 2024 agus an k-fhachtóir a thagann as		
Réimse caiteachais	Cinneadh Taraife CRU le haghaidh ioncaim 2024 €m	Costais iarbhir nuashonraithe ceadaithe ag CRU do 2024 €m
Gníomhaíochtaí ar tír		
<i>Costais Sheachtracha</i>		
Tobhach Rialála CRU	2.21	3.05
Costais ÚCD	8.67	9.11
Cúiteamh Idir-OCT	4.64	8.84
Seirbhísí Coimhdeacha	3.10	2.41
Seirbhísí Córais DS3	217.50	203.27
Síntiús CORESO	1.02	1.19
Slándáil an tSoláthair i mBaile Átha Cliath	12.50	11.70
Muirear ÚST	325.16	325.16
Líon Iomlán Seachtrach	574.80	564.73

<i>Idirnasc</i>		
Seirbhísí Idirnascaire	1.03	-0.74
Gnóthú Chostais an Idirnascaire Thoir-Thiar	-20.24	-20.24
Ullmhacht Greenlink	1.81	1.31
Ullmhacht don Idirnascaire Ceilteach	1.22	0.45
Costais Seirbhíse Fiachais agus Leachtachta an Idirnascaire Cheiltigh	10.63	9.52
Iomlán – Idirnasc	-5.55	-9.70

Réimse caiteachais	Cinneadh Taraife CRU le haghaidh ioncaim 2024 €m	Costais iarbhir nuashonraithe ceadaithe ag CRU do 2024 €m
<i>Ioncam Oibriúcháin OCT</i>		
Dímheas	15.84	15.66
Toradh ar Chaipiteal Oibre Chéim 1 (BSR Breise)	1.34	2.75
Toradh ar Chaipiteal Oibre Eile	8.41	9.05
Toradh ar shócmhainní seasta sa BSR (CapEx neamh-líonra)	2.01	1.99
OpEx Inmheánach	74.69	73.86
SMP	0.00	0.90
Díchumasc SONI ⁶⁷	0.00	0.00
Ioncam Iomlán Oibriúcháin	102.30	104.22

<i>Coigeartuithe Ceadaithe</i>		
Ráthaíochtaí Tionscnaimh	0.40	0.39
Táille Socraithe Sriantha	0.00	1.13
Coigeartuithe AP4	-1.80	-1.78
Talamh a Fháil	1.23	1.22
Caipiteal Scaoilte Chóras Margaidh OCT	0.00	0.88
Tionscadal maidir le Slándáil an tSoláthair	383.68	349.70
STÍC	3.75	0.00
NRAA	0.27	0.21
Gnáth-Shamhail Eangaí	0.48	0.16
STSC	5.15	1.04
Sceidealú agus Seoladh	4.22	3.08
Malartú Sriantha idir an OCT agus an ÚST ⁶⁸	0.00	0.00
Cibearshlándáil	0.00	0.09

67 D'iarr an OCT na costais €2.3m a bhain le díchumasc SONI in olltoradh k-fhachtóra 2024, ach ní bhfuair na costais sin aon liúntas.

68 D'iarr an OCT na costais €0.07m a bhain leis an malartú sonraí idir OCT agus an ÚST in olltoradh k-fhachtóra 2024, ach ní bhfuair na costais sin aon liúntas.

Réimse caiteachais	Cinneadh Taraife CRU le haghaidh ioncaim 2024 €m	Costais iarbhír nuashonraithe ceadaithe ag CRU do 2024 €m
Stóráil Fhadtéarmach Fuinnimh	0.00	0.14
Treoir maidir le Freagracht Chorparáideach	0.00	0.55
Airteagal 13.7 / CEP	0.00	24.56
Coigeartuithe Iomlána Ceadaithe	397.38	381.37

Dreasachtaí		2.85
Creat Lúfar Infheistíochta	0.09	0.04

Gníomhaíochtaí Amach ón gCósta		
Costais Sheachtracha		
Soláthar Seachtrach na dTionscadal Amach ón gCósta - Conradh agus Gníomhaireacht	9.28	4.33
Táillí Gairmiúla Sholáthar na dTionscadal Amach ón gCósta	2.23	4.07
Costais Iniúchta	0.02	0.00
OpEx TF	10.22	0.00

Ioncam Oibriúcháin OCT		
Dímheas	0.30	0.00
Toradh ar an BSR Amach ón gCósta	0.70	0.29
OpEx Amach ón gCósta - Párolla agus Pinsin	8.04	3.55

Líon Iomlán Amach ón gCósta	30.79	12.24
Ró-athghabháil agus Athghabháil neamhiomlán 2022	-73.40	-71.64
Iomlán	1,026.41	984.10
ÚCT a bailíodh	Neamhbhainteach	1,078.19
K-Fhachtóir		-94.08

18.1 Costais forbartha gréasáin

Mar chuid den rialú praghsanna ioncaim do AP5, leagann an CRU síos imchlúdach ioncaim chun forbairt na heangaí náisiúnta tarchuir a chlúdach. Tagraítear dó sin mar CapEx gréasáin, faoina ndéanann EirGrid agus Líonraí BSL a gclár oibre caipitil thar thréimhse cúig bliana. Is féidir an t-imchlúdach seo a mhionathrú, más gá, le linn na gcúig bliana chun freastal ar riachtanais athraitheacha fhorbairt na heangaí. Faightear na costais a bhaineann le forbairt na heangaí náisiúnta tarchuir ar ais thar thréimhse 50 bliain, ar aon dul le saolré ionchais sócmhainne an ghréasáin.

Is iad Líonraí BSL atá freagrach as socruithe maoinithe chun an eangach tarchuir náisiúnta (oibreacha caipitil gréasáin) a thógáil. Déanann EirGrid costais a thabhaíonn EirGrid mar chuid d'fhorbairt oibreacha caipitil gréasáin a ghnóthú ó Líonraí BSL sa deireadh.

Chinn an CRU i gCinneadh Deiridh AP5, [CRU/20/152](#), gurbh é €1,048m (Praghsanna 2019) an liúntas iomlán caiteachais caipitil gréasáin OCT agus ÚST don thréimhse AP5, agus leithdháileadh €210m (praghsanna 2024) de sin ar 2024. Is féidir teacht ar fhaisnéis bhreise faoi chinneadh deiridh AP5 [anseo](#).

Ní cheadaíonn an CRU tionscadail aonair. Déanann an CRU monatóireacht ar ár gcaiteachas iarbhír i gcoinne an imchlúdaigh fhoriomláin, agus cuirtear an t-airgead a shainaithníonn an CRU ar fáil trí na Taraifí Úsáide Córais rialáilte go bliantúil. Cuireann EirGrid agus Líonraí BSL tuarascálacha mionsonraithe faoi bhráid an CRU gach bliain ar ár

gcaiteachas gréasáin mar a cheanglaítear faoi na socruithe tuairiscithe feabhsaithe AP5.

D'fhorbair clár AP5 in 2024 de réir mar a críochnaíodh tionscadail, a tugadh chun cinn iad, a tugadh isteach iad, a ndearnadh athsceidealú orthu nó a baineadh iad. B'ionann an caiteachas rialála iomlán ar thionscadail chaipitil tarchuir do 2024 agus €221m, laghdú €14m i gcomparáid le 2023. Ba é €11m an difríocht idir olltoradh 2024 agus liúntas 2024 i gcinneadh AP5 (curtha in iúl in airgead ainmniúil 2024).

Táthar ag súil go méadófar ar sheachadadh Capex Gréasáin na mórtionscadal, agus dá bhrí sin ar threocht an chaiteachais, arís in 2025. Tá sé sin ar aon dul le réamhaisnéis EirGrid maidir le Punann Seachadta Gréasáin R4-2024⁶⁹ don bhliain atá fágtha in AP5, rud a thuar go mbeidh méadú ar sheachadadh comhpháirteach PAnna agus Elna.

Tá tuilleadh eolais faoi chaiteachas a bhaineann leis an ngréasán inár dTuarascáil PSI 2024.

Tugtar Caiteachas Caipitil ar an infheistíocht bhliantúil a dhéanann Líonraí BSL i sócmhainní tarchuir nua nó athchóirithe agus léirítear í i dTábla 32.

Tugann an infheistíocht chaipitil seo lúide dímheas bliantúil na sócmhainne glanluach na sócmhainní tarchuir nó mar is fearr aithne an Bonn Sócmhainní Rialáilte (RAB) a thaispeántar i dTábla 33.

69 [Foilseachán na Punainne Seachadta Gréasáin R4 2024](#)

Tagraítear do chaiteachas laethúil nach mbaineann le sócmhainní foirgnimh mar Chaiteachas Oibriúcháin nó Opex. Léirítear an Opex ÚST i dTábla 34.

Tábla 32: Caiteachas caipitil ÚST (ainmniúil)				
	AP5			
	2021 €m	2022 €m	2023 €m	2024 €m
Caiteachas caipitil comhlán	182	204	258	245
Ranníocaíochtaí custaiméara	(37)	(28)	(23)	(24)
Caiteachas rialála iomlán	145	176	235	221

Tábla 33: Bonn Sócmhainní Rialáilte ÚST (RAB) (ainmniúil)				
	AP5			
	2021 €m	2022 €m	2023 €m	2024 €m
Glanluach deiridh de réir na leabhar	2,663	2,713	3,272	3,432

Tábla 34: Caiteachas oibriúcháin ÚST (ainmniúil)				
	AP5			
	2021 €m	2022 €m	2023 €m	2024 €m
Oibríochtaí tarchuir	3	3	3.6	3.3
Cothabháil phleanáilte & lochtanna	18	23	26	27.5
Bainistíocht sócmhainní	1	1	0.1	0.1
Costais dorialaithe	33	29	32	33.4
Costais inrialaithe	14	12	9.6	13.2
Iomlán	69	68	71.3	77.5

19. Conas a chinntímid sábháilteacht

19.1 Sláinte agus sábháilteacht EirGrid

Tá EirGrid tiomanta do na caighdeáin is airde sláinte, sábháilteachta agus leasa a bhaint amach agus a choinneáil ar bun dá fhoireann uile agus d'aon duine eile a bhféadfadh ár ngníomhaíochtaí difear a dhéanamh dóibh, agus do chosaint an chomhshaoil.

Córas bainistíochta sláinte agus sábháilteachta EirGrid

Oibríonn EirGrid Córas Bainistíochta Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta (HS&E) bunaithe ar riachtanais an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Shábháilteacht agus Shláinte Cheirde: ISO45001:2018. Cuireann ár gCóras Bainistíochta HS&E ar ár gcumas rioscaí éagsúla a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí a mheas, don fhoireann agus do dhaoine eile a bhféadfadh tionchar a bheith orthu ag na gníomhaíochtaí seo, agus dóibh siúd don chomhshaoil; agus na rioscaí seo a chur i gcomhthéacs aon cheanglas dlíthiúil nó aon ceanglas ábhartha eile, rud a chinntíonn go bhfuil bearta coisctheacha agus rialaithe leordhóthanach agus go gcomhlíonann siad caighdeáin dea-chleachtais.

Tá sé mar aidhm ag EirGrid a chinntiú go ndéantar gach oibríocht agus gníomhaíocht i gcónaí ar bhealach a laghdaíonn na rioscaí sláinte, sábháilteachta agus leasa d'oibrithe agus do dhaoine eile a bhféadfadh ár ngníomhaíochtaí difear a dhéanamh dóibh. Tá EirGrid tiomanta do chomhlíonadh na gceanglas reachtúil agus na gceanglas ceadúnais OCT a bhaineann lena ghnó a chinntiú.

Nuashonrú sláinte agus sábháilteachta 2024

Choinnigh EirGrid Rialuithe Bainistíochta sábháilte i ndáil le Sláinte & Sábháilteacht agus baineadh amach iad sin go rathúil. Lean an monatóireacht réamhghníomhach (iniúchtaí agus cigireachtaí) de bheith ag soláthar deiseanna chun an córas agus feidhmíocht fhoriomlán HS&E a fheabhsú.

Ba gharsprioc mhór le linn na tréimhse seo an t-athdheimhniú rathúil le haghaidh creidiúnú ISO45001 agus ár n-iniúchadh teicniúil agus sábháilteachta ar OCT EirGrid gan aon neamhchomhréireachtaí a sainaithníodh ar aon tuarascáil iniúcháireachta seachtraí.

Tionscnaimh shláinte agus shábháilteachta 2024

I measc na bhforbairtí suntasacha in 2024 bhí:

- Cuireadh iniúchadh athdheimhniúcháin i gcrích go rathúil do chaighdeáin chreidiúnaithe ISO Sláinte & Sábháilteachta 45001 / 14001 maidir leis an gComhshaol gan aon torthaí.
- Chinntigh comhpháirtí straitéiseach Sláinte agus Sábháilteachta go raibh rochtain ag EirGrid i gcónaí ar scileanna agus ar chumas gairmiúil cothrom le dáta sa réimse saineolais seo.
- Rinneadh cláir Comhlíontachta Dlí a nuashonrú leis na ceanglais reachtaíochta is déanaí do gach dlínse i gcás EirGrid.
- Bhí conraitheoirí sibhialta ceaptha don stáisiún tiontaire agus don chonradh cábla ar an gcladach i gcéim thógála an tionscadail Cheiltigh, agus críochnaíodh iniúchtaí córais i ndáil leis na rialacháin tógála 2013.
- Bhí cruinnithe feidhmiúcháin rialta Líonraí BSL / EirGrid ar siúl mar aon le cruinnithe ráithiúla Sláinte agus Sábháilteachta chun saincheistean oibríochtúla a phlé ar mhaithe le comhroinnt faisnéise agus comhoibriú Sláinte agus Sábháilteachta.
- Cuireadh ardán oiliúna nua i bhfeidhm in 2024 chun gach deimhniú oiliúna a bhainistiú agus chun cabhrú le daoine dul i mbun oibre le Sláinte & Sábháilteacht ar fud EirGrid.

Réimsí Leictreacha agus Maighnéadacha (EMFanna)

Gintear réimsí leictreacha agus maighnéadacha nuair a shreabhann sruth leictreach. Cruthaítear EMFanna ó fhearaí leictreacha agus línte cumhachta a tháirgeann minicíocht rí-íseal sa speictream leictreamaighnéadach. Tar éis taighde, tomhais agus monatóireachta, is é an chomhthuiscint ó údarais sláinte agus rialála nach bhfuil EMFanna ina riosca sláinte. Mar sin féin, tá imní dháiríre ar roinnt daoine faoi na EMFanna a fhaightear in aice le línte agus cáblaí leictreachais. Míníonn faisnéis ar shuíomh gréasáin EirGrid [anseo](#) na fíricí faoi EMFanna, bunaithe ar fhaisnéis reatha ó ghníomhaireachtaí sláinte agus eolaíochta.

19.2 Sábháilteacht Líonraí BSL

Leanann sábháilteacht, sláinte agus folláine ár bhfoirne agus ár gconraitheoirí chomh maith leis na pobail agus na custaiméirí a bhfreastalaímid orthu de bheith ina bpríomhthosaíocht straitéiseach agus ina réimse fócais. Leagtar amach inár Straitéis Sábháilteachta ár n-intinn straitéiseach agus ár dtiomantas maidir le conas a choinnímid ár ngréasán sábháilte. Leagtar amach inti an chaoi a músclaímid feasacht faoin tábhacht a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus folláine i measc ár bhfoirne agus ár gconraitheoirí, chomh maith leis na contúirtí a bhaineann le teagmháil a dhéanamh lenár ngréasáin agus lenár dtrealamh leictreachais, nó a bheith gar dóibh, don phobal i gcoitinne. In 2024, leanamar orainn ag déanamh feabhsuithe ar fud na bpríomhréimsí

maidir le comhlíonadh sábháilteachta, rannpháirtíocht, cumarsáid, claochlú cultúir sábháilteachta, sábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht phoiblí, agus ag an am céanna chinntíomar go soláthraítear seirbhísí riachtanacha do na pobail a bhfreastalaímid orthu.

Bailíochtú seachtrach ar chóras bainistíochta sábháilteachta

De réir ár n-aidhme feabhas agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar ár gcumas agus ar ár leibhéil feidhmíochta i sábháilteacht, sláinte agus folláine, d'éirigh le Líonraí BSL a dheimhniú a choinneáil leis an gcaighdeán idirnáisiúnta ISO 45001 maidir le Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde in 2024. Fuarthas amach freisin go raibh Líonraí BSL i gcomhréir leis na coinníollacha sábháilteachta poiblí a leagtar amach i gceadúnais Úinéir an Chórais Dáilte, Oibreoir an Chórais Dáilte agus Úinéir an Chórais Tarchurtha arna n-eisiúint ag an CRU. D'aithin an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) an iarracht agus an tiomantas leanúnach atá riachtanach chun feabhsuithe sábháilteachta a chur chun cinn i gcónaí.

Slán & Sábháilte – Clár um Chlaochlú Cultúir Sábháilteachta

Le linn 2024, trínár gclár inmheánach 'Slán & Sábháilte', leanamar lenár dtiomantas cultúr sábháilteachta atá dearfach, réamhghníomhach agus rannpháirteach a chruthú agus a leabú san ionad oibre ina bhfuil sábháilteacht, sláinte agus folláine i gcroílár gach a ndéanaimid. Is clár claochlaithe cultúir

sábháilteachta atá dírithe ar an bhfostaí é Slán & Sábháilte atá bunaithe ar athrú dearcthaí agus tuiscintí i leith sábháilteachta, sláinte agus folláine. Is é cuspóir an chláir cultúr sábháilteachta den scoth atá bunaithe ar luachanna a fhorbairt agus a leabú, cultúr atá inbhuanaithe le himeacht ama, mar a labhraíonn daoine amach, a dtugann dúshlán do chleachtais neamhshábháilte, agus a nglacann freagracht as a sábháilteacht féin agus sábháilteacht daoine eile.

Struchtúr lárnach sa chlár claochlaithe cultúir Slán & Sábháilte is ea ár bhFoirne Ceannaireachta Slán & Sábháilte áitiúla agus réigiúnacha. Cuimsítear sna foirne sin trasghearradh den fhoireann áitiúil a bhfuil suim acu dul i ngleic le dúshláin chasta maidir le cultúr sábháilteachta agus ár gcultúr féin a fhorbairt. Tá thart ar 40 de na foirne cultúir sábháilteachta seo sin Líonraí BSL ag feidhmiú ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha, fheidhmiúla agus bainistíochta sinsearaí. Tiomáineann agus leabaíonn na foirne feabhsú ar chultúr sábháilteachta ag an leibhéal áitiúil agus is iad cnámh droma an chlaochlaithe ar chultúr sábháilteachta sa ghnó iad.

I rith 2024, díríodh go príomha ar an gcaoi a bhfoghlaímímid ón bhfaisnéis a sholáthraíonn ár ndaoine, bíodh sé sin ó thuairisciú ar Cheapadh Maith agus Neasteagmhas (*Good Catch and Near Miss*), ó anailís a dhéanamh ar theagmhais nó ó chruinnithe foirne mealltacha a chruthú inar féidir le daoine a gcuid eolais a roinnt go hoscailte agus go macánta. Bunaithe ar aiseolas ónár ndaoine, rinneadh ár bpróisis maidir le cruinnithe faisnéise foirne, imscrúdú

agus comhroinnt foghlama, agus rannpháirtíocht maidir le tuairisciú a athbhreithniú agus a fheabhsú.

Tá sé tábhachtach in aon turas cultúir sábháilteachta measúnú agus machnamh tréimhsiúil a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus i dtreo dheireadh 2024 thosaíomar ag déanamh athbhreithniú ar chultúr sábháilteachta. Déantar é sin trí shuirbhé caighdeánaithe ar chultúr sábháilteachta mar aon le grúpaí fócais chun sonraí cáilíochtúla a bhailiú. Cuirfidh an t-athbhreithniú eolas ar fáil maidir lenár gcéad chéimeanna eile i Sábháilteacht, Sláinte agus Folláine san eagraíocht.

Inniúlacht agus dearbhú

I gcomhréir lenár dtiomantas do shábháilteacht na foirne, na gconraitheoirí agus an phobail agus chun comhlíonadh na gcaighdeán a chinntiú, lean an fhoireann Inniúlachta & Dearbhaithe orthu ag déanamh iniúchtaí neamhspleácha ar fud príomhréimsí riosca do Líonraí BSL. Is iad seo a leanas príomhshnáitheanna an fhócais iniúchóireachta arna soláthar ag an bhfoireann:

- Measúnuithe Iompair Shábháilte
- Measúnuithe Inniúlachta

Tá leibhéal suntasach comhlíontachta feicthe againn i ngach ceann de na réimsí fócais bliain i ndiaidh bliana. Ceann de na príomhspreagthaí don fheabhsú sin ná úsáid iniúchtaí stíle aiseolais agus cóitseála ag an bhfoireann Inniúlachta & Dearbhaithe agus iad ag idirghníomhú le foireann tosaigh agus conraitheoirí formheasta Líonraí BSL.

Próisis sábháilteachta criticiúla

Leanamar ar aghaidh ag cur idirghabhálacha sábháilteachta poiblí criticiúla i bhfeidhm trí ‘Fógraí chun Obair a Stopadh’ a sheirbheáil nuair a tháinig foireann Líonraí BSL ar an eolas faoi obair neamhshábháilte in aice le líonraí leictreachais de gach voltas suas go dtí sócmhainní tarchuir agus iad san áireamh. Tá Aip Shoghluaiste le haghaidh ‘fógraí chun obair a stopadh’ leabaithe sa ghnó agus tugann sí deis don fhoireann na hidirghabhálacha sábháilteachta réamhghníomhacha seo a logáil go héasca agus a léiriú más rud é go gcaithfear fógra a thabhairt don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) i gcás inarb iomchuí.

Chuir an tseirbhís ‘Dialligh sula dtosaíonn tú ag tochailt’ léarscáileanna de na gréasáin lasnairde agus leictreachais ar fáil do chuideachtaí tógála chun tacú le comhlíonadh Chóid Chleachtais fhormheasta HSA i ndáil le leictreachas.

Oideachas poiblí agus feasacht

Tá ár gcustaiméirí i gcroílár gach a ndéanaimid, agus leanfaimid orainn ag iarraidh a sábháilteacht agus sábháilteacht na ndaoine a oibríonn ar an ngréasán leictreachais, nó a d’fhéadfadh teacht i ndlúth-theagmháil leis, a chinntiú. Tá sé riachtanach feasacht a mhéadú ar rioscaí sábháilteachta leictrí, agus leanann cláir oideachais agus feasachta sábháilteachta de bheith ina gcuspóir straitéiseach dár ngníomhaíochtaí sábháilteachta poiblí.

In 2024, leanamar orainn ag cur ár Straitéis Sábháilteachta Poiblí (2021 – 2025) i bhfeidhm, atá fréamhaithe i bpríomhchuspóir ár ngnó agus atá fós ina thosaíocht straitéiseach lárnach agus ina réimse fócais do Líonraí BSL.

Rinneamar ár bhfeachtas Sábháilteachta, ‘An bhfuil tú cinnte go bhfuil sé sábháilte?’, a reáchtáil arís chun leanúint le móiminteam ár dteachtaireachta sábháilteachta. Cuidíonn teachtaireachtaí simplí soiléire an fheachtais ‘An bhfuil tú cinnte go bhfuil sé sábháilte?’ agus ‘Fan Slán, Fan Amach’ leis an bpobal a spreagadh chun stopadh agus smaoineamh ar an mbaol nuair a bhíonn siad gar don ghréasán leictreachais. Lean an feachtas sin de bheith ábhartha dár bpríomhghrúpaí atá i mbaol ó bunaíodh in 2016 é.

Sa bhliain 2024, craoladh ár bhfógra sábháilteachta ar an teilifís, i bhfíseáin ar éileamh, raidió, fuaime dhigiteach, na meáin shóisialta, taispeántais, agus cuardach íoctha. Baineadh úsáid as cruthaitheacht Bhéarla agus Ghaeilge ar fhormhór na n-ardán. Tá ceithre phríomhchás riosca san áireamh inár bhfeachtas:

- tógálaithe ag baint úsáid as scafall in aice le sreanga lasnairde.
- daoine ag úsáid drón in aice le sreanga lasnairde.
- daoine ag crochadh bratacha agus stiallbhratacha ar chuailí leictreachais; agus
- teachtaireacht chineálach faoi sreanga tite.

D’fhan figiúirí feasachta don fheachtas ard. Ónár dtaighde, ba é 87% an meánleibhéal feasachta a bhí ar an bhfeachtas in 2024.

Lean bealaí meán sóisialta Líonraí BSL orthu ag díriú ar spriocphobail thábhachtacha atá i mbaol, agus teachtaireachtaí sábháilteachta i gcónaí dírithe ar ár bpríomhearnálacha atá ‘i mbaol’ (i.e. feirmeoireacht, tógáil, an pobal i gcoitinne, scoileanna).

Cuireann Líonraí BSL acmhainní oideachais maidir le sábháilteacht i mbunscoileanna chun cinn ar fud na tíre. Iarrann an comórtas bunscoile ‘Fan Slán, Fan Amach’ ar pháistí bunscoile póstaear ar a bhfuil leideanna sábháilteachta leictreachais a chruthú. Cuidíonn an comórtas seo le páistí bunscoile a oiliúint faoi conas fanacht sábháilte agus iad ag imirt amuigh faoin aer in aice le cuailí leictreachais agus sreanga lasnairde. Bhí rannpháirtíocht iontach sa chomórtas go dtí seo. Sa bhliain 2024, fuarthas 1,794 iontráil san iomlán ó 104 bunscoil. Bhí na scoileanna seo lonnaithe ar fud 23 contae, rud a chuir scaipeadh geografach den scoth ar fáil maidir le rannpháirtíocht. Sa bhliain 2024, cruthaíodh cluiche idirghníomhach do chuaipteanna scoile, e.g. le HSA chun leideanna sábháilteachta a mhúineadh do pháistí.

D’eisíomar roinnt preasráiteas ar ábhair ar nós sábháilteacht stoirme agus sreanga tite, sábháilteacht sa gheimhreadh, agus obair in aice le sreanga leictreachais. Thug sé sin deis dúinn dul i dteagmháil le spriocphobail mhóra tríd an raidió náisiúnta agus áitiúil araon. Cuirimid tuilleadh sonraí ar fáil thíos faoi thionscnaimh earnála sonracha a

bhaineann le feirmeoireacht, tógáil agus údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus seirbhísí éigeandála.

Mar chuid de thionscadal uasghrádaithe shuíomh gréasáin Sitefinity de chuid Líonraí BSL, rinneamar an rannán sábháilteachta ar shuíomh gréasáin Líonraí BSL a nuashonrú chun feabhas a chur ar an eispéireas úsáide agus chun ábhar a dhéanamh inrochtana do gach úsáideoir.

Sábháilteacht Feirme

Sa bhliain 2024, tríd an gcomhpháirtíocht atá againn leis an Irish Farmers Journal, chuireamar sé fhógra/alt fógraíochta lánleathanaigh amach a eisíodh chuig a léitheoirí ar líne agus as líne araon. Lean ár bhfíseáin fhaisnéiseacha a eisíodh le linn Sheachtain na Sábháilteachta Feirme 2024, mar aon le bealaí meán sóisialta Líonraí BSL féin, ag leathnú ár raoin feidhme i measc phobal feirmeoireachta na hÉireann. Mar shampla, sheachaid ár bhfeachtas fógraíochta digiteach Bealtaine-Iúil breis is 350,000 imprisean digiteach le meánráta cliceála de 0.13%. Mar thoradh ar ár bhfeachtas taispeána le Agriland, fuarthas breis is 2.5 milliún imprisean. Lean ár gcomhpháirtíocht 'Feirmeacha Teaghlaigh Sábháilte' leis an Irish Farmers Journal ar aghaidh ina deichiú bliain. In 2024, chun feasacht a mhúscailt maidir le sábháilteacht leictreach ar fheirmeacha, chuireamar leis an leabharlann físeán sábháilteachta feirme ginearálta, leathanaigh shábháilteachta rialta agus chruthaíomar fógraí sábháilteachta poiblí lánleathanaigh. Thugamar cainteanna sábháilteachta do choláistí Teagasc agus do Scoil

Talmhaíochta agus Eolaíochta Bia Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath mar chuid den tionscnamh 'Seaimpíní na Sábháilteachta', i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) agus FBD Insurance. Mar thoradh ar ár n-urraíocht ar phodchraoladh Farming News, lenar cuimsíodh seiceáil ainm an urraitheora sa réamhrá agus sa seoladh amach ón óstach, fógra 30 soicind i lár an rolla agus brandáil ar gach ábhar clóite agus digiteach, bhí 5,165 éisteoir ann. Rinneamar urraíocht ar chúig léiriú déag de Farm Tech Talk. Bhí Michael Murray, Bainisteoir Sábháilteachta Poiblí, le feiceáil mar ionadaí Líonraí BSL i gceithre chlár, ar éisteadh leis 6,211 uair agus ar breathnaíodh air 8,881 uair.

Sábháilteacht Tógála

Mar thoradh ar ár gcomhpháirtíocht leis an CIF, díríodh go mór ar leictreachas le linn 'Mí na Sábháilteachta Foirgníochta 2024', agus aithníodh agus cuireadh chun cinn an leictreachas mar cheann de na cúig phríomhríosca tógála trí phlé seimineáir gréasáin. Bhí an plé painéil sin faoi chathaoirleacht ár gcomhpháirtithe in CIF, agus bhí rannpháirtithe ó chomhlachtaí comhalta eile de CIF agus ó sholáthraithe fónais i láthair. In 2024, bhíomar le feiceáil i mBliainiris Construction Management Ireland agus in *Construction Magazine* CIF.

Údaráis Áitiúla, Gníomhaireachtaí Stáit agus Seirbhísí Éigeandála

Reáchtáladh seisiúin feasachta leictreachais do bhaill foirne oibríochtúla ar an líne thosaigh agus do chomhpháirtithe conarthacha Uisce Éireann agus údaráis áitiúla éagsúla le linn 2024. Chomh maith leis sin, reáchtáil Ionad Oiliúna Líonraí BSL seisiúin mheasúnaithe ar an leictreachas le Uisce Éireann agus leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun a leibhéil feasachta maidir leis na guaiseacha agus an riosca a bhaineann le bheith ag obair gar don ghréasán leictreachais a ardú.

Le linn 2024, tionóladh seisiúin sábháilteachta leictreachais freisin le gach ball foirne lasmuigh de chuid OPW agus forbraíodh modúl ríomhfhoghlama ar shábháilteacht leictreach i gcomhar le Coillte lena sheachadadh ar aghaidh chuig a gcomhpháirtithe conarthacha maidir le lománaíocht adhmaid.

Mar chuid dár dtiomantas chun dul i ngleic leis an earnáil seirbhísí éigeandála, chuireamar oiliúint feasachta ar fáil do thart ar 30 Ceannasaí Teagmhas Seirbhíse Dóiteáin nuacheaptha ag imeachtaí oiliúna náisiúnta i Sligeach agus i mBré, chomh maith le freastal ar imeachtaí oiliúna áitiúla eile. Lean Líonraí BSL orthu ag glacadh páirt i bhfóram gadaíochta miotail faoi stiúir an Gharda Síochána, a bhuail le chéile i rith na bliana chun faisnéis a roinnt agus freagairtí ar bhriseadh isteach agus gadaíocht miotail a chomhordú. Lean ár bhfoireann orthu ag soláthar seirbhís práinnfhreagartha den scoth i ngach cás, lena n-áirítear stoirmeacha móra, glaonna éigeandála ón bpobal agus ó na seirbhísí éigeandála eile.

20. Conas a bhainistímid ár lorg comhshaoil

20.1 Tionchar EirGrid ar an gcomhshaol a íoslaghdú

Bhí EirGrid ar cheann de na chéad chomhlachtaí stát-tionscanta a raibh ár measúnú ar lorg carbóin agus ár spriocanna laghdaithe bailíochtaithe ag an tionscnamh Spriocanna Bunaithe ar Eolaíocht (SBTanna) i mí an Mhárta 2022. Cuireann SBTanna bealach soiléir ar fáil do chuideachtaí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú, rud a chabhraíonn le cosc a chur ar na hiarmhairtí is measa a bhaineann le hathrú aeráide agus fás gnó inbhuanaithe a éascú.

Seo a leanas ár SBTanna:

- Geallann Grúpa EirGrid dearbh-astaíochtaí gás ceaptha teasa raon feidhme 1 agus 2 a laghdú 50% faoi 2030 ó bhonnbhliain 2019.
- Geallann Grúpa EirGrid freisin astaíochtaí gás ceaptha teasa raon feidhme 3 ó sheirbhísí cothromúcháin seolta a laghdú 35% in aghaidh an MWh d'éileamh foriomlán an chórais laistigh den tréimhse chéanna.
- Geallann Grúpa EirGrid freisin go laghdóidh sé gach dearbh-astaíocht eile gás ceaptha teasa de raon feidhme 3 de 30% faoi 2030 ó bhonnbhliain 2019.

Tá gealltanas tugtha ag Grúpa EirGrid freisin do na spriocanna carbóin seo a leanas don earnáil phoiblí faoi 2030:

- Feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh i gcomparáid le 2009.
- Laghdú dearbh-astaíochtaí 51% i gcomparáid le bonnlíne 2016-2018.
- Laghdú 51% ar astaíochtaí iontaise i gcomparáid le bonnlíne 2016-2018.

Áirítear le catagóirí Raon Feidhme 1, 2 agus 3 astaíochtaí díreacha agus indíreacha, is é sin dóchán soghluaiste, dóchán seasta, astaíochtaí éalaitheacha, leictreachas agus téamh ceannaithe, taisteal gnó, comaitéireacht fostaithe, earraí agus seirbhísí ceannaithe, earraí caipitil, gníomhaíochtaí a bhaineann le breosla agus fuinneamh agus dramhaíl.

Tá tuilleadh sonraí faoi dhul chun cinn EirGrid i gcoinne na spriocanna atá leagtha amach thuas san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil EirGrid 2024⁷⁰

Is é an tomhaltas leictreachais inár n-oifigí is cúis leis an gcuid is mó de na hastaíochtaí i Raon Feidhme 1 agus 2 – cé go ndearnamar roinnt feabhsuithe beaga mar gheall ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh inár n-oifigí, tá ár dtomhaltas foriomlán fós mar a chéile. Sa bhliain 2024, d'ídigh EirGrid 2,742.88 MWh de leictreachas agus 445.78 agus 113.61 MWh de ghás ceannaithe agus gás díreach, faoi seach, inár gceithre oifig móide láithreáin EWIC.

I rith 2024, lean EirGrid de thacaíocht a thabhairt do Gnó sa Phobal – Gealltanais Ísealcharbóin na hÉireann, ag gealladh go laghdófaí astaíochtaí Raon Feidhme 1 agus Raon Feidhme 2 agus go ndéanfaí monatóireacht agus tomhas ar astaíochtaí Raon Feidhme 3. Mar shínteoir ar an ngealltanais seo, táimid tiomanta d'ardán comhchoiteann chun an turas i dtreo laghdú astaíochtaí a rianú.

Tar éis próiseas athdheimhniúcháin rathúil in 2024, d'athchreidiúnaigh Gnó sa Phobal Éireann Grúpa EirGrid leis an Marc 'Gnó atá ag Obair go Freagrach' (BWR). Is caighdeán iniúchta neamhspleách é Marc BWR do Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach in Éirinn, a dheimhníonn sármhaitheas i gcleachtais ghnó fhreagracha agus inbhuanaithe. Is fianaise bhreise ar ár bpríomhspríoc é ár n-athdheimhniú ar an Marc agus tugann sé le fios ár seasamh i measc na gcuideachtaí ceannródaíocha atá tiomanta don inbhuanaitheacht.

Tá EirGrid tiomanta do thuairisciú bliantúil a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht i gcoinne gach colúin atá leagtha amach inár straitéis inbhuanaitheachta, lena n-áirítear feidhmíocht i gcoinne ár Spriocanna Bunaithe ar Eolaíocht. I mí an Mhárta 2023, rinne EirGrid a chéad aighneachtaí chuig Creat Gníomhaíochta Aeráide NewERA do Chomhlachtaí Státionscanta Tráchtála agus leanann sé á dhéanamh sin go bliantúil. Leagtar amach sa chreat seo ár ndul chun cinn i ndáil leis na tiomantais seo a leanas:

- Tiomantas 1: Rialachas Cuspóirí Gníomhaíochta Aeráide
- Tiomantas 2: Sprioc um Thomhas agus Laghdú Astaíochtaí
- Tiomantas 3: Luacháil Astaíochtaí i mBreithmheas Infheistíochta
- Tiomantas 4: Geilleagar Ciorclach agus Soláthar Glas
- Tiomantas 5: Nochtuithe a Bhaineann leis an Aeráid

In 2024, leanamar lenár n-ullmhúchán chun ár dtuairisciú inbhuanaitheachta a ailíniú le Treoir an AE maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht (TTCI). Mar gheall ar fhorbairtí le déanaí ar an Togra Omnibus⁷¹, beidh ar EirGrid tuairisciú faoin treoir seo anois ar bhliain airgeadais 2028. Ardóidh an treoir seo gach réimse dár gClár Inbhuanaitheachta, faoi na colúin Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachas.

In 2024, leanamar lenár dtacaíocht airgeadais don fheachtas 'Todhchaí ár bhFuinnimh' de chuid Cairde na Cruinne. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo plé agus machnaimh chuimsitheacha a éascú le pobail, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, grúpaí áitiúla agus páirtithe leasmhara eile.

Aithnímid go bhfuil freagracht orainn bainistíocht comhshaoil fhóna a léiriú agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn. Tá clár i bhfeidhm againn chun ár dtionchair chomhshaoil a bhainistiú go freagrach trí chuspóirí straitéiseacha a leagan síos go bliantúil agus déanfaimid iarracht dea-chleachtas a chur i bhfeidhm nuair is féidir. Leagaimid síos cuspóirí straitéiseacha gach bliain chun tacú

71 [Pacáiste Omnibus - An Coimisiún Eorpach](#)

leis an réimse ‘Caomhnú’ dár straitéis freagrachta sóisialta corparáidí. Is é ár nGealltanais Caomhnaithe: ‘Tá meas againn ar an gcomhshaol: Déanaimid ár ndícheall dea-chleachtas a bhaint amach i gcosaint an chomhshaoil agus an eangach á forbairt againn. Cuirimid ar chumas na heangaí méideanna leictreachais in-athnuaite atá ag fás i gcónaí a iompar. Déanaimid ár dtionchair chomhshaoil féin a bhainistiú go cúramach.

Is é ár ngealltanais ár ngníomhaíochtaí a dhéanamh ar bhealach atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de chun an comhshaol a chosaint ar dhíobháil agus ar dhíghrádú, truailliú a chosc, athchóiriú an dúlra a chur i gcrích agus feidhmíocht na gcóras bainistíochta a fheabhsú i gcónaí.

I gcomhthéacs an athraithe aeráide agus an gá atá ann an soláthar leictreachais a dhícharbónú, tá ról lárnach ag EirGrid maidir le hardleibhéil fuinnimh in-athnuaite a nascadh agus an eangach leictreachais a fhorbairt chun foinsí in-athnuaite a nascadh, i gcomhréir le spriocanna an AE agus an Rialtais. Tá EirGrid ag forbairt an Chórais Tarchuir agus aird chuí á tabhairt ar an gcomhshaol trí chleachtais chomhshaoil fhónta agus trí chomhlíonadh iomlán a chuid oibleagáidí comhshaoil.

Conas a bhainistíonn EirGrid a thionchar comhshaoil agus an eangach á phleanáil

Is cuid lárnach d’fhorbairt agus d’oibriú an chórais tarchurtha é meas a bheith ar an gcomhshaol. Bíonn idirghníomhaíocht ag bonneagar tarchuir leictreachais (línte lasnairde, cáblaí faoi thalamh, fostáisiúin) le go leor tosca comhshaoil lena n-áirítear bithéagsúlacht, tírdhreach agus oidhreacht chultúrtha.

Comhtháthaíonn ár bplean um chur chun feidhme na heangaí Straitéis Forbartha Eangaí na hÉireann, an Plean Forbartha Tarchurtha (PFT) ceadaithe is déanaí agus sainaithníonn sé beartais agus cuspóirí a threoraíonn forbairt inbhuanaithe eangaí agus a thiomáineann cosaint agus athchóiriú an dúlra, ar an gcladach agus amach ón gcósta. De réir dhlí na hEorpa agus an dlí Náisiúnta, déanaimid Measúnachtaí Straitéiseacha Timpeallachta (SEA) ar ár bpleananna um chur chun feidhme na heangaí gach cúig bliana agus Measúnú Cuí (AA) ar thionscadail. Déantar é sin chun a chinntiú go bhfuil ár gcur chuige maidir le forbairt na hEangaí inbhuanaithe agus i gcomhréir leis an dea-chleachtas comhshaoil.

Foilsíodh an Plean um Chur Chun Feidhme na hEangaí 2023-2028 i Meán Fómhair 2024⁷² mar aon leis an SEA⁷³. Tharla sé sin i ndiaidh próiseas comhairliúcháin fairsing a raibh Údaráis Chomhshaoil na hÉireann le haghaidh SEA, an pobal i gcoitinne agus raon leathan údarás poiblí, chomh maith le ranna Rialtais in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus sa Fhrainc, páirteach ann.

⁷² [Grid Implementation Plan 2023-2028.pdf](#)

⁷³ [Ráiteas SEA do Phlean EirGrid um Chur Chun Feidhme na hEangaí 2023-2028](#)

Idir na SEAnna gach cúig bliana, tá Tuarascáil Measúnaithe Comhshaoil (EAR) bhliantúil á cur amach ag EirGrid do gach PFT go stairiúil. Cinntíonn sé sin go bhfuil aon tionscadail nua i PFTanna, nach bhfuil faoi réir SEA, comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha comhshaoil an SEA. In 2023 agus 2024, níor táirgeadh aon EAR, ós rud é gur cuireadh SEA ar an PFT 2023, agus gur glacadh an Plean um Chur Chun Feidhme na hEangaí iarbhir in 2024.

Táimid ag forbairt ár gcur chuige maidir le monatóireacht agus measúnú comhshaoil le linn thimthriall 5 bliana ár bpleananna eangaí anois. Cuirfear ár Modheolaíocht Mhonatóireachta SEA in ionad an phróisis EAR, agus aird á tabhairt ar an oibleagáid reachtúil atá ar lucht déanta pleananna cur chun feidhme an phlean a mhonatóiriú faoi Threoir SEA 2001/42/CE.

Tá ár gcur chuige Faireacháin SEA bunaithe ar an bpróiseas EAR agus cuirfear ina áit é.

Áireofar sna sonraí ionchuir le haghaidh na gcéad anailísí monatóireachta SEA ar an bPlean um Chur Chun Feidhme na hEangaí 2023-2028 tionscadail bhreise in PFTanna a foilsíodh ó glacadh an Plean um Chur Chun Feidhme. Foilseoidimid sonraí Monatóireachta SEA don chéad dá bhliain de thimthriall phlean Eangaí IP 2023-2028 in 2025. Cuirfear san áireamh sna sonraí sin tionscadail nua a cuireadh leis in PFT 2024 agus PFT 2025 (a luaithe a fhoilseofar iad). Go suntasach, beidh feabhsuithe próisis riachtanacha, agus/nó réitigh chun aon bhearnaí sonraí a líonadh, ag gabháil leis na sonraí monatóireachta SEA.

Tá tuilleadh sonraí faoin SEA ar ár bPleananna um Chur Chun Feidhme na hEangaí, monatóireacht SEA agus doiciméid ghaolmhara foilsithe ar shuíomh gréasáin Ghrúpa EirGrid.

Ar leibhéal an tionscadail, tá gach tionscadal aonair faoi réir measúnacht chomhshaoil lasmuigh den phróiseas SEA. Tagann roinnt tionscadal faoi aicme na forbartha a bhfuil Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta (EIAR) ag teastáil ina leith. Sna cásanna sin, cuirimid Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta faoi bhráid an údaráis pleanála ábhartha. Cuireann EirGrid Tuarascáil neamhreachtúil um Bhreithnithe Pleanála agus Comhshaoil isteach, i gcás nach bhfuil gá le MTT.

Sa bhliain 2024, chuireamar dhá EIAR faoi bhráid an Bhoird Pleanála (Tionscadail Uasghrádaithe Eangach Oirthear na Mí-Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus Chill Dara-na Mí). Bhí plé substaintiúil réamhiarratais ag teastáil leis an mBord, le hÚdaráis Áitiúla, le Bonneagar Iompair Éireann (TII), agus le comhairlithe oidhreachta agus comhshaoil i gcás an dá EIAR chun a chinntiú go ndéileálfadh na EIARanna le haon imní a d'fhéadfadh a bheith ag na comhlachtaí agus chun tuairimí a shruthlíniú tar éis na haighneachta. Tharla líon mór rannpháirtíochtaí eile leis na húdaráis toilithe sin chun a chinntiú go raibh tuiscint shoiléir ann ar an ngá atá leis na forbairtí a bheartaítear, agus ar raon feidhme na bhforbairtí sin, chun conairí toilithe a chinneadh agus a chomhaontú, agus trí rannpháirtíocht réamhiarratais (nuair a éascaíodh é) chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheistanna

a shainaithin na húdaráis sin i raon feidhme agus in ábhar na n-iarratas pleanála ina dhiaidh sin.

In 2024, d'fhreastail EirGrid ar dhá chruinniú de chuid fóram nua le hInstitiúid Pleanála na hÉireann (IPI) chun ailíniú a lorg maidir le príomhábhair phleanála agus éiceolaíochta. Rinne Príomhchomhairleoir Pleanála EirGrid cur i láthair ag Comhdháil Náisiúnta IPI a dhírigh ar phleanáil inbhuanaithe, forbairt agus seachadadh bonneagair eangaí. Ag leanúint ar aghaidh ón rannpháirtíocht sin, tá EirGrid tar éis aontú cur le himeachtaí oiliúna agus le foilseacháin chomhpháirteacha leis an Institiúid Chairte um Éiceolaíocht agus Bainistiú an Chomhshaoil (CIEEM) agus leis an IPI chun comhlíonadh agus cleachtais inbhuanaithe an dá eagraíocht a chur chun cinn.

I gcomhréir le gealltanais bhithéagsúlachta na heagraíochta, chuir EirGrid tionscnaimh bhithéagsúlachta thábhachtacha chun cinn in 2024. Tá 8 mbeartas agus 5 chuspóir inár bPlean um Chur Chun Feidhme na hEangaí 2023-2028, a foilsíodh in 2024, a gheallann cosaint agus athchóiriú na bithéagsúlachta. Mar a tuairiscíodh inár dTuarascáil Bhliantúil 2024⁷⁴, in 2023-24, níor sheachadamar aon Ghlanachailteanas Gnáthóg ar 100% dár dtionscadail uasghrádaithe líne lasnairde (trína méadaímid acmhainn nó rátáil trealamh leictirigh), agus 100% dár dtionscadail stáisiúin. Chuaigh muid níos faide agus bhaineamar Glanghnóthachan Bithéagsúlachta amach ar cheann dár dtionscadail uasghrádaithe, agus ar cheann dár dtionscadail stáisiúin.

Chuidíomar le riosca imbhuailte éan a mhaolú le línte lasnairde atá ann cheana féin trí 'Atreodóirí Eitiltí Éan' (BFD) a athfheistiú ar 28 km de réisí línte lasnairde (go dtí 53.2 km san iomlán). Méadaíonn sé sin faoi níos mó ná trí oiread fad an athchóirithe amhail ó 2023. Chuir EirGrid 2,318 taifead éiceolaíoch faoi bhráid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta in 2023-24. Déanann sé sin níos mó ná méadú faoi dhó ar an líon a cuireadh isteach an bhliain roimhe sin. Aithníodh ár gcuid oibre ar bhithéagsúlacht in 2024 nuair a bhíomar ar na hiarrthóirí ceannais i gcatagóir 'Ceannaireacht Bithéagsúlachta sa Ghnó' de chuid na nGradam Gnó agus Airgeadais.

20.2 Tionchar Líonraí BSL ar an gcomhshaol a íoslaghdú

Ár dTionchar ar an gComhshaol a íoslaghdú

Ag Líonraí BSL táimid tiomanta dár ngnó a oibriú sa chaoi is gur féidir linn a bheith bródúil as ár bhfeidhmíocht chomhshaoil. Aithnímid go mbíonn tionchair chomhshaoil ag ár ngníomhaíochtaí agus go bhfuil freagracht orainn na tionchair sin a bhainistiú ar bhealach a gcuireann cosc ar thruailliú agus a soláthraíonn ardleibhéal cosanta don chomhshaol nádúrtha. Tá Ráiteas Beartais Líonraí BSL maidir leis an gComhshaol ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

Córas Bainistíochta Comhshaoil (EMS)

Ó 2010 i leith, tá Córas Bainistíochta Comhshaoil (EMS) in úsáid ag Líonraí BSL, a fuair deimhniú seachtrach as comhlíonadh Chaighdeán ISO 14001. Cuireann an EMS struchtúr i láthair a chuireann ar chumas Líonraí BSL guaiseacha comhshaoil a bhaineann lena ngníomhaíochtaí gnó a aithint, a mheas, tús áite a thabhairt dóibh, agus a láimhseáil go córasach. Cuimsíonn an EMS gach oibríocht, seirbhís agus próiseas de chuid Líonraí BSL a bhaineann le bainistiú an líonra leictreachais.

Le linn 2024, rinne Comhlacht Deimhniúcháin seachtrach iniúchadh faireachais amháin ar EMS Líonraí BSL, i gcoinne cheanglais Chaighdeán ISO 14001:2015. Rinne an t-iniúchadh faireachais sin sampláil ar raon leathan gníomhaíochtaí laistigh de raon feidhme dheimhniú Líonraí BSL. Níor shainaithin na hIniúcháirí aon neamhchomhréireachtaí móra le linn aon Iniúchtaí EMS in 2024. Leanann EMS Líonraí BSL de bheith [deimhnithe i gcomhréir le ISO 14001:2015](#).

Bainistiú an chomhshaoil le linn tógála

Is príomhbhreithniú é cur chuige inbhuanaitheachta i gcéim dheartha agus thógála ár dtionscadal uile. Tá sé sin i gcomhréir lenár ngealltanais AP5 a sheachadadh faoi 2025 agus i gcomhréir le Straitéis 'Gréasáin Ghlan-Nialasacha' de chuid Líonraí BSL. Tá Líonraí BSL tiomanta do sheachadadh tionscadail tráthúil agus éifeachtúil ó thaobh costais de a bhaint amach, in ainneoin na ndeacrachtaí atá ann maidir le pleanáil agus ceadú tionscadal. Chun na críche sin, tá feabhsuithe leanúnacha déanta ag Líonraí BSL agus chuaigh sé in oiriúint do dhúshláin an chomhshaoil chun cur i bhfeidhm rathúil an tionscadail a chinntiú.

Ag céim na pleanála agus an deartha do gach tionscadal, oibríonn foirne teicniúla ildisciplíneacha chun tionscadail agus modheolaíochtaí tógála atá oiriúnach don suíomh a fhorbairt d'fhonn naisc a sheachadadh do chustaiméirí, agus comhshaoil ghlacktha íogaire á gcosaint ag an am céanna. Cuirtear pacáistí tógála mionsonraithe, ina ngabhtar na ceanglais uile (e.g. toilithe pleanála), ar fáil dár gconraitheoirí seachtracha a bhfuil tábhacht níos mó ag baint leo i seachadadh an tionscadail. Tá tacaíocht tionscadail trí phróisis athbhreithnithe doiciméad (e.g., ionchuir i bPleananna um Bainistiú Comhshaoil Tógála, Pleananna Bainistíochta Tráchtá, Pleananna Bainistíochta Dramhaíola Acmhainní, etc.) ríthábhachtach chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais coinníollacha don chead pleanála. Déantar maoirseacht ar thionscadail tógála trí cheapadh speisialtóirí

amhail Comhordaitheoirí Comhshaoil, Éiceolaithe Tionscadail, Cléirigh Éiceolaíochta Oibreacha, Seandálaithe Tionscadail, etc.

Déanann na Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA) maoirseacht ar fhorfheidhmiú rialachán dramhaíola agus cinntíonn siad go láimhseáiltear dramhaíl tógála agus scartála i gceart ar an leibhéal náisiúnta. Nuair a iarrtar orthu, cuireann Líonraí BSL sonraí ar fáil do WERLA faoina ngnóthais tógála a d'fhéadfadh dramhaíl tógála agus scartála a tháirgeadh. Ansin, cuireann WERLA an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig oifigigh forfheidhmithe dramhaíola ó Údaráis Áitiúla ar fud na tíre, a dhéanann cigireachtaí chun a fhíorú go bhfuil dramhaíl agus ábhair á mbainistiú i gceart ag suíomhanna tógála. Tá an iarracht sin mar chuid de chur chuige straitéiseach chun dramhaíl tógála agus scartála a bhainistiú sa stát.

Monatóireacht comhshaoil leanúnach

Tá córas Rialaithe Maoirseachta agus Fála Sonraí (SCADA) ag Líonraí BSL a dhéanann monatóireacht leanúnach ar an ngréasán. Cuirtear lochtanna ar ár gcóras in iúl don fhoireann inár seomra rialaithe 24/7 i mBóthar Bhaile na Lobhar. Sa bhliain 2024, bhí ceithre sceitheadh infhógartha ag Líonraí BSL, arbh ionann iad agus 2,436 lítear san iomlán, a bhain leis an Líonra cáblaí líonta le sreabhán Tarchuir.

Sa bhliain 2024, astaíodh 55.4 kg de sulfar heicseafluairíde (SF6) mar gheall ar lochtanna trealaimh ar threalamh leictreach Tarchuir. Úsáidtear SF6 go coitianta i lascthrealamh ardvoltais Líonraí BSL ar an ngréasán Tarchuir. Úsáidtear é mar gheall ar a airíonna inslithe leictreachais an-ard a éascaíonn oibriú éifeachtach agus sábháilte an lascthrealaimh. Tuairiscítear rátaí astaíochtaí gás SF6 don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) go bliantúil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 166/2006. Tá treocht ann le roinnt blianta anuas maidir le laghdú comhsheasmhach ar sceitheadh, de réir mar a théann teicnící deisiúcháin chun feabhais agus de réir mar a dhéanaimid trealamh níos sine a athsholáthar.



24/7

Déantar lochtanna ar ár gcóras a chur in iúl don fhoireann inár seomra rialaithe 24/7

21. Acrainmneacha

AA	Measúnú Oiriúnachta	EBEG	Treoirlínte Comhshaoil
AIF	Creat Infheistíochta		Fianaisebhunaithe
	Sofhreachgrúla	ECFE	An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
BESS	Córais Stórála Fuinnimh Ceallra	BCS	Beartas um Cheangal Seasmhach
BFD	Atreodóir Eitiltí Éan	EI	Fuinnmhithe
BPRO	An Rogha Bealaigh is Fearr Feidhmíochta	EIA	Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol
BWR	Gnó atá ag Obair go Freagrach	EMFanna	Réimsí Leictreacha agus Réimsí Maighnéadacha
CA	Ceadú Caipitil	EMS	Córas Bainistíochta Comhshaoil
CAP	Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide	ENS	Fuinneamh Nár Soláthraíodh
CAP23	Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023	EPA	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
CapEx	Caiteachas Caipitil	EPON	Líonra Oifigeach Preasa Fuinnimh
CCMO	Oifig Bainistíochta Tráchtála agus Conarthaí	ESRI	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
CTÉ	Cumhacht is Teas in Éineacht	STSC	Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais
CIF	Cónaidhm Thionscal na Tógála	GB	An Bhreatain Mhór
CMMS	Córas Bainistíochta Cothabhála Ríomhairithe	GCT	Gás Ceaptha Teasa
CPP	Paraiméadair Thionscadail Thiomnaithe	G-PST	Claochlú Córas Cumhachta Domhanda
CRU	An Coimisiún um Rialáil Fóntais	HSA	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
TTCI	Treoir an AE maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht	HFO	Ola Bhreosla Throm
DASSA	Ceant Seirbhísí Córais Lá Roimh Ré	HS&E	Sláinte, Sábháilteacht agus an Comhshaol
DCEE	An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil	HVDC	Sruth Díreach Ardvoltais
AFD	Acmhainn Fuinnimh Dáilte	IA	Comhaontú Bonneagair
OCD	Oibreoir Córais Dáilte	IBR	Acmhainn Bunaithe ar Inbhéartóir
DSU	Aonad an Éilimh	PSI	Infheistíocht, Pleanáil agus Seachadadh
DTS	Brath Teochta Dáilte	IPI	Institiúid Pleanála na hÉireann
D-TUoS	Úsáid Tarchuir Éilimh an Chórais		
EAR	Tuarascáil Measúnaithe Comhshaoil		

JEERT	Foireann Chomhpháirteach Práinnfhreagartha Éigeandála Fuinnimh	PIPanna	Pleananna um Chur Chun Feidhme Tionscadail
JOTP	Clár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha	PMBOK	Comhlacht Eolais Bainistíochta Tionscadail
JPMO	Oifig Chomhpháirteach um Bainistíocht an Chláir	PMIS	Córas Faisnéise Bainistíochta Tionscadail
JSOP	An Clár Comhpháirteach um Oibreoir Córais	PMM	Modheolaíocht Bainistíochta Tionscadail
LEUnna	Mórusáideoirí Leictreachais	PMMO	Oifig Modheolaíochta Bainistíochta Tionscadail
LSoS	Daingneacht an tSoláthair Áitiúil	PMO	Oifig Bainistíochta Tionscadail
KPI	Príomhtháscaire Feidhmíochta	AP4	Athbhreithniú Praghsanna 4
MARA	Údarás Rialála Limistéir Mhuirí	AP5	Athbhreithniú Praghsanna 5
MEC	Uaschumas Easpórtála	AP6	Athbhreithniú Praghsanna 6
MUON	Íoslíon Gnáthaonad ar Líne	PSECP	An Plean Cumarsáide Éigeandála do Chórais Chumhachta
MVA	Aimpéir Mheigeavolta	PSI	Próiseas, Córais agus Faisnéis
MW	Meigeavata	PUD	Baile Átha Cliath a Chumhachtú
NDP	An Phunann Seachadta Gréasáin	RAB	Bonn Sócmhainní Rialála
NECC	An tIonad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí	RDD	Seoladh Anuas Athnuaiteán
NECG	An Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála	FIF	Foinse Fuinnimh In-athnuaite
ENRanna	Eagraíochtaí Neamhrialtasacha	FIF-L	Foinse Fuinnimh In-athnuaite – Leictreachas
NOF-Banna	Gnáthbhandaí minicíochta oibriúcháin	STLI	Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite
NSAI	An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann	RoCoF	Ráta Athraithe Minicíochta
NSEE	Meastóireacht ar Rannpháirteacht le Páirtithe Leasmhara ag Líonraí BSL	RTÉ	Réseau de Transport d'Électricité
OLCM	Monatóireacht ar Riocht Ar Líne	SAPanna	Pleananna Oiriúnaithe Earnálacha
OPW	Oifig na nOibreacha Poiblí	SCADA	Rialú Maoirseachta agus Fáil Sonraí
STILAC	Scéim Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite Amach ón gCósta	SEA	Measúnachtaí Straitéiseacha Timpeallachta
P&S	Pleanáil & Sceidealú	SEM	Margadh Aonair Leictreachais
PA	Comhaontú Tionscadail	SEMO	Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair

SF	Minicíocht Córais
SF6	Sulfar Heicseafluairíde
SML	Nóiméid an Chórais Caillte
SNOAM	Meicníocht Coigeartaithe Éartha Seirbhíse Gearrfhógra
TNSC	Treá Neamhshioncronach Córais
TLM	Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú
SONna	Oibreoirí Córais
STAT- COM	Cúititheoir Sioncronach Statach
ÚST	Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha
TCG	Grúpa Sriantha Tarchuir
PFT	Plean Forbartha Tarchurtha
TEG	Giniúint Éigeandála Shealadach
TLA	Measúnú ar an Líne Tharchuir
TLAF- anna	Fachtóirí Coigeartaithe Caillteanais Tarchurtha
TMC	Coiste Monatóireachta an OCT
TOP	Clár Éartha Tarchuir
TOP24	Clár Éartha Tarchuir 2024
TOP25	Clár Éartha Tarchuir 2025
ToR	Téarmaí Tagartha
TRL	Leibhéal Ullmhachta Teicneolaíochta
OCT	Oibreoir Córais Tarchuir
TSSPS	Caighdeán Daingneachta agus Pleanála Córais Tarchuir
RF	Rialtóir Fónais
WERLA	Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola

Conas dul i dteagmháil linn

Cuirimid fáilte roimh aon aiseolas maidir leis an bhfaisnéis a leagtar amach sa leabhrán seo agus aon fhaisnéis bhreise ba mhaith leat a bheith curtha le leaganacha amach anseo.

Téigh i dteagmháil lenár bhFoirne um Chaidreamh le Custaiméirí ag:
info@eirgrid.com
esbnetworks@esb.ie





The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin,
Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath
D04 FW28, Éire
+353 (0) 1 627 1700 | eirgrid.ie



NETWORKS

Three Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir,
Baile Átha Cliath 3, D03 R583, Éire
esbnetworks.ie